

I dTreo
Lánbhainistíocht
Scoileanna
Fraincise
i dTimpeallacht
Mhionlaigh



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

www.cogg.ie

I dTreo Lánbhainistíocht Scoileanna Fraincise i dTimpeallacht Mhionlaigh

**Staidéar curtha i láthair ag Daniel
Bourgeois, taighdeoir don Fédération
nationale des conseils scolaires
francophones Institut canadien de
recherche sur les minorités linguistiques**

**The Canadian Institute for Research
on Linguistic Minorities**

**Staidéar ar Riachtanais an Tríocha
Comhairle Scoile Fraincise i
dTimpeallacht Mhionlaigh i gCeanada**

Gluais: giorrúcháin agus téarmaí

CSF:	Conseils Scolaires Francophones
PLOE:	Programme des langues officielles en enseignement (Clár na dteangacha oifigiúla san oideachas)
eiseaghamach:	pósadh taobh amuigh den treibh nó den ghrúpa sóisialta nó den phobal teanga.
un droit de regarde:	tá ceart ann fiosrú an bhfuil rudaí ag feidhmiú mar ba chóir dóibh a bheith

Achoimre

Déantar cur síos agus anailís sa tuarascáil seo ar phríomhriachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta an tríocha comhairle scoile a fheidhmíonn ar son na gcainteoirí Fraincise sna naoi gcúige agus trí chríoch ina bhfuil tromlach cainteoirí Béarla. Díríonn na riachtanais seo ar thrí chuspóir. Ar dtús, an dlí-eolaíocht atá ag baint le Airteagal 23 den *Charte canadienne des droits et libertés* a aistriú i ngníomhaíochtaí riaracháin nithiúla agus laethúla chun lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh i gCeanada a chur i bhfeidhm. Sa dara cás, a cheadú do na tuismitheoirí, do na pobail agus do chomhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise (CSF: *Conseils Scolaires Francophones*) forbairt a dhéanamh le chéile ar, agus críoch a chur leis an tionscadal a chuirfeadh ar a gcumas, lánbhainistíocht a gcuid scoileanna – na hinstiúidí is tábhachtaí i scaipeadh a dteanga agus a gcultúr – a bhaint amach. Agus, ar deireadh, an bealach a réiteach le go mbeadh próiseas comhairliúcháin tripháirteach ann idir an Rialtas Feidearálach, na hAireachtaí Oideachais agus comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise leis an aidhm lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh a bhaint amach.

Tá an tuarascáil seo roinnte ina dhá chuid. Míníonn an chéad chuid an comhthéacs stairiúil agus polaitiúil taobh thiar d'Airteagal 23 agus an dlí-eolaíocht a bhaineann leis ó 1982 i leith. Déanann an dara cuid leagan amach agus anailís ar na riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta atá le comhlíonadh sular féidir lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise a bhaint amach. Sainaithnítear agus cuirtear béim ar an gcaoga riachtanas is tábhachtaí atá ag na comhairlí (CSFanna) agus déantar a n-éilimh a chosaint i dtaca leis an dlí-eolaíocht sin.

Tá aon phrionsabal déag sa dlí-eolaíocht seo. Is féidir an t-aon phrionsabal déag sin a roinnt i gceithre rannóg. Is féidir an rannóg pholaitiúil a shainmhíniú sna téarmaí seo a leanas: éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart, rud ba chúis le meath daonra an mhionlaigh, agus comhionannas

an dá phobal theangeolaíocha a chinntiú san am le teacht trí fhéinbhainistíocht na scoileanna mionlaigh agus bearta dearfacha cúigí ar leith a chur i bhfeidhm. Tá ceithre phrionsabal dhlíthiúla i gceist sa rannóg pholaitiúil:

- Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an mhionlaigh
- Comhionannas an dá phobal theangeolaíocha oifigiúla a chinntiú
- Na comhairlí scoile a bhunú mar aicme “rialtais” ar leith
- Dualgais dhearfacha a bheith ag Rialtais na gCúigí

Is féidir an Rannóg Pobail a shainmhíniú sna téarmaí seo a leanas: bunú scoileanna Fraincise mar ghléasanna d'fhorbairt an phobail Fraincise. Tá dhá phrionsabal dhlíthiúla i gceist sa rannóg seo:

- Scoileanna ar leith do chainteoirí Fraincise a bhunú
- Scoileanna a bheith ina lárionaid chultúrtha do chainteoirí Fraincise

Is féidir an Rannóg Oideolaíoch a shainmhíniú sna téarmaí seo a leanas:

- Cláir scolaíochta a bhunú a fhreagraíonn do riachtanais an mhionlaigh. Tá trí phrionsabal dhlíthiúla i gceist sa rannóg seo:
- Sainaithint na riachtanas atá ag pobal na gcainteoirí Fraincise
- Cláir scolaíochta de réir riachtanas an mhionlaigh a bhunú
- Comhionannas na dtorthaí

Ar deireadh, is féidir an Rannóg Riaracháin a shainmhíniú de réir bainistíocht na n-acmhainní airgeadais, ábhartha agus daonna. Tá dhá phrionsabal dhlíthiúla i gceist sa rannóg seo:

- Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir na riachtanas
- Tá seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha ag na CSFanna

Is féidir daichead a naoi de na caoga riachtanas áirithe sainaitheanta ag an tríocha CSF le linn an taighde a chosaint de réir ceann amháin nó roinnt de na prionsabail dhlíthiúla. Ar an dóigh sin, níl gá le tosaíocht a thabhairt d'aon cheann de na

riachtanais. Mar sin féin, tá béim curtha ag na CSFanna ar na trí riachtanas déag seo a leanas:

- Tógáil scoileanna nua
- Athchóiriú agus deisiú scoileanna atá ann cheana féin
- Nósanna Francacha a spreagadh sula dtosaíonn na daltaí ar scoil
- Cláir chun inniúlacht theangeolaíoch na ndaltaí a thabhairt suas chun dáta
- Cláir eolais, thacaíochta, thionlacain do na tuismitheoirí eiseaghamacha
- Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí
- Cláir dara leibhéal
- Earcú pearsanra teagaisc rialta
- Earcú sainphearsanra teagaisc
- Earcú pearsanra riaracháin
- Sainseirbhísí as Fraincis
- Cur chun cinn na Scoile Fraincise
- Sainaitheantais/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu (les ayants droits) (Féach lch 19)

Ar a bharr sin, cuireadh béim le linn an taighde ar phrionsabal dlíthiúil an phobail, “*scoileanna mar lárionaid chultúrtha do na cainteoirí Fraincise*”, toisc gur theastaigh ó na CSFanna tuiscint na n-eagraíochtaí eile sa phobal maidir le feidhm na scoileanna agus na CSFanna i bhforbairt an phobail Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh a ardú. Leagann ár dtuarascáil amach sna ceithre ráiteas seo a leanas torthaí na gcomhairliúcháin a rinneadh le daichead a naoi de chomhlacht pobail:

1. Tá súil ag na heagraíochtaí seo go mbeidh ról níos gnóthaí ag na CSFanna i bhforbairt ilréimseach pobail na gcainteoirí Fraincise lena mbaineann siad agus go mór mór sna pobail ina bhfuil an scoil mar phríomhinstiúid ag na cainteoirí Fraincise.
2. Ba chóir go gcomhlíonfaí an ról seo ag comhoibriú le heagraíochtaí eile an phobail; níor chóir go gcomhlíonfaí é go leithleasach nó le haimhleas aon iarracht atá i bhfeidhm cheana féin.
3. Ba chóir do na CSFanna páirt a ghlacadh i bhforbairt an phobail:
 - An pobal a spreagadh
 - Comhtháthú na n-ealaíon agus an chultúir sa chlár scolaíochta

- Feidhmiú mar ghníomhaireacht eolais agus cumarsáide
- Feidhmiú mar theagascóir don phobal
- A gcuid ionad a roinnt leis an bpobal
- Na gasúir óga a imeascadh sa chóras oideachais

4. Chun na CSFanna a imeascadh i bhforbairt an phobail, ní mór:

- Ról na CSFanna agus na n-eagraíochtaí eile a dheimhniú
- Comhoibriú le chéile trí thionscadail nithiúla
- Pleananna agus gníomhaíochtaí bainteach le dul chun cinn an phobail a imeascadh
- Teacht ar chomhdhearcadh dearfach maidir le glacadh na mbeart is gá
- Cruinniú le chéile ar bhonn rialta agus foirmeálta
- A chinntiú go gcuireann bainistíocht na n-eagraíochtaí béim ar chaidreamh cómhalmartach
- Struchtúir chaidrimh oideachais a bhunú i ngach ceantar scoile
- Uasmhéid na ndaoine a bhfuil cearta acu a earcú, agus go mór mór na tuismitheoirí eiseaghamacha
- Gach gné den oideachas (réamhscoile, bunscoile, meánscoile) a imeascadh
- Fostaí a earcú chun iarrachtaí an phobail a chomhardú d’fhonn an pobal a imeascadh sa churaclam agus an scoil a imeascadh sa phobal
- Imeascadh na n-ealaíon agus an chultúir sa churaclam agus sna gníomhaíochtaí parascolaíochta
- Suíomhanna scoile a thabhairt do na heagraíochtaí pobail dheonacha ar iasacht (nó ionaid scoile agus pobail a bhunú i ngach scoil Fraincise)

Leagann an chonclúid amach sé mhórpoinnte a cheadaíonn riachtanais na CSFanna a chomhlíonadh:

1. Feachtas sainaitheantais, eolais agus feasachta i gcomhair na dtuismitheoirí (atá i dteideal) chun an t-oideachas trí Fhraincis a chur chun cinn agus iad a spreagadh chun a gcuid páistí a chlárú sna scoileanna Fraincise. Ar a bharr sin, tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí sin, go mór mór na lánúineacha eiseaghamacha, chun imeascadh a gcuid páistí sa chóras scoile Fraincise a éascú.

2. Foirmlé maoinithe i gceithre chuid:

- Maoiniú speisialta láithreach chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le comhshamlú na gcainteoirí Fraincise
- Maoiniú cultúrtha a chabhróidh chun comhionannas pobail na gcainteoirí Fraincise a bhaint amach i dtímpallacht mhionlaigh ina labhraítear Béarla den chuid is mó
- Maoiniú do dhaltaí le haghaidh costais reatha atá ar aon dul leis an maoiniú a chuirtear ar fáil do dhaltaí an tromlaigh
- Maoiniú chun aon chostas reatha breise a íoc

3. Ba chóir go mbeadh comhaontú ann idir gach ceann den tríocha CSF agus a Rialtas Cúigeach agus Críche faoi seach i leith dháileadh na gcumhachtaí bainistíochta maidir le teagasc na Fraincise.**4. Ba chóir do gach CSF a chuid riachtanas scolaíochta agus para-scolaíochta a dhearbhu chomh maith leis na torthaí scoile a bhfuil súil leo agus an ciste atá riachtanach chun iad seo a chomhlíonadh a dhearbhu. Ar a bharr sin, ba chóir dóibh dul i gcomhairle lena nAireachtaí Oideachais cuí chun comhaontú maidir leis na riachtanais scolaíochta agus an ciste scoile atá riachtanach chun iad a chomhlíonadh a phlé.****5. Tá sé riachtanach go mbeadh suim ag na CSFanna dul i gcomhairle le heagraíochtaí eile atá ag obair ar son dul chun cinn na gcainteoirí Fraincise.****6. Ba chóir do na CSFanna costas a gcuid príomhriachtanas a dheimhniú i dtreo na costais a chur faoi bhráid na n-údarás cúigeach agus feidearálach atá freagrach as na comhaontuithe PLOE (Programme des langues officielles en enseignement).**

Nuair a bhíonn seo comhlíonta, bíodh sé trí mheán na sé phointe straitéiseacha seo nó cibé straitéis eile, tabharfaidh soláthar na riachtanas seo, buíochas le tacaíocht na n-údarás rialtais, feidearálach agus cúigeach/críche, cead lánbhainistíocht scoile do phobal na gcainteoirí Fraincise i dtímpallacht mhionlaigh, rud is féidir linn a shainmhíniú go sealadach sna téarmaí seo a leanas:

Cur i bhfeidhm comhairle scoile na gcainteoirí Fraincise, aontacht atá réasúnta neamhspleach ón Stát Cúige/Críche dá smacht eisiach ar: **(1)** Sainaitint na riachtanas atá ag na cainteoirí Fraincise, **(2)** Caiteachas réamhfháisnéisithe ar theagasc agus ar ionaid scoile **(3)** Earcú agus leithdháileadh na bpearsanra teagaisc **(4)** Ainmniú agus treorú na bpearsanra riaracháin **(5)** Bunú na gclár scolaíochta **(6)** Comhaontuithe a dhéanamh maidir le teagasc agus maidir leis na seirbhísí eile atá curtha ar fáil **(7)** Suíomh na scoileanna mionlaigh a shocrú go gcinnteofar (a) oideachas d'ardchaighdeán, (b) marthanacht agus forbairt an phobail, a theanga agus a chultúr, atá faoina gcúram agus, (c) aontas Cheanada.

Clár Ábhair

Achoimre

Clár Ábhair

Brollach	1
Réamhrá	2
Roinn a hAon: Lánbhainistíocht scoile i dtimpeallacht ina bhfuil an Fhraincis ina teanga den mhionlach	7
Cuid A: Comhthéacs stairiúil agus polaitiúil lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise	7
Cuid B: An dlí eolaíocht a bhaineann le hAirteagal 23 ó 1982 i leith	13
1. An Rannóg Pholaitiúil	
a Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an hionlaigh	14
b Comhionannas an dá phobal theangeolaíocha oifigiúla a chinntiú	17
c Na comhairlí scoile a bhunú mar aicme ‘rialtais’ ar leith	18
d A chinntiú go gcloíonn Rialtais na gCúigí agus na gCríoch lena gcuid dualgas	20
2. An Rannóg Pobail	
a Bunú scoileanna Fraincise ar leith	21
b Na scoileanna a bheith ina lárionaid chultúrtha do phobal na gcainteoirí Fraincise	23
3. An Rannóg Oideolaíoch	
a Sainithint riachtanas scolaíochta na gcainteoirí Fraincise	24
b Bunú clár scolaíochta de réir riachtanas an mhionlaigh	25
c Comhionannas na dtorthaí	26
4. An Rannóg Riaracháin	
a Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir na riachtanas	27
b Tá seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha ag comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise	28
Roinn a Dó: Riachtanais scolaíochta agus para scolaíochta	31
Cuid A: An fhaisnéis a bailíodh sa cheistneoir a dáileadh go 30 CSF	31

Cuid B: Anailís ar na riachtanais scoile de réir Airteagal 23.....	34
1. Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian	
a chur le meath an mhionlaigh	35
a Tógáil scoileanna nua.....	35
b Cláir nósanna Francacha a spreagadh sula dtosaíonn na daltaí ag dul ar scoil	36
c Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do na tuismitheoirí eiseaghamacha.....	36
d Litearthacht teaghlaigh.....	37
e Leabhair Fraincise a chur ar fáil do léitheoirí bunleibhéil	37
f Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	38
g Naíonlanna lánaimseartha	38
h Cur chun cinn na Scoile Fraincise.....	39
i Sainaithint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu	39
j Na cláir dara leibhéal.....	42
2. Comhionannas an dá phobal theangeolaíochta oifigiúla a chinntiú	42
3. ‘Aicme rialtais ar leith’ a dhéanamh de na comhairlí scoile	43
4. Tá dualgais dhearfacha ag Rialtais na gCúigí	44
5. Bunú scoileanna Fraincise ar leith	44
6. Feidhmiú na scoileanna mar lárionaid chultúrtha do phobal na gcainteoirí Fraincise	46
7. Sainaithint riachtanas scolaíochta na gcainteoirí Fraincise	47
8. Cláir scolaíochta a bhunú atá oiriúnach do riachtanais an mhionlaigh	48
9. Comhionannas na n-iarmhairtí scolaíochta	49
10. Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir riachtanas an mhionlaigh	49
11. Cur i bhfeidhm gach CSF den seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha	
a Pearsanra teagaisc a earcú agus a leithdháileadh	51
b Ainmniú agus stiúradh an phearsanra riaracháin	51
c Cur i gcrích na gcomhaontuithe.....	52
Gnéithe eile	55
Conclúid	57
Leabharliosta	57
Summary	65
Nótaí	69

Brollach

Tá an-áthas orm go bhfuil an tuairisc seo de chuid Daniel Bourgeois curtha i gcló ag COGG. Cáipéis an-spéisiúil is ea í mar go bhfuil an t-ábhar atá á phlé inti – na cúraimí is cuí do shainstruchtúir oideachais le haghaidh mionphobail teanga- á phlé i láthair na huaire i measc lucht an Ghaeloideachais in Éirinn mar chuid den díospóireacht atá ar siúl maidir le soláthar a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta.

Tagann an cháipéis seo ag deireadh sraith taighde ar cheist oideachais sa Ghaeltacht foilsithe ag COGG. Go gairid i ndiaidh a bhunaithe i 2002 chuir an Chomhairle tús leis an bplé ar chúrsaí oideachais Gaeltachta. Ba léir, áfach, nach raibh dóthain faisnéise ar fáil don Chomhairle chun plé eolaíoch a dhéanamh nó chun moltaí maidir le polasaí ar oideachas Gaeltachta a dhéanadh, agus dá bharr sin go raibh gá le taighde cuimsitheach a dhéanamh chun an bhearna sin a líonadh. Chuige sin rinneadh coimisiúnú ar shraith taighde a bhain go díreach nó go hindíreach le hoideachas Gaeltachta agus ina measc siúd foilsíodh:

- **Tús na Léitheoireachta i Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge.** *Máire Ní Bhaill agus Pádraig Ó Duibhir* (Deireadh Fómhair 2004)
- **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (2004)** – Staidéar Bonnline *Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha agus Treasa Ní Mhainín* (Bealtaine 2005)
- **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí.** *Seosamh Mac Donnacha* (Deireadh Fómhair 2005)
- **Oideachas agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí i Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge.** *Pádraig Ó Duibhir* (Deireadh Fómhair 2006)
- **Struchtúr Oideachais na Gaeltachta.** *An Dr Peadar Ó Flatharta* (Aibreán 2007)

Foilsíodh an tuairisc Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge le Caoimhe Máirtín i Meán Fómhair 2006. Bhí impleachtaí sa tuairisc seo don Ghaeltacht chomh maith.

Ina theannta seo réachtáil an Chomhairle comhdháil idirnáisiúnta ar oideachas Gaeltachta i mí Aibreáin 2007 chun cuid de na saincheisteanna a eascraíonn as an gcorpas taighde seo a phlé le geallshealbhóirí an chórais oideachais Gaeltachta, le múinteoirí agus le príomhoidí ach go háirithe. Tháinig údar na tuairisce seo, an Dr Daniel Bourgeois as Nua Bhrunsuic in oirthear Cheanada, chun na Comhdhála sin chun cur síos a dhéanamh ar an struchtúr de “Districts Scolaires” nó Boird Oideachais atá bainte amach ag na mionphobail Fhraincise ar fud Cheanada.

Bhí an Dochtúir Bourgeois ag obair ag an am ag an **Institut canadien de recherche sur les minorités linguistiques** de chuid Ollscoil Moncton, ollscoil Fhraincise i mbaile a bhfuil mionlach láidir Frainciseoirí ann agus ba é an scáth-eagraíocht do na “Districts Scolaires” Fraincise lasmuigh de Québec (is é sin i gcomhthéacs mionlaigh) é an **Fédération nationale des conseils scolaires francophones** a rinne an tuairisc a choimisiúnú.

Ag éirí as cuairt an Dochtúra beartaíodh gur fiú an tuairisc seo a aistriú go Gaeilge le go mbeadh fáil air ag pobal oideachais

na Gaeltachta agus ag an bpobal Gaeilge i gcoitinne. Ceapadh go mbeadh sé úsáideach breathnú ar an mbealach a bhfeiceann mionlach eile ar a gcuid riachtanais oideachais agus creidim go mbeidh an tuairisc seo ina cabhair dúinn sa phlé atá ar siúl againn agus ina ábhar misnigh dúinn chomh maith mar gur éirigh le Frainciseoirí Cheanada boird oideachais dá gcuid féin a bhaint amach ar fud Cheanada an Bhéarla. Léiríonn an tuairisc, áfach, nach leor go mbeidh sainstruchtúir oideachais ann ach gur gá go mbeidh na cúraimí agus an maoiniú cuí acu chomh maith. Léiríonn sé freisin an tábhacht a bhaineann le cearta a bheith lonnaithe sa dlí; is iomaí cás cúirte a bhunaigh Frainciseoirí i gCeanada chun a gcearta teanga a bhaint amach.

Tá cás na bhFrainciseoirí i gCeanada agus cás mhuintir na Gaeltachta níos cosúla lena chéile ná mar a cheapfaí: cé gur teanga idirnáisiúnta í an Fhraincise is mionlach an-bheag in aigéan na mBéarlóirí i Meiriceá Thuaidh iad na Frainciseoirí mar atá muintir na Gaeltachta in Éirinn. Is lú ná 3% den daonra sin iad agus má fhágtar muintir Québec as an áireamh, tá, b'fhéidir, aon mhíliún Frainciseoirí eile scaipthe ar fud chúigí eile Cheanada. Tá asamhlú ag tarlú go mall nó go tapa ag brath ar an gcúige agus ar cé chomh líonmhar is atá na Frainciseoirí in aon cheantair. Tá formhór na meán cumarsáide ag feidhmiú trí Bhéarla agus tá fáil iomlán ag Frainciseoirí óga ar chultúr óige an Bhéarla. Lasmuigh de Québec feidhmíonn na hÚdaráis trí Bhéarla amháin den chuid is mó agus is minic nuair a chuirtear seirbhís ar fáil trí Fhraincise gur seirbhís neamhiomlán neamhrialta a bhíonn ann.

Is léir go bhfuil dhá ról bhunúsacha ag scoil Ghaeltachta; a chinntiú go gcuirtear oideachas den scoth ar fáil tríd Ghaeilge agus tacaíocht a thabhairt don phobal an teanga a láidir, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann trí Ghaeilge, agus tá bunús dlíthiúil ag baint leis na spriocanna sin de réir mír a 9(h) den Acht Oideachais 1998 maidir le haidhmeanna scoile “ i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail.” Agus ar ndóigh is iad siúd cuid de na spriocanna a bhaineadh le Bord Oideachais do scoileanna Gaeltachta chomh maith.

Ní minic a dhéantar tuairisc comhaimseartha a aistriú go díreach ó theanga ar bith eile seachas Béarla go Gaeilge agus tá an-áthas orm go bhfuil “súil eile” ar fáil againn ar cheist na mbord oideachais.

Táimid thar a bheith buíoch den **Fédération nationale des conseils scolaires francophones** agus den **Institut canadien de recherche sur les minorités linguistiques** a thug cead dúinn an tuairisc seo a aistriú. Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil: le Ruaidhrí Breathnach a bhfuil sár-obair déanta aige san aistriúchán; le Pol Ó Cainín ó COGG a bhíonn ag obair go dian dícheallach ag cinntiú chruinneas na gcáipéisí a chuirimid ar fáil; le Muireann Ní Mhóráin, príomhfhéidhmeannach COGG, a dhéanann an oiread sin oibre agus a chinntíonn go mbeidh gach gné den obair a dhéanann COGG á dhéanamh ag an gcaighdeán is airde i gcónaí.

Breandán Mac Cormaic
Cathaoirleach

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Réamhtra

Déantar cur síos agus anailís sa tuarascáil seo ar phríomhriachtanais an tríocha comhairle scoile¹ a fheidhmíonn ar son na gcainteoirí Fraincise sna cúigí agus sna críocha ina bhfuil tromlach cainteoirí Béarla. Díríonn na riachtanais seo ar thrí chuspóir. I dtús báire, aistríonn siad an dlí-eolaíocht a bhaineann le hAirteagal 23 den *Charte canadienne des droits et libertés* i ngníomhaíochtaí riaracháin nithiúla laethúla chun lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh a chur i bhfeidhm sa tír. Ina dhiaidh sin, ceadaíonn siad do na tuismitheoirí, do na pobail agus do chomhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise (CSF) forbairt a dhéanamh ar, agus críoch a chur leis an tionscadal a chuirfeadh ar a gcumas lánbhainistíocht a gcuid scoileanna- na hinstiúidí is tábhachtaí i scaipeadh a dteanga agus a gcultúir- a bhaint amach. Ar deireadh, réitíonn siad an bealach le go mbeidh próiseas comhairliúcháin trípháirteach ann idir an Rialtas Feidearálach, na hAireachtaí Oideachais, agus comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise le súl lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh i gCeanada a bhunú agus a chaomhnú. Ceadóidh an tuarascáil seo agus an trí chuspóir atá aige gach ceist a eascraíonn idir na trí pháirtí a fhreagairt agus líon na gcásanna dlí a chuirtear faoi bhráid chúirteanna Cheanada a íslíú. Chomh maith leis sin, ceadófar dóibh teorainneacha lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise a shocrú.

Foráladh don lánbhainistíocht scoile seo ó 1982 i leith, bliain shuntasach i stair na tíre, nuair a réitigh Rialtas Cheanada, agus na naoi gcúige le tromlach a labhraíonn Béarla, an Bunreacht a leasú agus an *Charte canadienne de droits et libertés* a inscríobh ann. In Airteagal 23 den doiciméad sin, tugtar ceart do na tuismitheoirí i leith, bliain shuntasach i stair na tíre, nuair a réitigh Rialtas Cheanada, agus na naoi gcúige le tromlach a labhraíonn Béarla, an Bunreacht a leasú agus an *Charte canadienne de droits et libertés* a inscríobh ann. In Airteagal 23 den doiciméad sin, tugtar ceart do na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis sna cúigí úd (chomh maith le tuismitheoirí sna cúigí

Airteagal 23 den Charte

- Saoránaigh Cheanada
 - Gurb í an chéad teanga foghlamtha agus tuigte i gcónaí ná teanga an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis nó a labhraíonn Béarla sa chúige ina gcónaíonn siad,
 - A fuair oideachas, ón mbunleibhéal, as Fraincis nó as Béarla i gCeanada agus a chónaíonn i gcúige, áit arb í teanga an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis nó a labhraíonn Béarla an phríomhtheanga teagaisc. Tá sé de cheart acu, sa chéad nó sa dara cás, go múinfear a gcuid páistí, ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal, sa teanga sin.
- Tá sé de cheart ag saoránaigh Cheanada a bhfuil páiste acu a fuair oideachas ag an mbunleibhéal nó ag an dara leibhéal as Fraincis nó as Béarla i gCeanada, oideachas a fháil dá bpáistí uile, ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal, sa teanga sin.
- Tá an ceart atá aitheanta do shaoránaigh Cheanada in alt (1) agus (2) oideachas a fháil dá bpáistí, ag an mbunleibhéal agus an dara leibhéal, i dteanga an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis nó an mhionlaigh a labhraíonn Béarla i gcúige áirithe:
 - Le cur i bhfeidhm aon áit sa chúige a bhfuil dóthain páistí de shaoránaigh ann le go bhféadfaí údar a thabhairt le hoideachas i dteanga an mhionlaigh a chur ar fáil maoinithe ag an gciste poiblí;
 - Agus nuair a thugann líon na ndaltaí údar leis, ceart oideachais a thabhairt do na páistí in ionaid teagaisc de chuid an mhionlaigh le bheith maonithe ag an gciste poiblí.

tuaisceartacha), trí idirghabháil na gcomhairlí scoile, scoileanna ar leith a bhunú agus bainistíocht a dhéanamh ar na hionaid scoile sin. Fiú amháin tar éis dhá bhliain is fiche de dhíospóidí idir na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis agus Aireachtaí Oideachais i mbeagnach gach cúige, níl réiteach fós ar an gceist seo.

¹Úsáidtear an téarma “comhairle scoile” tríd síos mar choincheap ginearálta chun na téarmaí éagsúla “coimisiún scoile”, “roinn scoile”, “comhairle oideachais áitiúil” agus “comhairle na scoileanna” a chur in iúl

²Suzanne Buckland et Commission scolaire de langue française de l'IPÉ c IPÉ, Cour suprême de l'IPÉ, no de dossier S1-GS-20473.

³Conseil scolaire fransaskois, Paulette Gaudet et André Tétrault c. Gouvernement de la Saskatchewan.

Cours du Banc de la Reine, B.R. no. 808, 2004..

⁴East Central Francophone Education Region no. 3 v. The Minister of Infrastructure and the Minister of Learning, Court of Queen's Bench of Alberta, Court file 0403-04001.

Tá roinnt na gcumhachtaí cinnidh idir Rialtais na gCúigí agus na gCríoch agus na comhairlí scoile (CSFanna) maidir le teagasc na Fraincise fós le socrú. Is amhlaidh, ag an am a raibh an tuarascáil seo á scríobh, gur thóg tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis ar Oileán Phrionsa Éadbhard², de chuid an Saskatchewan³ agus an Alberta⁴, cás i gcoinne a Rialtais Chúige de bharr sárú a ndualgas bunreachtúil. Le linn an taighde a rinneadh don tuarascáil seo, bhí sé le sonrú nach raibh aon cheann den tríocha CSF lánsásta le méid a gcumhachtaí cinnidh nó leis an obair atá déanta ag na hAireachtaí Oideachais i leith an oideachais as Fraincis. Mar sin, léiríonn na fíricí agus an toradh atá ar an taighde bun agus barr an scéil.

Ní hionann sin agus a rá nár éirigh le forás ar bith le dhá bhliain is fiche anuas. Os a choinne sin, bhunaigh na cúigí agus na críocha scoileanna do chainteoirí Fraincise i roinnt mhaith pobal a bhfuil daonra tábhactach a labhraíonn Fraincis iontu. Ina theannta sin, chuir siad ar bun comhairlí scoile do chainteoirí Fraincise chun na hionaid seo a bhainistiú thar ceann na ndaoine a bhfuil cearta acu. Dá bhrí sin, ghlac na hAireachtaí Oideachais sna naoi gcúige agus sna trí chríoch a gcumhacht eisiach a roinnt leis an tríocha CSF.

De réir na Cúirte Uachtaraí, go mór mór sna breithiúnais *Mahé*⁵, *Renvoi manitobain*⁶ agus *Arsenault-Cameron*⁷, cuireadh an roinnt seo i bhfeidhm ar bhonn dhá pharaiméadair. Ar lámh amháin, bíonn smacht eisiach ag na CSFanna ar, ar a laghad, seacht bpríomh-ghníomhaíocht scoile. Agus ar an lámh eile, is gá do na cúigí agus do na críocha cloí le cúig dhualgas bhunreachtúla ghinearálta.

D'ainneoin na gcinntí seo, is coincheap teibí go fóill é lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise. Mar shampla, fiú má rinne an Chúirt Uachtarach iarracht bun agus barr na cothromaíochta a mhíniú, ach go háirithe sa bhreithiúnas *Arsenault-Cameron*⁸, níor cheadaigh a chuid coincheap agus a léirmhínte dlíthiúla don tríocha CSF agus don dá Rialtas Chúigeacha agus Críche déag teacht ar réiteach maidir le roinnt na gcumhachtaí cinnidh eatarthu. Dá bhrí sin, is doiligh idirdhealú slán a dhéanamh idir cumhachtaí cinnidh na nAireachtaí Oideachais agus na CSFanna toisc gur gá do na cumhachtaí atá ag an gcéad dream a bheith chomh leathan agus is féidir agus, ina theannta sin, is gá dóibh cloí le téarmaí Airteagal 23, le feidhmíthe gníomhaíochta eisiacha na CSFanna agus le riachtanais pobail na gcainteoirí

Seacht gníomhaíocht eisiacha na CSFanna

1. Sainaitheint riachtanas scolaíochta an phobail lena mbaineann siad
2. Caiteachas réamhfhaisnéisithe ar theagasc agus ar ionaid scoile
3. Earcú agus leithdháileadh na bpearsanra teagaisc
4. Ainmniú agus treorú na bpearsanra riaracháin
5. Bunú na gclár scolaíochta
6. Cur i gcrích na gcomhaontuithe maidir le teagasc agus le seirbhísí eile atá curtha ar fáil
7. Suíomh na scoileanna mionlaigh a shocrú

Na cúig dhualgas chúigeacha agus chríche

1. Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís le súil comhionannas an dá phobal theangeolaíochta oifigiúla a chinntiú sa todhchaí
2. Oideachas as Fraincis a chur ar fáil agus a chur chun cinn
3. A dheimhniú go bhfuil teagasc as Fraincis ar ardchaighdeán
4. Athstruchtúrú a dhéanamh ar a hinstitiúidí scoile, mar shampla, trí bhunú comhairlí scoile neamhspleách do na cainteoirí Fraincise, agus na cumhachtaí eisiacha atá leagtha síos a tharmligean chun na CSFanna.
5. Freastal ar riachtanais scolaíochta na bpobal mionlaigh

Fraincise mar atá sainaitheanta ag na CSFanna.

Feictear go soiléir na deacrachtaí a bhaineann leis an gcuspóir seo a chomhlíonadh i gcás bhunú na gclár scolaíochta chun riachtanais an mhionlaigh a chomhlíonadh. De réir bhreithiúnas *Mahé* (1990), baineann an feidhmíú seo leis na CSFanna amháin, toisc nach bhfuil ciall le “smacht eisiach ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm na gclár a chur faoi chúram an tromlaigh a labhraíonn Béarla mar, sa chás sin, d'fhéadfadh an tromlach teangeolaíoch bagairt a dhéanamh ar chearta an mhionlaigh agus, go deimhin, luach na gcearta sin a scrios”⁹. Is amhlaidh a thugann an bunú agus an cur i bhfeidhm seo an lámh in uachtar do na hAireachtaí Oideachais¹⁰.

⁵ Mahé c. Alberta [1990], I.R.C.S., 342.

⁶ Renvoi relatif à la Loi sur les écoles publiques (Manitoba), art. 79 (3), (4) et (7) [1993], I.R.C.S., 839.

⁷ Arsenault-Cameron c. Île-du-Prince-Édouard [2001], I.R.C.S., 3

⁸ “Cé go bhfuil an t-Aire freagrach as forbairt na bpoblaíochta i dtaca le cúrsaí teagaisc, tá an chumhacht lánroghnach atá aige nó aici faoi réir an *Charte*, agus go háirithe maidir le tréith chúiteach Airteagal 23, riachtanais áirithe na bpobal

teanga mhionlaigh agus maidir le ceart eisiach ionadaithe an mhionlaigh teagaisc agus ionaid theagaisc an mhionlaigh a bhainistiú. Tá rialúchán na gcumhachtaí atá tugtha don choimisiúin ceadaithe de réir teorannacha Airteagal 23. Ba chóir don rialtas an chumhacht lánroghnach is leithne i leith roghnú na modhanna institiúide a n-úsáidfead chun cloí leis na dualgais atá leagtha amach dó in Airteagal 23 a bheith aige. Tá leas dhlísteanach ag an gcúige in ábhair agus caighdeáin ghnéithiúla na gclár teagaisc do na pobail teanga oifigiúla, agus is féidir leis clár a fhorchur sa mhéid is nach

gcuireann na clár sin aon bhagairt ar leasanna dhlísteanacha teanga agus chultúir an mhionlaigh.” (Arsenault-Cameron, [2000], réamhrá).

⁹ Mahé [1990], p. 372.

¹⁰ “San Alba Nua amháin a dhéanann na CSFanna a gcuid clár féin a shamhlú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sna háiteanna eile, déanann na hAireachtaí Oideachais na clár a shamhlú, a bhunú agus a fhorbairt, ag fágáil cur i bhfeidhm na gclár ag na CSFanna, nó, fiú amháin, a shamhláinn, a dhéanann forbairt ar

agus a chuireann i bhfeidhm clár de chuid na CSFanna.

Ar lámh amháin, tugann siad cuireadh do na CSFanna agus/nó do mhúinteoirí páirt a ghlacadh sna comhchoistí chun a gcuid oibre a chur i gcrích. Agus, ar an lámh eile, coinníonn siad cumhacht an chinnidh dheiridh agus, freisin, cur i bhfeidhm na gclár, dóibh féin amháin. Ar a bharr sin, déantar cinntí a roinnt i bhformhór na gcásanna in áit cinntí a ghlacadh go heisiach. Go hiondúil, ní bhíonn aon fhadhb ann maidir leis an bpróiseas seo ó thaobh cuid mhaith de na CSFanna tofa, toisc gur fearr leo é a fhágáil faoi chúram na hAireachta, ach tá súil ag cuid eile de na CSFanna an feidhmiú seo a bheith faoina smacht féin amháin.

Ar an ábhar sin, tá ceist riachtanach le freagairt maidir le lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise: i gcás coimhlint idir an Aireacht Oideachais agus CSF i dtaobh forbairt chlár scolaíochta atá oiriúnach do riachtanais daltaí a labhraíonn Fraincis, cé acu a bheidh an focal deireanach? Léiríonn ár dtaighde, ar bhealach éagsúla, go gcuirtear an cheist chéanna i dtaca le feidhmeanna “eisiacha” eile inchurtha i leith na CSFanna ó 1990 ar aghaidh.

Is cosúil nach bhfuil na coincheapa dlíthiúla cruinn go leor chun stiúir a thabhairt do ghníomhartha riaracháin laethúla áirithe. Braitheann an doiléireacht sin, a chothaíonn deacrachtaí do na húdaráis scoile, ar an gcomhthéacs stairiúil agus ar an bpobal áirithe atá i gceist. Chomh maith leis sin, braitheann sé ar líon fírinneach acmhainneach na ndaltaí agus ar an scála inathraithe. Mar shampla, maíonn an *Renvoi manitobain* (1993, lch. 864) go mbíonn deacracht ag na cúirteanna “an teannas atá idir tréith chúiteach Airteagal 23 agus an riachtanas atá ann gan cur isteach ar chumhacht lánroghnach an reachtóra nó ar chur i bhfeidhm an dlí” a réiteach. Míníonn an Chúirt Uachtarach srian na gcúirteanna i mbreithiúnas *Mahé*: “Ní féidir cur síos cruinn a dhéanamh ar cad atá riachtanach i ngach cás ar leith chun go gcinnteofar go mbeidh smacht iomlán ag grúpa teanga mionlaigh ar ghnéithe teagaisc ina dteanga féin atá bainteach leis an teanga sin agus lena gcultúr. Ní bheadh sé ceart ná cóir córas oideachais áirithe a bhrú ar an éagsúlacht mhór cúinsí difriúla atá le fáil ar fud Cheanada.” Dhearbhaigh an bhreithiúnas céanna freisin go raibh an ceart ag na cúigí éilimh áirithe de chuid an mhionlaigh a dhiúltú más rud é go raibh siad róchostasach, fiú amháin má laghdaigh gníomhaíocht na Cúirte cumhacht na hargóinte airgeadais sin¹¹. Lena cois sin, mhaigh breithiúnas *Mahé* (1990, lch. 378) go mbeadh tionchar ag an staid reatha in éabhlóid

na dlí-eolaíochta atá bainteach le hAirteagal 23 i ngach cás. rud a cheadaíonn dúinn smaoineamh go bhféadfaí cinneadh difriúil a thabhairt ar chás *Mahé* dá dtiocfadh sé faoi bhráid na Cúirte inniu.

I mbreithiúnas *Mahé* (1990, lch., 377), bhunaigh an Chúirt Uachtarach “scála inathraithe” ar bhonn an fhoirmle dhlíthiúil: “áit a bhfuil dóthain daltaí”, chun méid an smachta gur chóir a bheith ag na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu i dtaca le gnéithe den oideachas atá bainteach lena dteanga agus lena gcultúr a shocrú. Ach, tá an cinneadh sin imithe as feidhm ón uair a cuireadh ar bun an tríocha CSF a chlúdaíonn na cúigí agus na críocha ar fad ina bhfuil tromlach a labhraíonn Béarla. Is é sin le rá, ó bhunaigh an dá Rialtas Chúige agus Chríche déag ó 1990 i leith ceann nó roinnt CSFanna chun scoileanna na gcainteoirí Fraincise a bhainistiú thar ceann na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu, cheadaítear do na CSFanna, gan tagairt a dhéanamh do mhéid na scoile nó do líon na ndaltaí, ar a laghad na cumhachtaí eisiacha a thoiligh na Cúirteanna dóibh siúd a bhfuil cearta acu i dtaca le hAirteagal 23, a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá CSF ar leith curtha ar fáil do gach tuismitheoir a labhraíonn Fraincis chun a gcuid scoileanna a bhainistiú. De réir loighic na bhfasach dlíthiúil, is féidir a mhaíomh go bhfuil forbairt ar an talamh imithe thar chumas na dlí-eolaíochta. Ar an dóigh sin, is féidir leis na CSFanna a áiteamh gur chóir dóibh siúd amháin na cumhachtaí a chur i bhfeidhm¹². Tá a mhalaire de thuairim ag Airí Oideachais áirithe. Leanann an deacracht ar aghaidh.

Ar dhóigh eile, níor chabhraigh na Cúirteanna leis an tranglam seo a chur ina cheart. Ní raibh argóintí na Cúirte Uachtaraí soiléir i gcónaí¹³. Mar shampla, sa *Renvoi manitobain* (1993, lch. 862), dhearbhaigh an Chúirt go raibh “na cearta leagtha síos in Airteagal 23 tugtha ina n-aonar do thuismitheoirí a bhfuil baint acu le grúpa teanga mionlaigh” agus nach raibh tairbhe na gcearta sin “ag brath ar thoil an ghrúpa mhionlaigh lena mbaineann siad, bíodh siad mar thromlach sa ghrúpa sin nó ná bíodh, ach go mbaineann an tairbhe le ‘dóthain daltaí’ amháin.” Ach sa bhreithiúnas *Arsenault-Cameron* (2000, alt 29), tugann sé tosaíocht do “cheart comhchoiteann tuismitheoirí na bpáistí ag aois scolaíochta”¹⁴. Is é sin le rá: “Má chuirtear béim ar cheart teagaisc an duine aonair le haimhleas cearta teanga agus cultúrtha an phobal mhionlaigh, cuireann sé seo srian ar chearta comhchoiteanna an phobail mhionlaigh”¹⁵. Toisc “gurb í an scoil an institiúid is tábhachtaí le go

¹¹ “Ar dhóigh eanna difriúla le bearta eile, ní chruthaíonn Airteagal 23 dearbheart. In ionad dearbheart tugann sé ceart de réir teorainn na n-acmhainní airgeadais, toisc nach féidir na seirbhísí céanna a thabhairt do ghrúpa beag daltaí, bíodh sé an-bheag ar fad, is a thabharfaí do ghrúpa tábhachtach mar atá sonraithe in Airteagal 23. Déanaím iarracht i gcónaí, i bhformhór na gcásanna, aon éilimh múinteoireachta a thabharfaidh seans don Stát costais neamhréalaíochta a sheachaint, a chur san áireamh. Ar a bharr sin, tugann tréith chúiteach Airteagal 23 le fios

go gcuirfead níos mó béime ar éilimh mhúinteoireachta ná ar riachtanais airgeadais nuair a dheimhneofar an féidir cur ar fáil na seirbhísí a chosaint ar bhonn líon na n-daltaí.” (*Mahé* [1990], lch. 385).

¹² Sa chás *Arsenault-Cameron* ([2000], réamhrá), tacaíonn an Chúirt Uachtarach go díreach lena n-argóint ag dearbhú: “nuair atá coimisiún scoile do theanga an mhionlaigh ag teastáil, beidh na cumhachtaí bainistíochta atá sonraithe sa dlí aige, chomh maith le haon chumhacht eile a luaitear in

Airteagal 23.”

¹³ Sa bhreithiúnas *Beaulac* ([1999], alt 21), d’admhaigh an Chúirt Uachtarach gur tharla trí léirmhíniú bréagach ar chearta teanga. Bhain an chéad léirmhíniú le breithiúnais “liobrálacha” cosúil leis na mbreithiúnas a tugadh i gcás *Jones c. Procureur général du Nouveau-Brunswick* [1975], 2 R.C.S., 182, *Procureur général de Québec c. Blaikie* [1981], 1 R.C.S., 312 et *Renvoi relatif aux droits linguistiques au Manitoba* [1985], 1 R.C.S. 721. Sa dara léirmhíniú, “d’athraigh an Chúirt an

nós léirmhíniú liobrálach a thabhairt ar ráthaíochtaí teanga bunreachtúla”: *MacDonald c. Ville de Montréal* [1986], 1 R.C.S., 460, *Société des Acadiens du Nouveau-Brunswick Inc. c. Association of Parents for Fairness in Education* [1986], 1 R.C.S., 549 et *Bilodeau c. Procureur général de Manitoba* [1986], 1 R.C.S., 449. Cheadaigh an tríú léirmhíniú é féin a “scaradh amach óna dearcadh cing”: *Ford c. Québec (Procureur Général)*, [1988], 2 R.C.S., 712, *Mahé c. Alberta* [1990], 1 R.C.S., 342, *Renvoi relatif aux droits linguistiques au Manitoba* [1992], 1 R.C.S., 212 et *Renvoi*

mairfeadh an mionlach teangeolaíoch oifigiúil, agus is í an scoil a thairbhíonn go mór de réir Airteagal 23¹⁶. An dara sampla: i mbreithiúnas *Mahé*, shainmhínigh an Chúirt na cearta scolaíochta a tugadh do na tuismitheoirí de réir Airteagal 23 mar chearta bunreachtúla bunaithe “ar chomhréiteach polaitiúil” agus, ar an dóigh sin, gur chóir do na Cúirteanna “bheith níos coimeádtha dá léirmhíniú ná mar a bheadh siad i gcás ráthaíochtaí dlíthiúla¹⁷. Ar an lámh eile, i mbreithiúnas *Arsenault-Cameron*, dearbhaítear gur chóir “léirmhíniú leathan agus liobrálach a thabhairt” ar Airteagal 23, toisc “nach bhfuil aon tionchar” ar stádas na gcearta sin ag an bhfíoras gurb as comhréiteach polaitiúil a tháinig siad¹⁸. Déanann an mhalairt intinne seo cumhachtaí na CSFanna agus na gcúigí a shoiléiriú, ach is féidir a shamhlú chomh maith go bhféadfadh an Chúirt léirmhíniú eile a thabhairt amach anseo.

Ar son na gCúirteanna, is féidir a rá gur doiligh coincheapa áirithe bunreachtúla a léirmhíniú. Níor chuir an Coimisiún Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchultúrachas, an Rialtas Feidearálach nó Rialtais na gCúigí lánbhainistíocht scoile san áireamh, cé go bhfuil sé rí-thábhachtach i gcónaí do chainteoirí Fraincise. (Behiels, 2004). Is léir gur de bharr an leagan cainte “ionad teagaisc *de chuid* an mhionlaigh”, a thuig an Chúirt gurb iad ionaid teagaisc bainistithe ag na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu, a bhí i gceist. Níl an chiall chéanna sa leagan Béarla (“*minority language educational facilities provided out of public funds*”). Agus cad is féidir a rá faoi na focail “tá líon pháistí na saoránach a bhfuil na cearta seo acu dóthanach”? Rinne na rialtais an fhoirmle gheotheangach seo a tharmligean chun na gCúirteanna d’aon ghnó (Behiels, 2004: 69-81). Is é tuairim cuid mhaith daoine gurb é coincheap na lánbhainistíochta scoile toradh an aistriúcháin seachas toradh na gcomhréiteach bunreachtúil (Proulx, 1989). Ar deireadh, má bhí sé feicthe roimh ré ag na rialtais, ag an am a raibh Airteagal 23 á dhréachtadh, go dtárlódh cathrú agus uirbiú agus imirce idirchúigeach, níl sé cinnte go bhfeicfidís feiniméin shóisialta eile, cosúil le crois-shíolrú eiseaghamach, mar shampla (Landry, 2003). Dá bhrí sin, tháinig cúinsí nach raibh súil leo os comhair na gCúirteanna agus na CSFanna; mar shampla, beirt tuismitheoirí a bhfuil cearta acu gur cainteoirí Béarla iad nó atá comhshamhlaithe, a bhí in ann cearta teagaisc as Fraincis a éileamh dá bpáistí. Bhí ar na Cúirteanna réiteach a shóláthar ar ala na huaire.

Toisc “gurb í an scoil an institiúid is tábhachtaí le go mairfeadh an mionlach teangeolaíoch oifigiúil...”

Is dócha go dteastaíonn a thuilleadh cruinnis ón gcoincheap “lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise” i dtreo fíor-ábhar seacht ngníomhaíocht eisiach na CSFanna agus cúig dhualgas bhunreachtúla Aireachtaí na gCúigí a shoiléiriú. Is é sin le rá, is fíor-riachtanas é an dlí-eolaíocht a aistriú ina gníomhaíochtaí riaracháin laethúla. Is é cuspóir na tuarascála seo ná an bhearna sin a líonadh, nó ar a laghad riachtanais na dtríocha CSF a shoiléiriú. Cothaíonn na riachtanais seo ceangal idir téarmaí Airteagal 23 agus coincheap lánbhainistíocht na scoile. Ceadáíonn sé do na CSFanna agus do na hAireachtaí a bpáirt faoi seach a dheimhniú i dtreo líon na gcásanna dlí a chuirtear faoi bhráid chúirteanna Cheanada a íslíú chomh minic agus is féidir.

Níos mó agus níos mó, is i dtreo cur i bhfeidhm chéad ghníomhaíocht eisiach na CSFanna – riachtanais scolaíochta na gcainteoirí Fraincise a shainaithint – go ndearna an tríocha CSF sainaitheint air, agus tosaíocht a thabhairt do riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta pobail na gcainteoirí Fraincise lena mbaineann siad. Tacaithe go háirithe ag breithiúnais fhabharacha na Cúirte Uachtaraí – *Renvoi manitobain*¹⁹ agus *Arsenault-Cameron*²⁰ – tá sé socraithe acu miontuairisc a scríobh ag leagan amach go soiléir na príomhriachtanais atá fós le comhlíonadh maidir leis an lánbhainistíocht scoile. Baineann na príomhriachtanais seo leis an sé ghníomhaíocht eile agus leis an chúig dhualgas bhunreachtúla atá ag na hAireachtaí Oideachais, agus chomh maith leis sin, baineann siad leis na prionsabail a stiúirann lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtímpallacht mhionlaigh. Chun na riachtanais sin a shainaithint, rinne an tríocha CSF mionscrúdú agus athmhacnamh inmheánach

relatif à la Loi sur les écoles publiques (Manitoba), art. 79 (3), (4) et (7), [1993], 1 R.C.S., 839.

¹⁴ Arsenault-Cameron [2000], réamhrá 9.

¹⁵ Idem.

¹⁶ Idem.

¹⁷ Mahé [1990], lch

¹⁸ Arsenault-Cameron [2000], alt 9.

¹⁹ “Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh baint ag tuismitheoirí de chuid an mhionlaigh theangeolaíoch nó ag a gcuid ionadaithe le riachtanais teagaisc agus bunú na struchtúr agus na séirbhís atá oiriúnach le haghaidh na riachtanais sin a dheimhniú.” (*Renvoi manitobain*, [1993], lch. 862).

²⁰ Ba chóir go mbeadh tús áite ag tosaíochtaí an phobail mhionlaigh [i dtaca le tosaíochtaí Aireachta] toisc go bhfuil siad ag croílár tionscadal na bainistíochta agus an smachta atá acu siúd a bhfuil cearta acu agus ag a gcuid ionadaithe dhlísteanacha ar chearta teanga mhionlaigh mar atá sonraithe in Airteagal 23.” (*Arsenault-Cameron* [2000], Introduction). Cuireann an Chúirt leis sin ag rá “is iad riachtanais speisialta phobal an mhionlaigh theangeolaíoch an ghné is tábhachtaí i ngach ceist bainteach

le cúrsaí teanga agus cultúrtha.” (alt. 45) agus gur “chóir do na tosaíochta sin a bheith deimhnithe agus curtha i bhfeidhm mar ghníomhartha de pháirt an Aire.” (alt. 51).

agus chuaigh siad i gcomhairle le daichead a naoi de chomhlacht pobail náisiúnta agus cúigeach.

Tá idirghabháil na CSFanna curtha san áireamh sa tionscadal atá ag an Rialtas feidearálach 751 milliún dollar a infheistiú idir 2003 agus 2008 chun “treisiú nua” a thabhairt dá pholasaithe chun teangacha oifigiúla na tíre a chur chun cinn. Tá leath an chiste seo le caitheamh ar an oideachas, gné atá faoi chúram na gcúigí.²¹ Mar sin, ceadaíonn an dara creat seo do na CSFanna a gcuid riachtanas, chomh maith lena gcuid costas faoi seach, a chur faoi bhráid na Rialtas feidearálach agus cúige i rith na gcomhairliúcháin chun na chéad chomhaontaithe déthaobhacha maidir leis an *Programme des langues officielles en enseignement* (PLOE) a ullmhú. Is é an PLOE an phríomhmheicníocht thacaíochta atá ag an Rialtas feidearálach i réimse an oideachais. Tá súil ag na CSFanna freisin go gceadófaí an infheistiúocht fheidearálach agus chúigeach riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta pobail na gcainteoirí Fraincise a chomhlíonadh, an bhunchúis a bhí taobh thiar de bhunadh na PLOE i 1969 agus d’Airteagal 23 den *Charte* ar glacadh leis sa dlí i 1982. Éilíonn na riachtanais seo, mar sin, comhoibriú trí aicme rialtais- an aicme fheidearálach, an aicme chúigeach agus na CSFanna.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí na taighde maidir le riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta an tríocha CSF a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta. Cuirfidh sé leis an gcomhrá trípháirteach – idir na Rialtais fheidearálacha, Rialtais na gCúigí agus comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise – chun lánbhainistíocht scoile mar atá dearbhaithe sa dlí-eolaíocht a bhaineann le Airteagal 23 a chinntiú agus chun forleathnú mhionlach na gcainteoirí Fraincise a chur chun cinn. Is iad na riachtanais seo a chuireann in iúl comhionannas nithiúil agus laethúil an dá phobal teanga oifigiúil sa réimse scolaíochta. Is é, go fírinneach, trí iad a shainaithint, trí iarracht a dhéanamh iad a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, go gcinnteofaí forleathnú comhchoiteann pobail na gcainteoirí Fraincise i dtaca le cúrsaí oideachais i dtimpeallacht mhionlaigh.

Leagtar amach riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta an tríocha CSF in dhá chuid. Déanann an chéad chuid cur síos ar an gcomhthéacs stairiúil polaitiúil i dtaca le Airteagal 23 chomh maith leis an dlí-eolaíocht oiriúnach ó 1982 i leith. San áireamh sa chomhthéacs seo, cuirtear síos ar pholasaithe

scoile urchóideacha a cuireadh i bhfeidhm sna chéad céad bliain den Chomhcheangal, ar obair fhiosrúcháin an Choimisiúin Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchtúrachas chun éagóra an ama atá thart a chur ina gceart, agus na gníomhaíochtaí rialtais bainteach le glacadh Airteagal 23 i 1982, agus an dlí-eolaíocht uile bainteach leis an Airteagal sin le dhá bhliain is fiche anuas. Déanann an dara cuid anailís ar na riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta atá fós le comhlíonadh chun lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise a bhaint amach. Sainaithníonn agus tugann sé ord tosaíochta do chaoga príomhriachtanas den tríocha CSF agus tugann sé údar leis na riachtanais seo de réir na dlí-eolaíochta cuí. Molann an chonclúid sé phointe straitéiseach chun na riachtanais seo a chomhlíonadh agus déantar sainmhíniú sealadach ar choinceap lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise.

²¹ Le prochain acte: Plan d'action sur les langues officielles: Ottawa, Bureau du Conseil privé, mars 2003, chapitre 3 (L'éducation).

Roinn a hAon: Lánbhainistíocht scoile i dtímpallacht ina bhfuil an Fhraincis ina teanga den mhionlach

Chun riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta pobail na gcainteoirí Fraincise i dtímpallacht mhionlaigh a thuiscint mar atá leagtha amach sa dara cuid den tuarascáil seo, ní mór an comhthéacs stairiúil polaitiúil atá taobh thiar den ráthaíocht bhunreachtúil sin, agus an dlí-eolaíocht a bhí mar thoradh air ó 1982 i leith, a thuiscint. Is toradh ar phróiseas fada stairiúil polaitiúil é Airteagal 23, agus chomh maith leis sin, déanadh forbairt air ó 1982 i leith. Ar a bharr sin, déanann na Cúirteanna tagairt go minic don chomhthéacs stairiúil polaitiúil chun a gcuid argóintí a mhaisiú. Sa bhealach seo a leanas a mhíníonn an Chúirt Uachtarach é i mbreithiúnas *Arsenault-Cameron* (2000, alt. 27 agus 29):

Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach comhthéacs stairiúil sóisialta an cháis atá le ceartú a thuiscint, ach go háirithe na cúiseanna nár fhreagair an córas oideachais do riachtanais an mhionlaigh theangeolaíoch oifigiúil i 1982 agus cén fáth nach bhfhreagraíonn sé i gcónaí do na riachtanais atá ann i láthair na huaire ach oiread. [...] Mar sin, tá anailís stairiúil agus chomhthéacsúil tábhachtach do na Cúirteanna chun a dheimhniú ar chloígh rialtas áirithe leis na dualgais atá leagtha síos in Airteagal 23. Chomh maith leis sin, ba chóir don Chúirt iompar na ngníomhaithe rialtais a dhéanann cinntí riachtanacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 23 a stiúradh.

Dá bhrí sin, ba chóir na “gnéithe stairiúla, sóisialta agus geografacha”²² a chur san áireamh i léirmhíniú na gceart scoile atá ráthaithe ag Airteagal 23.

Roinntear an chéad chuid ina dhá fhochuid. Déanann an chéad chuid scrúdú ar na cúiseanna gur ghlac an Rialtas feidearálach agus cúigeach le hAirteagal 23 i 1982. Déanann an dara cuid cur síos ar phríomhghnéithe na dlí-eolaíochta. Ceadaíonn an dá chuid raon de theorainneacha lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtímpallacht mhionlaigh a dheimhniú. Ceadaíonn an creat seo na riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta pobail na gcainteoirí Fraincise, mar atá leagtha amach sa dara cuid den tuarascáil, a thuiscint agus a mhionscrúdú.

Cuid A: Comhthéacs stairiúil polaitiúil lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise²³

Ba chor cinniúnach i stair Cheanada é glacadh na *Charte des droits et libertés* i 1982, go mór mór ó thaobh an oideachais i gcroílár saol an mhionlaigh Fhraincise de. Is amhlaidh a thug Airteagal 23 den *Charte* ceart teagaisc den chéad uair riamh do chainteoirí Fraincise sna scoileanna a bhí ag feidhmiú ina dteangacha dúchais féin agus a bhí bainteach lena bpobail féin taobh amuigh de Québec. Roimhe sin, ní raibh an ceart sin ach ag cainteoirí Fraincise agus, go hindíreach, ag cainteoirí Béarla a raibh cónaí orthu i Québec. Bhí ar na cainteoirí Fraincise in áiteanna eile brath ar thrócaire an tromlaigh a labhraíonn Béarla.

Ar chúiseanna éagsúla agus d’ainneoin roinnt eisceachtaí, cuireadh forálacha i bhfeidhm *d’aon ghnó*, idir 1867 agus 1967, a raibh “tionchar urchóideach” acu ar na cainteoirí Fraincise (Ich. 39). Déanann an Coimisiún Ríoga Fiosrúcháin um Dhátheangachas agus Dhéchtúrachas, a cruthaíodh i 1963 chun réiteach a aimsiú ar fhadhb pholarú sóisialta agus polaitiúil na bpobal teanga i gCeanada, tagairt speisialta do rialachán 17, a thoiligh Rialtas Ontario i 1912 (Ich. 48-52). De réir Reid (1993, Ich. 53), “Ba é rialachán 17 an dlí teanga is déine a achtaíodh i gCeanada riamh. Dearbháíodh é chun brú a chur ar ghlúin iomlán óg Franco-Ontarian comhshamhlú, agus chun cosc a chur ar aon imirceach ó Québec a bheadh ag súil le clann a thógáil ina theanga dhúchais sa todhcháil.” Rinne an Coimisiún tagairt freisin do dhúnadh míbhunreachtúil na scoileanna dhátheangacha i Manitoba sa bhliain 1890 (Ich. 45-46). Ar a bharr sin, ghlac na cúigí ina labhraítear Béarla le polasaithe scoile taismeacha a raibh “tionchar urchóideach” acu ar chainteoirí Fraincise sna 1960idí (Ich. 39). Rinne lárúchán agus aonghnéitheacht an chóras scoile, mar shampla, “frustrachas” a chur ar an mionlach a labhraíonn Fraincis (p. 39): “Ní sprioc ann féin é córas aonghnéitheach: má tá sé ródhocht, is féidir leis dul in aghaidh chomhionannas na mbuntáistí atá le fáil san oideachas, mura bhfuil tímpallacht

²² *Arsenault-Cameron* [2000], alt. 57.

²³ Is achoimre é páirt A go bunúsach den *Rapport préliminaire* (1965), de chabidil VI den chéad imleabhar den tuarascáil dheireanach (*Les langues officielles*, 1967) agus, go sonrach, den dara imleabhar de thuarascáil deiridh (*L’éducation*, 1968) an Coimisiúin Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus an Dhéchtúrachas. Déanann an t-eolas idir lúbíní tagairt don dara imleabhar, mura ndeirtear a mhalairt. Ní rogha forlámhach a bhí ann tagairtí a dhéanamh do thaighde eimpíreach, d’anailís agus do thuarascálacha an Choimisiúin, siocair go ndearna an Chúirt Uachtarach, go háirithe sa chás *Mahé*, tagairt go minic don Choimisiún (1990, Ich. 362, 363,

374, 375), agus go deimhín, spreag an Choimisiún an Chúirt príomh-sonraí na dlí-eolaíochta bainteach le Airteagal 23 a leagann amach. Ar a bharr sin, aithníonn an Chúirt “an pháirt bhunúsach [a d’imir an Coimisiún] i mbunreachtú na gceart teanga sa *Charte*” ([1990], Ich. 362). D’aithin an Plan d’action freisin ról rithábhachtach an Choimisiúin (1993, Ich. vii).

an tromlaigh oiriúnach don mhionlach.” Ar deireadh, chothaigh sé easaontas agus tharla coimhlintí sochttheangeolaíocha dá bharr.

Is amhlaidh gurb iad na coimhlintí seo idir na cainteoirí Fraincise taobh amuigh de Québec agus Rialtais na gCúigí ina bhfuil tromlach a labhraíonn Béarla a spreag an “ghéarchéim” náisiúnta a bhagair ar “Cheanada a scrios” (1965, lch. i); géarchéim a bhí mar bhunchúis le cruthú an Choimisiúin. De réir a mball (1967, lch. 127), “baineadh ceart teagais a dteanga dhúchais de mhórchuid an mhionlaigh de chainteoirí Fraincise.” Chomh maith leis sin, an dris chosáin is mó a bhí ann ná gur dhiúltaigh an tromlach a labhraíonn Béarla aitheantas a thabhairt do cheart na gcainteoirí Fraincise oideachas a thabhairt dá bpáistí ina dteanga féin” (1967, lch. 128). Cuireann an Coimisiún leis an méid sin á rá “gur de bharr troid na gcainteoirí Fraincise i gCeanada” amháin in aghaidh “dearcadh thromlach na gcainteoirí Béarla” go raibh an teanga agus an cultúr Francach sa tír in ann maireachtáil d’ainneoin idirgabháil an chórais scoile”. (lch. 128-129). Cuireann an troid sin in iúl an tábhacht atá ag an oideachas don mhionlach a labhraíonn Fraincis. (1967, lch. 128): “Is í an scoil an timpeallacht is riachtanaí chun an teanga agus an cultúr a chothú; gan í, ní féidir le ceachtar acu teacht slán.”

Is é sin le rá (lch. 9): “Ní féidir luach na scoileanna a mheas ó thaobh an mhionlaigh theangeolaíoch de; ní cúis ionadh é mar sin go mbeadh mionlaigh an dá theanga oifigiúil chomh dúilmhear iad a bhunú.” Chuir an dlí-eolaí Magnet (1995, lch. 139) leis sin á rá: “Education is the most explosive issue dividing French and English Canadians [...] This has been so since the origin of racial enmity in Canada; so it remains today.”

“Is í an scoil an timpeallacht is riachtanaí chun an teanga agus an cultúr a chothú; gan í, ní féidir le ceachtar acu teacht slán.”

– An Coimisiún Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchultúrachas (1967, lch. 128)

Is léir gurb é an t-oideachas an ghné a chothaigh formhór na gcoimhlintí tábhachtacha idir an mionlach teangeolaíoch agus Rialtais na gCúigí i gcaitheamh aois thosaigh an Chomhcheangal. Bhí tionchar riamh ag na coimhlintí sin ar an aontas náisiúnta, toisc go bhfacthas do níos mó agus níos mó ‘Québécois’ nár tugadh aon aird ar an teanga agus ar chultúr na Fraincise taobh amuigh dá gcúige féin. Is é an fhírinne sin a bhí taobh thiar den chuspóir comhchoiteann a luaigh Jean Lesage sa mhana “*maitres chez nous*” (‘máistrí inar n-áit féin’). Chreid an Coimisiún nach mbeadh ach toradh amháin ar dhul ar thóir dhátheangachais ar bhonn dhá chríoch aonteangach – an Fhraincis i Québec, Béarla sna háiteanna eile – is é sin, dealú an Québec ó Cheanada luath nó mall (1965, lch. 111). Chomh maith leis sin, bhí gá ann an status quo a athrú, sa chéad áit chun fealsúnacht cheannasach pholaitiúil na gCeanadach a chlaohlú ionas nach bhfeicfí “cluiche simplíoch uimhreacha” amháin sa daonlathas a thuilleadh (1965, lch. 130), áit a gcuirfeadh an tromlach a dtoil i bhfeidhm go leithleasach. Chomh maith leis sin, bhí gá ann fáil réidh leis an dearcadh nár thug ach bunús teoiriciúil do dhátheangachas na tíre (1965, lch. 115), agus a bhreathnaigh ar phróiseas comhshamhalaithe teanga agus an cultúr mar fheiniméan nádúrtha nár cheart don rialtas ard a thabhairt air in aon chor (1965, lch. 46).

Is amhlaidh a bhí *géarghá* le hidirghabháil an rialtais, toisc gur spreag na coimhlintí teangeolaíocha agus polasaithe *laissez-faire* an rialtais “an ghéarchéim ba mhó i stair Cheanada” (1967, lch. vii). Is í an teanga, mar ghléas cumarsáide, foirm chomhtháite smaoineamh daonna, áis le haghaidh eagrúcháin shóisialta, fianaise tábhacht phobail, “an léiriú is suntasaí do chultúr ar leith” (1967, lch. xx) agus “príomhuirlis a chothaíonn mothúchán comhionannas” sa duine (1967, lch. 9), a bhfuil “mianach pléascach” ann (1967, p. xix). Ós rud é “gurb é an dúbailteacht theangeolaíoch seo atá mar bhonn agus mar ghné bhunúsach de phobal Cheanada” (1967, lch. 40), glacadh gur gá “córas pleanála teanga” a chur ar bun.

Ba chóir do “chomhionannas, muintir na Fraincise agus, muintir an Bhéarla, chomh maith lena dteangacha agus a gcultúir faoi seach, i gCeanada” (1967, lch. xxix) a bheith mar chuspóir don phleanáil seo. Mar sin de, ba chóir “fíordheiseanna comhionannas” do gach saoránach i ngach réimse de na gníomhaíochtaí sóisialta a dheimhniú.

Is amhlaidh a bhí *géarghá* le hidirghabháil an rialtais, toisc gur spreag na coimhlintí teangeolaíocha agus polasaithe *laissez-faire* an rialtais “an ghéarchéim ba mhó i stair Cheanada”...

(1967, lch. xxxvi). Ar a bharr sin, “tá a fhios ag an tromlach conas é féin a chosaint, agus tá sé abálta é féin a chosaint, agus bíonn ar na cumhachtaí poiblí éisteacht leis” (1967, lch. 151). Bhí gá leis an mionlach a labhraíonn Fraincis taobh amuigh de Québec a chosaint; bhí seantaithí acu ar shlad na gcomhshamhlaithe (1967, lch. 33). Ba é príomhchúis na géarchéime “go raibh sé dodhéanta, i gCeanada taobh amuigh de Québec, saol lán-Fhrancach a bheith ag duine”, agus fiú amháin i gceantair áirithe de Québec féin (1967, lch. 151). Mar sin, ní bheidh “comhionannas teanga inár dtír ach amháin má fhaigheann na cainteoirí Fraincise cothrom na Féinne mar atá acu siúd a labhraíonn Béarla i Québec i láthair na huaire”, agus cothrom na Féinne i réimse an oideachais fosta.

Chun an comhionannas sin a bhaint amach, bheadh “cabhair speisialta” ag teastáil ón mionlach a labhraíonn Fraincis (lch. 4), toisc go raibh “riachtanais ar leith” aige (lch. 8). Ós rud é go bhfuil an córas scoile dearbhaithe “ar son an tromlaigh theangeolaíoch sna cúigí ina bhfuil tromlach cainteoirí Béarla”, tá ar an mionlach “brath ar thuiscint agus ar fhlaithiúlacht an tromlaigh chun córas teagaisc a oireann dóibh a bhaint amach” (lch. 8).

Ar lámh amháin, ba chóir don tromlach a labhraíonn Béarla an tábhacht speisialta atá ag baint leis an oideachas don mhionlach a labhraíonn Fraincis a thuiscint, agus freisin a bheith tuisceanach maidir leis an ról éagsúil atá ag an oideachas sa dá phobal. Sa chéad áit, is í an scoil an phríomhinstitiúid shóisialta chun an teanga a sheachadadh. “Más í teanga an tromlaigh an t-aon mheán teagaisc atá ar fáil i scoileanna cúige, cuirtear seasamh theanga an mhionlaigh i mbaol” (lch. 8). Dá bhrí sin, “ba chóir don scoil an éagóir sin a leigheas trí thús áite a thabhairt do theanga an mhionlaigh chun go n-éireodh leis bheith mar ghléas cumarsáide dóthanach” (lch. 8), agus, ar chúiseanna teagaisc, (“chun teagasc a fháil, ba chóir do na daltaí an teanga ina múintear na hábhair a thuiscint” lch. 9) agus cultúrtha, (“Tá difríocht bhunúsach idir páiste de thimpeallacht an mhionlaigh, bíodh sé ina chainteoir Béarla nó ina chainteoir Fraincise, agus páistí den ghrúpa eile mar gheall ar cad atá foghlamtha aige nó aici agus de bharr an pháirt atá glactha aige nó aici in oidhreacht chultúrtha éagsúil. Chomh maith leis sin, ba chóir don chlár scolaíochta na difríochtaí sin a chur san áireamh”, lch. 10). Mar sin, is trí mheán na teanga a chuirtear cultúr ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Más ea, ba chóir don scoil cabhrú chun sainiúlacht teanga agus chultúir na gcainteoirí Fraincise a chaomhnú.

“Tá difríocht bhunúsach idir páiste de thimpeallacht an mhionlaigh, bíodh sé ina chainteoir Béarla nó ina chainteoir Fraincise, agus páistí den ghrúpa eile mar gheall ar cad atá foghlamtha aige nó aici agus de bharr an pháirt atá glactha aige nó aici in oidhreacht chultúrtha éagsúil. Chomh maith leis sin, ba chóir don chlár scolaíochta na difríochtaí sin a chur san áireamh.”

– An Coimisiún Fiosrúcháin um Dhá-theangachas agus Dhéchultúrachas (1968, lch. 10).

Ar an lámh eile, ba chóir don tromlach a labhraíonn Béarla, trí idirghabháil a Rialtais Chuigigh agus Chríocha, beartanna dearfacha a ghlacadh le go gceadófaí do scoileanna Fraincise an tábhacht sin a chur in iúl agus ról áirithe a ghlacadh chun pobal an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis a chur chun cinn. Ghlac an Coimisiún le dea-mhéin na n-údarás cúige mar thalamh slán, toisc “gurb é cuspóir na n-údarás cuí cheana féin an córas oideachais is fearr atá ann a a chur ar fáil. Is é ár dtuairim ní fiú amháin gur chóir tuilleadh bá a bheith ann ar riachtanais na mionlach teangeolaíoch oifigiúil maidir le teanga agus cultúr de, ach go bhfuil sé riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach.” (lch.21).

Cuirtear an prionsabal comhionannais in iúl sa mholadh seo a leanas (1967, lch. 129): “molaimid go dtabharfar aitheantas sna córais scoile do cheart na dtuismitheoirí oideachas a thabhairt dá bpáistí ina rogha teanga oifigiúil; déanfar an prionsabal seo a chur i bhfeidhm de réir comhchruinniú geografach an mhionlaigh.” Tá an moladh seo mar fhoinsé d’Airteagal 23. In ionad Cairt ceartanna a dhéanadh, mhol an Coimisiún leasú a dhéanamh ar Airteagal 133 den *Acte de l’Amérique du Nord britannique* (lch. 21): “Bunóidh agus tacóidh gach cúige le bunscoileanna agus meánscoileanna a úsáideann Béarla amháin nó Béarla go príomha nó a úsáideann Fraincis amháin nó Fraincis go príomha mar theanga teagaisc, sna ceantair dhátheangacha agus sna críocha oiriúnacha eile mar a dheimhneofar sa reachtaíocht chúigeach iad; ní dhéanfar léirmhíniú ar aon téarma den Airteagal seo a chuirfeadh cosc ar scoileanna ina bhfuil cothromaíocht ag an dá theanga, Béarla agus Fraincis, ó thaobh múineadh de, nó ar aon scoil a d’fhéadfadh teagasc a thabhairt in aon teanga eile.” Mar sin féin, bheadh an toradh céanna ar an scéal.

Molann an Coimisiún scoileanna ar leith a bhunú a d’úsáidfeadh an teanga dhúchais mar phríomh-mhodh riaracháin, rud a chabhródh leis an gcuspóir polaitiúil a bhaint amach (lch. 10):

Más gá do Chomhcheangal Cheanada a bheith bunaithe, ina theacht chun cinn, ar phrionsabal comhionannais an dá chultúr, ba chóir dó a dhóthain maoinithe a chur ar fáil do gach pobal ar leith le haghaidh teagaisc ina dteanga féin. Ba chóir go mbeadh sé de cheart ag na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis nó a labhraíonn Béarla teagasc a thabhairt dá bpáistí ina dteanga féin agus go soláthrófaí don cheart seo go nithiúil sna seirbhísí atá

curtha ar fáil ag córas oideachais an chúige. Sa lá atá inniu ann, aithnítear go forleathan an ceart atá ag gach duine oideachas poiblí a fháil. Cuireann prionsabal an chomhionannais le feidhm ghinearálta an chirt seo: ní hamháin gur gá oideachas poiblí a sholáthar do gach páiste, ach chomh maith leis sin is gá a chinntiú go mbíonn cothrom na Féinne ag an bhFraincis agus ag an mBéarla mar theangacha teagaisc.

De réir an Choimisiúin, tá gá le scoileanna francafónacha ar leith chun dul chun cinn an oideachais i dtimpeallacht mhionlaigh a chinntiú agus chun pobal na gcainteoirí ina dtóghtar agus ina bhforbraítear an páiste a chothú (lch. 147):

Is mó ná gléas cumarsáide í teanga; is modh í chun cultúr faoi leith a chur in iúl; tá tionchar aici ar phearsantacht an phobail. Más gá don scoil béim a chur ar dhul chun cinn teanga agus cultúrtha an mhionlaigh, ní bheidh sé dóthanach go leor teanga an mhionlaigh a mhúineadh mar ábhar áirithe den churaclam. Chun teagmháil éifeachtach a dhéanamh le daoine eile, ní mór don dalta a fhoghlaim conas an teanga a úsáid le haghaidh gnéithe difriúla agus i gcúinsí éagsúla den saol. Chun forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainní criticiúla agus ar a gcumas cainte, is gá dó (nó di) modhanna smaointeoireachta a theanga féin a shaothrú. Tá eolas forleathan cruinn ar an dteanga dhúchais riachtanach le haghaidh fhorbairt intleachtúil an pháiste. Tá an-tábhacht ag baint le foghlaim na teanga dúchais do gach páiste go deimhin, ach tá tábhacht faoi leith ag baint le foghlaim na teanga dúchais i gcás páiste ón mionlach. Déanann an staid ina bhfuil siad beagnach cinnte de go mbeidh tionchar mór ag an teanga eile orthu taobh amuigh den bhaile. Fiú amháin sna réigiúin gurb é grúpa an mhionlaigh an grúpa is mó, beidh an teanga eile le cloisteáil ar an tsráid, ar an raidió agus ar an teilifís, agus le léamh sna nuachtáin. Mar sin, ba chóir don scoil gníomhú mar mheáchan cothromaithe i gcoinne thionchar na timpeallachta seo.

Beidh feidhm eile ag na bunscoileanna agus ag na meánscoileanna seo seachas gníomhú mar ionaid teagaisc agus seachadadh don chultúr Fraincise; tugann an luach siombalach atá acu sainordú dóibh gníomhú ar son fhorbairt an phobail (lch. 22):

Beidh stádas ar leith ag Scoileanna an mhionlaigh chun ár ndéchultúrachas a chur in iúl. Léireoidh siad prionsabal an chomhionannais go nithiúil,

De réir an Choimisiúin, tá gá le scoileanna francafónacha ar leith chun dul chun cinn an oideachais i dtimpeallacht mhionlaigh a chinntiú...

sna réigiúin nach bhfuil sé furasta dóibh aird a tharraingt orthu féin. I dteannta na mbuntáistí a bhronnfaidh siad ar na daltaí, mothóidh grúpa an mhionlaigh go bhfuil lánaitheantas bainte amach acu, d'ainneoin a gcuid difríochtaí, agus cabhróidh sé leis an tromlach a n-aird a dhírú ar theanga agus cultúr an mhionlaigh. I gcúigí áirithe, i láthair na huair, níl lorg an ghrúpa chultúrtha eile fiú le feiceáil den chuid is mó; mar sin, beidh sé mar aidhm ag scoileanna dúbailteacht chultúrtha Cheanada a chur in iúl.

Níor mhol an Coimisiún, áfach, féinbhainistíocht na scoileanna Fraincise. Is amhlaidh a chuaigh sé sin in éadan a chuid tuairimí, curtha in iúl roimhe seo, maidir le cearta “féinchinntiúcháin” na bpobal a labhraíonn Fraincis (1967, lch. xxxv) agus in éadan aon ní a thabharfadh ceart dóibh aontais riaracháin ar leith a bhunú i measc na bhfeidhmithe poiblí feidearálacha (1969, lch. 279). Is amhlaidh nach raibh sé de mhisneach ag an gCoimisiún féinbhainistíocht den sórt sin do chainteoirí Fraincise a mholadh chun nach mbeadh bac ar na Frainciseoirí a bhí go hiondúil faoi níos mó míbhuntáistí leas a bhaint as lárúchán an chórais oideachais sna 1960idí, d'ainneoin na gcontúirtí don phobal a bhí feicthe aige cheana féin. Ar dtús báire, molann an Coimisiún “go riaróidh coimisinéir amháin gach scoil den leibhéal céanna, bunscoil nó meánscoil, ceantar scoile faoi leith” (lch. 176). Agus chomh maith leis sin, “gur chóir go mbeadh ionadaithe den tromlach agus den mhionlach ar aon choimisiún scoile a bhfuil údarás aige i dtaca le scoileanna de cheachtar den dá theanga oifigiúla” (lch. 177). Mar sin féin, réitigh sé an bealach i dtreo bhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise (lch. 177): “Ceadófar ó am go ham tionchar níos mó a bheith ag an mionlach in eagraíocht an choimisiúin: ba chóir an coimisiún a roinnt ina dhá choiste, le ceann amháin ag feidhmiú ar son gach cineál scoil éagsúil, is é sin nuair a bhíonn a dhóthain den dá chineál scoile sa cheantar. Déanfaidh gach coiste cinntí riaracháin thar ceann na scoileanna lena mbaineann siad amháin; tiocfaidh an dá choiste le chéile chun cinntí a dhéanamh a bhaineann le líon iomlán na scoileanna sa cheantar.” Spreag na focail seo cás *Mahé* 24.

Sa dara cás, moltar go “leanfadh scoileanna mionlaigh an teanga oifigiúil, den chuid is mó, príomhaidhmeanna agus curaclam scoileanna an tromlaigh” (lch. 153-154). Mar sin féin, moltar féinbhainistíocht mhionlaigh áirithe freisin:

Ní leanann sé uaidh sin gur chóir do na hábhair a

mhúintear a bheith díreach mar an gcéanna. Tá a n-oidhreacht féin ag an mionlach agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh le linn teagasc éifeachtach ábhar áirithe. Is léir nach iad an eolaíocht agus an mhatamaitic atá i gceist anseo. Ach, mar a dúramar cheana, tá sé riachtanach cláir scolaíochta speisialta a chur ar bun chun an teanga dhúchais agus an dara teanga a mhúineadh, agus chun comhfhios faoina n-oidhreacht a mhúscailt sna daltaí trí theagasc a dteanga dúchais. Cothaíonn na hábhair atá gaolmhar leis an léann sóisialta (na social studies mar a ghlaotar orthu as Béarla) deacrachtaí ar leith. Níor chóir do dhifríochtaí móra a bheith ann idir curaclam scoileanna an mhionlaigh agus curaclam an tromlaigh; is féidir le teagasc na staire agus na tíreolaíochta a bheith mar an gcéanna do gach dalta i gcúige amháin. É sin ráite, ní féidir linn na héagsúlachtaí cultúrtha atá ann a shéanadh ach oiread. Bíonn gá ann ó am go h-am na cláir scoile a athrú chun freastal ar na cúinsí difriúla atá i saol an mhionlaigh. Go ginearálta, is é aidhm teagasc gach ábhair ná go rachaidh gach dalta ó eolas atá acu go dtí eolas nach bhfuil acu. Sa tíreolaíocht, mar shampla, múinfeadh ar dtús don dalta faoina chúige féin, agus ina dhiaidh sin faoin domhan mór chun a aigne a oscailt. Ar an gcaoi chéanna, sa léann sóisialta déanfar suim a mhúscailt ar dtús sna daltaí faoina sochaí féin agus ina dhiaidh sin faoi shochaithe éagsúla ar domhan. Is cuid de ghrúpa cultúrtha ar leith é dalta den mhionlach teangeolaíoch, agus ba chóir dó a fhoghlaim conas é féin a aithint agus a láithriú i gcomhthéacs níos leithne a chúige agus a thíre. Tá na modhanna seo bunaithe ar phrionsabail chruthaithe agus, ar a bharr sin, tá siad ar aon dul leis na cuspóirí atá leagtha amach againn: eolas a thabhairt don dalta mar gheall ar a oidhreacht chultúrtha. Trí churaclam na léann sóisialta mar a mhúintear iad i scoileanna an tromlaigh a chur in oiriúint sa tslí seo, bainfidimid amach cuspóirí cultúrtha agus teagasc scoileanna an mhionlaigh. Dá bhrí sin, molaimid, i dtaca leis na hábhair a bhaineann leis na léinn shóisialta, go gcuirfidh na cúigí na cláir scoile atá i ndán do scoileanna mionlaigh an teanga oifigiúil in oiriúint do chúinsí daltaí na scoileanna sin.

Is mar sin a shamhlaíonn an Coimisiún an chothromaíocht idir “comhtháthú cúng i gcóras an tromlaigh sa chúige céanna chun comhionannas an chaighdeáin a chinntiú [...agus] riarachán áirithe lena thréithe féin a fhreagróidh agus a chomhlíonfaidh riachtanais an mhionlaigh” (lch. 171). Ní chuireann

²⁴ Mahé [1990], lch. 374-375

an Coimisiún an t-am amú ag plé mionsonraí riaracháin. Is fear leis tagairt a dhéanamh do na saineolaithe agus don chiall choiteann. Dá bhrí sin, tá an Chúirt Uachtarach, na hAireachtaí Oideachais agus na CSFanna fós ag díospóireacht faoi thorthaí an fhiosrúcháin sin sé bliana is tríocha níos faide ar aghaidh. Mar sin féin, feiceann an Coimisiún go soiléir gur gá cláir scoile faoi leith a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do na cainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh. Aithníonn siad chomh maith gur chóir dóibh siúd a labhraíonn an Fhraincis a bheith páirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na gclár sin (lch. 173-174):

Déantar idirdhealú nuair a bhíonn cláir agus teanga teagaisc i gceist, ach sa chás sin freisin bíonn gá le comhoibriú daingean [...] Bíonn gá le mionphleanáil roimh ré agus uaireanta le cláir ullmhúcháin speisialta do na múinteoirí scoile le linn dóibh glacadh leis an gclár scoile nua. Ní gá a rá gur chóir riachtanais speisialta an mhionlaigh a chur san áireamh ag an am a dhéantar an cinneadh ábhar faoi leith sa churaclam a athrú. Beidh feabhas ar ullmhúchán na gclár, gan dabht, má bhíonn baint ag na daoine atá freagrach as teagasc an mhionlaigh le gach staid den phróiseas. Léireoidh na cláir nua tuismidh gach grúpa cultúrtha ar bhealach níos soiléire [...] Ní hamháin sna cláir scoile a bheidh riachtanais stiúirúcháin speisialta an mhionlaigh le feiceáil. Beidh gá chomh maith le seirbhísí pleanála atá freagrach as leithdháileadh na n-ionad scoile ag an scála réigiúnach, ach go háirithe do na cúrsaí sainfheidhmeacha ag an dara leibhéal agus sna hinstiúidí teicneolaíochta. Beidh gá freisin aird a thabhairt ar oiliúnt na múinteoirí sainfheidhmeacha, chun go mbeadh siad ábalta na hábhair éagsúla sa churaclam a mhúineadh trí mheán theanga an mhionlaigh. Ba chóir do na seirbhísí seo, mar aon leis na cláir, freagairt do riachtanais speisialta daltaí an mhionlaigh. Ní leagan simplí do na seirbhísí atá ar fáil don tromlach a bheidh i gceist. Beidh comhoibriú daingean ag teastáil chun aonfhoirmeacht na gcóras a chinntiú, ach cuirfear san áireamh cuspóirí bunúsacha scoileanna an mhionlaigh. Dá bhrí sin, molaimid go mbronnfaidh na hAireachtaí Oideachais freagracht ar na rannáin, na seirbhísí nó na státseirbhísí éagsúla maidir le scoileanna an mhionlaigh theangeolaíoch oifigiúil sna réimsí ina bhfuil difríochtaí teanga nó cultúrtha le feiceáil. Ba chóir do na hAireachtaí a bheith inniúil chun comhoibriú i bhforbairt seirbhísí den chineál céanna do

scoileanna an mhionlaigh theangeolaíoch agus do scoileanna an tromlaigh a chinntiú.

Chomh maith leis sin, réitíonn an Coimisiún an bealach i gcomhair rannpháirtíochta feidearálaí i réimse an oideachais. Is amhlaidh a thug sé faoi deara go ndearna an Rialtas feidearálach idirghabháil cheana féin i réimse inniúlachta cúigeach nuair a bhí baint aige le hoideachas bhunleibhéal agus dara leibhéal na mBundúchasach, na Fórsaí Cosanta agus leis na hAmbasáidí agus na Consalachtaí (lch. 130-135). É sin ráite, i dtaca le cúrsaí oideachais na gcainteoirí Fraincise, déanfar rannpháirtíocht an Rialtais fheidearálaigh a shrianadh chun maoiniú na gcostas breise atá riachtanach le haghaidh oideachais i dtéanga an mhionlaigh a chur ar fáil, agus mar sin, an t-aontas náisiúnta a dheimhniú freisin (lch. 200-201):

Íocfaidh na rialtais chúigeacha na gnáthchostais teagaisc; agus is féidir linn a rá go gclúdaíonn an oibleagáid sin na costais a bhaineann le bunú teagaisc atá oiriúnach don mhionlach. Ag an am céanna, is gá dúinn cuimhniú nach féidir leis na húdaráis chúigeacha gach riachtanas i dtaca leis an teagasc a chomhlíonadh go hiomlán. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do chuid de na riachtanais atá ag na daltaí ar fad. Is féidir leo, mar shampla, tús áite a thabhairt dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta sna réigiúin uirbeacha. Ón taobh náisiúnta de, áfach, tabharfar tús áite do pháistí an mhionlaigh, siocair go bhfuil sé riachtanach dul chun cinn na scoileanna mionlaigh a chinntiú má theastaíonn uainn sainiúlacht dhátheangach agus dhéchultúrach Cheanada a chaomhnú. Is cuspóir coiteann é do na húdaráis fheidearálaigh agus chúigeacha teagasc a fheileann don mhionlach teangeolaíoch oifigiúil a chur ar fáil, ach tá cúis faoi leith gur mhaith leis an Rialtas feidearálach an teagasc sin a chur ar bun chomh luath agus is féidir. Ní leanann sé uaidh seo gur chóir don Rialtas feidearálach maoiniú scoileanna an mhionlaigh a chinntiú; beidh na cúigí freagrach as na gnáthchostais teagaisc a íoc. Ach tá sé réasúnta a bheith ag súil leis go gcúiteoidh an Rialtas feidearálach na cúigí maidir le haon chostais *bhreise*. Ar an gcaoi seo, beidh na húdaráis Chúigeach i riocht scoileanna a thairiscint do mhionlach na teanga oifigiúil taobh istigh de chreat an ghnáthchóras oideachais. Dá bhrí sin, molaimid go nglacfaidh an Rialtas Feidearálach leis an bprionsabal seo: freagracht a ghlacadh do na costais bhreise a bheidh i gceist i dtéagasc na teanga theanga an mhionlaigh oifigiúil.

Molann an Coimisiún “go ndéanfaí meastacháin ar an bhfóirdheontas cónaidhme a thabharfar do gach cúige le haghaidh scoileanna an mhionlaigh theangeolaíoch oifigiúil de réir líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar na scoileanna úd, agus go ndéanfar meánchostas seasta de 10% d’iomlán an chostais teagaisc do gach dalta sa chúige a ráthú” (lch. 201-202). D’fhógair an Rialtas feidearálach a chlár ó 1969 i leith²⁵.

Ba é tuairim dheiridh an Choimisiúin ná go raibh todhchaí Cheanada mar thír aontaithe ag brath go mór ar chomhionannas agus dhátheangachas agus dhéchtúlúrachas a chothú. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, “is gá ar dtús go n-athrófaí meon phobal Cheanada. Ba chóir dúinn a bheith níos íogairí maidir le suntas an déchtúlúrachais agus na hiarmhairtí a ghabhann leis, mar atáimid cheana féin maidir leis an daonlathas agus le cearta an duine. [...] I gCeanada, ba chóir dúinn comhionannas an dá shochaí a bheith mar aidhm againn. Ba chóir don oideachas cabhrú linn an aidhm sin a bheith mar cheann de luachanna comhchoiteanna de gach Ceanadach” (lch. 269). Deirtear an méid seo chomh maith (lch. 305):

Níor chóir dúinn an teagasc a mheas mar an t-aon nó fiú amháin mar an príomhréiteach ar fhadhb an chaidrimh idir an dá phríomhghrúpa teangeolaíoch cultúrtha. Mar sin féin, is codanna bunúsacha iad na cearta teanga agus na córais scoile i réimeas comhionann, agus cabhróidh leasanna sna réimsí sin le feabhas a chur leis an gcaidreamh idir an dá shochaí.

Tá an dúbailteacht scolaíochta ar cheann de na modhanna is tábhactaí atá ag an gCoimisiún chun comhionannas an dá theanga agus an dá chultúr a chinntiú, rud ba chóir a bheith ráthaithe cheana féin ag an gcomhaontas comhfhlaitheasach. Léiríonn an tsiollóg seo a leanas tábhacht pholaitiúil na gcearta teagaisc:

- Chun deighilt Cheanada a sheachaint, is gá na coimhlíntí teanga a laghdú.
- Chun na coimhlíntí teanga a laghdú, is gá cosc a chur ar bheartais a ghlacann an Rialtas Cúigeach leo agus a dhéanann dochar don mhionlach teangeolaíoch, ach go háirithe i réimse an oideachais.
- Chun beartais urchóideacha a bhfuil glactha ag na Rialtais Chúigeacha leo a chosc, is gá an ceart a bhronnadh ar thuismitheoirí an mhionlaigh teagasc a thabhairt dá bpáistí ina dteanga dhúchais, chomh maith le

cearta eile maidir le hionaid scoile faoi leith a bhunú agus curaclam scoile a chur ar fáil atá oiriúnach dá riachtanais theangeolaíocha chultúrtha speisialta a thabhairt dóibh.

Is iad seo na cúiseanna céanna a spreag an Rialtas Feidearálach agus Cúige Airteagal 23 a inscríobh sa *Charte* i ndiaidh ceithre bliana déag d’idirbheartaíocht bhunreachtúil. Is é teip Victoria i 1971 a chur iallach ar na cúigí na cearta scoile céanna a bhí ag na cainteoirí Béarla sa chúige sin a bhronnadh d’aon toil ar na cainteoirí Francise taobh amuigh de Québec sé bliana ina dhiaidh sin²⁶. Is é Airteagal 23 den *Charte*, ar glacadh leis i 1982, a dhéanann an comhaontas sin a mhacallú.

Cuid B: An dlí-eolaíocht a bhaineann le hAirteagal 23 ó 1982 i leith

Ag léamh cuid den tuarascáil dúinn, is féidir linn a thuiscint cén fáth ar glacadh le hAirteagal 23 i 1982, ach freisin is féidir a shamhlú cén fáth a raibh ar na cúirteanna léirmhínte éagsúla a dhéanamh air ag staideanna áirithe ón uair a daingníodh sa dlí é. Ar lámh amháin, ós rud é gurb í an scoil Francise an institiúid phoiblí is bunúsaf le haghaidh fhorbairt na bpobal a labhraíonn Francis atá faoi bhagairt ag an gcomhshamhlú i dtimpallacht mhionlaigh, theastaigh ó na cainteoirí Francise an chloch is mó ar a bpaidrín a dhéanamh d’Airteagal 23. Ar an lámh eile, toisc gur iompaigh an dlí teangeolaíoch nua seo, a líon bearna dhlíthiúil thar oíche, réimse an oideachais bunoscionn, bhí deacracht ag na hAireachtaí Oideachais méid a n-údarais a laghdú áit a mbíodh údarás acu féin amháin. Mar sin, níorbh fhéidir do na hathruithe bunúsacha a bhí leagtha amach in Airteagal 23 agus a d’éiligh na cainteoirí Francise a bheith ann i dteannta an status quo coibhneasta a d’éiligh na hAireachtaí Oideachais. Ar a bharr sin, bhí gá le cruinneas a chur ar chuid de na téarmaí a bhí sa téacs bunreachtúil, ach go háirithe maidir le líon dóthanach na ndaltaí, le “foráil teagaisc i dteanga an mhionlaigh” agus le “hionaid teagaisc an mhionlaigh theangeolaíoch”. Bhí gá mar sin le hidirghabháil bhreithiúnach.

Pléadh trí bhreithiúnas a thug Cúirt Uachtarach Cheanada leis an mbainistíocht scoile: *Mahé* (1990), *Renvoi Manitobain* (1993) agus *Arsenault-Cameron* (2000)²⁷. I ndiaidh na dtrí bhreithiúnas sin, is gá do gach cinneadh i dtaca le polasaí agus riaracháin atá dírithe ar bhainistíocht scoile na gcainteoirí Francise

²⁶ Fógair an dteanga, 18ú Comhdháil na bPríomh-Airí, 19ú Lúnasa, 1977.

²⁷ Is féidir breithiúnais eile de chuid na Cúirte Uachtaraí a chur leis na trí bhreithiúnas príomha sin, ach go háirithe, *Renvoi relatif à la sécession du Québec* [1998], 2 R.C.S., 217, Reine c. Beaulac [1999], 1 R.C.S., 768, *Commission des écoles protestantes c. Québec* [1989], 1 R.C.S., 377 et *Doucet-Boudreau c. Nouvelle-Écosse* [2003], R.C.S., 62, chomh maith le himeachtaí bhreithiúnais tosaigh, go háirithe *Mahé c. Alberta* [1987], 80 A.R., 161, 42, D.L.R. (4ú), 514, *Reference re Education Act of Ontario and Minority Language Education Rights* [1984], 10 D.L.R., (4ú), 491, agus *Reference re Minority Language Educational Rights (PEI)* [1988], 69 Nfld & PEI, 236.

cloí le aon phairiméadar déag bunúsach. Scrúdaítear an t-aon phrionsabal déag dlíthiúil seo sa chuid seo den tuarascáil. Déantar ár gcur síos ar an dlí-eolaíocht chuí a roinnt i gceithre rannóg ar leith (polaitiúil, pobail, teagasc agus riaracháin) a thugann le chéile an t-aon phrionsabal déag dlíthiúil, chomh maith leis na seacht ngníomhaíocht eisiacha atá ag na CSFanna agus na cúig dhualgas dhearfacha atá forchurtha mar choinníoll ag Rialtais na gCúigí agus na gCríoch ar a bhfuil tromlach a labhraíonn Béarla, maidir le hAirteagal 23.

Tá cuspóir heorastúil ag an sintéis seo: cabhraíonn sé le ceist lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise a mhíniú agus leis na riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta a bhaineann leis a chur in iúl. Mar sin féin, tá easpa fós sa sintéis. Tá iliomad sonraí agus miondifríochtaí in easnamh. Mar shampla, mar atá feicthe againn, tá dáileadh deimhneach na gcumhachtaí faoi seach bainteach leis na cláir scoile fós le déanamh: is doiligh idirdheighilt a dhéanamh idir an chumhacht “cláir scoile a bhunú” (gníomhaíocht eisiach de chuid na CSFanna) agus é sin a thugann cead “cláir scoile a fhorbairt as Fraincis de réir riachtanas an mhionlaigh” (freagracht atá ar na hAireachtaí Oideachais).

1. An Rannóg Pholaitiúil:

Éagóracha an ama atá thart ba chúis le meath daonra an mhionlaigh a chur ina gceart agus comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a chinntiú don todhcháí trí mhodh féinbhainistíochta scoileanna an mhionlaigh agus trí bhearta cúigeacha dearfacha.

Táthaíonn an rannóg pholaitiúil ceithre phrionsabal breithiúnais le chéile. Déanann an chéad dá cheann tagairt do chuspóir Airteagal 23: **(1)** éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart i dtreo **(2)** comhionannas an dá phobal teanga a chinntiú don todhcháí. Baineann an dá cheann eile le cothromaíocht pholaitiúil a chothú idir institiúidí scoile an mhionlaigh agus an tromlaigh: **(3)** bunú na CSFanna mar institiúidí polaitiúla an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis chun cothromaíocht na cumhachta idir na CSFanna agus na cumhachtaí cúigeacha a shocrú **(4)** idirghabháil dhearfach Rialtas na gCúigí.

a) Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an mhionlaigh

Sa bhreithiúnas *Mahé*, d'fhógair an Chúirt

Uachtarach *raison d'être* Airteagal 23 sna téarmaí seo a leanas: “Tá cuspóir ginearálta Airteagal 23 soiléir: déanann sé iarracht dhá theanga oifigiúla Cheanada a chur chun cinn chomh maith leis na cultúir lena mbaineann siad agus oibríonn sé, a oiread agus is féidir, ar son scaipeadh an dá theanga sna cúigí ina labhraítear mar theangacha an mhionlaigh iad.” I mbeagán focal, “teanga agus cultúr an mhionlaigh a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud Cheanada”²⁹. Cuirtear leis an méid seo, á rá gurb é aidhm Airteagal 23 “meath leanúnach daonra an mhionlaigh a labhraíonn ceann amháin nó ceann eile de theangacha an mhionlaigh a chosc, agus coincheap na “bpáirtnéirí comhionanna” i dtaca leis an dá ghrúpa theangeolaíochta oifigiúla a chur i bhfeidhm i réimse an oideachais”³⁰.

Deich mbliana ina dhiaidh sin, rinne an Chúirt an aidhm seo a fhógairt go hard: “is é cuspóir bunúsach an airteagail seo ná [...] éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus ceart comhionann a thabhairt don mhionlach teangeolaíoch oifigiúil teagasc d’ardchaighdeán a chur ar fáil ina dteanga féin, i gcúinsí a chabhraíonn le forbairt agus dul chun cinn an phobail”³¹. Léirítear dhá phointe thábhactacha bhreise anseo. Sa chéad dul síos, gur chóir don teagasc a bheith ar “ardchaighdeán”. Roimh bhreithiúnas *Arsenault-Cameron*, rinneadh tagairt do chaighdeán comhionann, gan aon tagairt a dhéanamh do chaighdeán a bheadh díreach mar an gcéanna. Sa dara háit, gur chóir don chinneadh dul i bhfábhar “fhorbairt an phobail”. Roimh an mbreithiúnas seo, rinneadh tagairt do chomhionannas an dá phobal. Cuireann an dá phointe seo, a leanann ó bhreithiúnas *Beaulac*³², miondifríochtaí tábhactacha le coincheap lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise.

Is gléas mar sin é Airteagal 23 chun cabhrú leis an mionlach atá faoi bhagairt comhrac in aghaidh comhshamlú trí acmhainní bunúsacha stáit a bhronnadh air mar thacaíocht. Chomh maith leis sin, feidhmeoidh an scoil Fraincise, do na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis, mar “an ráthaíocht is fearr atá ann chun nach ‘gcomhshamlófaí’ a bpáistí”³³. Déanann sé seo tagairt don chaillteanas déimeagrafach a tharla i bpobal na gcainteoirí Fraincise ó bunaíodh an Chonaidhm Cheanadach i 1867. Is amhlaidh a áiríodh 1,015,815 cainteoir dúchais Fraincise Ceanadach i 2001 a bhí ina gcónaí sna cúigí agus sna críocha ina bhfuil tromlach cainteoirí Béarla³⁴, ach is féidir iad a chomhaireamh freisin de réir a mbunús eitneach mar a léirigh na

²⁵ Fógra Gérard Pelletier, Débats de la Chambre des communes: 6ú Samhain, 1969, lch. 577.

²⁸ Sa bhreithiúnas *Arsenault-Cameron* ([2000], réamhrá), maíonn an Chúirt Uachtarach an méid céanna arís: “Déanann Airteagal 23 iarracht, ar scála náisiúnta, meath leanúnach na ngrúpaí teangeolaíochta oifigiúla san am atá thart a chur ina gceart, agus páirtnéirí comhionann i réimse an oideachais a dhéanamh den dá ghrúpa theangeolaíochta oifigiúla.”

²⁹ Mahé [1990], lch. 371.

³⁰ Ibid, lch. 344.

³¹ *Arsenault-Cameron* [2000], réamhrá.

³² Beaulac [1999], alt 24.

³³ Mahé [1990], lch. 359.

³⁴ Staidreamh Cheanada, Daonáireamh 2001. Cuireann an t-íomlán seo san áireamh Ceanadaigh

ag a bhfuil an Fhraincis mar theanga dhúchas simplí nó iolrach acu (Béarla agus Fraincis; Fraincis agus teanga eile; Fraincis, Béarla agus teanga eile).

staitisticí i 2001³⁵. Déanann an comhshamhlú sin tagairt chomh maith do chailteanas cultúrtha i dtaca le Ceanadaigh nach féidir leo labhairt lena gclann nó le clann a gclainne i dteanga na sinsear. Cuireann na cailteanais seo in iúl an tábhacht a bhaineann leis an teanga a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Cuireann siad in iúl fosta, an tábhacht a bhaineann le coincheapa bunreachtúla cosúil le “teanga dhúchais” agus “tuismitheoirí” atá inscríofa in Airteagal 23. Cabhraíonn an beart sin le tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí a dteanga agus a gcultúr a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile: “Léiríonn sé gné thábhachtach faoi leith [...] mar gheall ar an bpáirt bhunúsach a imríonn an teagasc i gcaomhnú agus i bhforbairt bheogacht na teanga agus an chultúr”³⁶. De réir na Cúirte, “is í an scoil an institiúid is tábhachtach chun an mionlach teangeolaíoch a chothú, agus is í an scoil fíorthairbhí Airteagal 23”³⁷.

Is toradh é an meath stairiúil seo a bhaineann go páirteach le polasaithe scoile cúigeacha:

Níor achtaigh an reachtóir na bearta seo ar fad ar bhonn réasúnú teibí. Nuair a ghlac sé leo, bhí láneolas aige air agus bhí in intinn aige an réimeas dlíthiúil a bhí curtha in áirithe do na mionlaigh theangeolaíocha a labhraíonn Fraincis agus a labhraíonn Béarla bainteach le teanga na múinteoireachta do chúigí éagsúla Cheanada. Bhí stair na réimeas sin in intinn aige freisin, ón sean-am, cosúil le Rialacháin 17 a chur cosc ar feadh tamaill ar theagasc na Fraincise i scoileanna neamhspleácha Ontario, [...] go dtí an tréimhse úrnua a bhain le Dlí 101 agus leis na réimis a bhí ann roimhe i Québec. Bíodh sé ceart nó mícheart, ní hé gnó na Cúirte é a rá go raibh roinnt de na réimis easnamhach i bhfeidhm, agus b'fhéidir gach ceann acu, ag am na reachtaíochta, agus theastaigh uaidh na lochtanna sin a chur i gceart trí mhodhanna ceartúcháin aonfhoirmeacha, iad siúd atá in Airteagal 23 den Chairt, ar ar bhronn sé ag an am céanna an tréith a bhaineann le ráthaíocht bhunreachtúil³⁸.

Is é aidhm Airteagal 23 ná “éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís sa todhchaí”³⁹. Mar sin, tá “ról ceartaithe”⁴⁰ aige. Cruthaíodh é go speisialta chun “aghaidh a thabhairt ar fhadhb faoi leith a bhí i gCeanada” agus chun “an status quo a athrú”⁴¹. Is amhlaidh a “thugann eiseadh an airteagail le fios go raibh rud éigin in easnamh sa chóras ag an am”⁴². Cuireann na téarmaí “éagóir”, “ceartú”,

“fadhb” agus “easnamh” in iúl go ríshoiléir ar fad doimhneacht na n-iarmaidí díobhála a bhí ann don mhionlach francafónach.

Go hachomair, tá an loighic atá taobh thiar d'Airteagal 23 simplí. Tá dhá phríomhphobal theangeolaíocha i gCeanada. Tá comhshamhlú ag tarlú do phobal na gcainteoirí Fraincise an t-am ar fad, ach go háirithe taobh amuigh de Québec. Chun nach laghdófaí an dinimic theangeolaíoch agus nach dtarlódh deighilt críche dá bharr – an Fhraincis sa Québec, an Béarla sna háiteanna eile – tá gá ag na teaghlacha agus ag na pobail a labhraíonn Fraincis taobh amuigh de Québec le tacaíocht shóisialta ionas go mbeidh siad in ann seasamh a dhéanamh i dtípeallacht cheannasach Bhéarla. Is í an scoil Fraincise an modh poiblí faoi phribhléid chun cultúr na Fraince a scaipeadh agus a chothú i gCeanada. Toisc gur tharla sé cheana gur cuireadh i bhfeidhm polasaithe díobhála ó thaobh oideachais as Fraincis, tá gá le modhanna a aimsiú “chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus a bheith cinnte nach dtarlóidh a leithéid arís go deo”⁴³. Is é an modh pribhléideach a bhainfidh an cuspóir seo amach ná ceart bunreachtúil a chuireann oideachas as Fraincis ar fáil do na cainteoirí Fraincise chomh maith leis na hacmhainní bunreachtúla chun na hionaid scoile sin a bhainistiú ar bhealach atá oiriúnach do riachtanais áirithe an phobail lena mbaineann siad. Tá cur i gceart éagóracha an ama atá thart chun comhionannas comhchoiteann don todhchaí a chinntiú i gcroílár Airteagal 23.

Mar sin, is é an príomhchuspóir stairiúil atá ag Airteagal 23: éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart i dtreo comhionannas a chinntiú sa todhchaí. Déantar an gealltanais seo le go mairfidh pobail na dteangacha oifigiúla i dtípeallacht mhionlaigh agus, mar thoradh air sin, go mairfidh an tír chónaidhmeach. Déanta na fírinne, is í “slat tomhais Cheanada i leith an dátheangachais agus an déchultúrachais”⁴⁴ an beart seo. Ar a bharr sin, tá cuspóir sochaíoch aige a ghabhann thar sainordú teagaisc na scoileanna agus sainordú pobail na scoileanna Fraincise: bunaíonn sé láithreach teanga agus chultúr na Fraincise ar fud Cheanada.

Cuireann an léirmhíniú sin d'Airteagal 23 na cearta teanga i réimse an oideachais ag croílár thionscadal dhúbailteacht Cheanada agus gabhann sé níos faide fiú amháin. Rinne an Chúirt Uachtarach dhá chinneadh thábhachtacha ar an ábhar sin ó 1998 i leith. Sa *Renvoi relatif à la sécession du Québec* (1998), dearbhaíonn an Chúirt nach bhfuil forlámhas an

³⁵ Tá sé dodhéanta uimhir iomlán na gCeanadach atá de bhunús eitneach a labhraíonn Fraincis a dheimhniú, toisc gur chur an trían chuid de na daoine a d'fhreagair an daonáireamh in iúl go raibh bunús eitneach “Ceanadach” acu. Ag baint an eolais chuí as meastúcháin ar fhorbairt an phobail de bhunús eitneach a labhraíonn Fraincis idir 1961 agus 1971, is féidir a bhaint de thátal as go bhfuil tuairim is 1,500,000 duine de bhunús eitneach a labhraíonn Fraincis i gCeanada.

³⁶ Mahé [1990], lch. 350.

³⁷ Arseneault-Cameron [2000], réamhrá.

³⁸ Procureur général du Québec c. Quebec Association of Protestant School Boards [1984], 2 R.C.S., lch. 66.

³⁹ Mahé [1990], lch. 372-373.

⁴⁰ Ibid., lch. 363.

⁴¹ Idem.

⁴² Mahé c. Alberta [1987], 534.

⁴³ Mahé [1990], lch. 372.

⁴⁴ Ibid., lch. 350.

dlí spleách ar an mBunrecht agus ar na téacsanna reachtaíochta amháin, ach freisin go bhfuil siad spleách ar “an gcóras rialacháin agus prionsabail ar fad a rialaíonn feidhmiú na gcumhachtaí bunreachtúla”⁴⁵. Leis an bhfírinne a dhéanamh, liostaíonn sé ceithre phrionsabal bhunreachtúla bhunúsacha: “an chónaidhmeacht, an daonlathas, an bhunreachtúlacht agus príomhaíocht an dlí, agus meas ar na mionlaigh”⁴⁶. Ag déanamh tagairte don phrionsabal deiridh, deirtear: “Fiú amháin murar féidir linn a rá go bhfuil cuntas teiste Cheanada maidir le cosaint chearta an mhionlaigh gan smál, bhí an chosaint seo, ó bhunús na Cónaidhmeachta, mar chuspóir ag na Ceanadaigh le himeacht aimsire agus caithfear a admháil nár theip ar an aidhm sin go huile agus go hiomlán. Tá tionchar leanúnach ag prionsabal cosaint chearta an mhionlaigh ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm ár mBunreacht.”⁴⁷ Mar sin, ba chóir d’aon idirbheartaíocht idir rialtais eile Cheanada agus Rialtas Québec, a d’ullmhóidh an bealach le haghaidh reifrinn i bhfábhar scaradh an chúige sin “aird a thabhairt ar leasanna na gcúigí eile, an Rialtas Feidearálach, Québec, agus, déanta na fírinne, ar chearta na gCeanadach uile taobh istigh agus taobh amuigh de Québec, agus ach go háirithe ar chearta an mhionlaigh.”⁴⁸ Is gnéithe den phrionsabal bunúsach bunreachtúil ar a nglaothar “meas ar na mionlaigh” atá mar bhuntacaíocht ag Cónaidhm Cheanada iad cearta teangeolaíochta an mhionlaigh, agus iad siúd atá leagtha síos in Airteagal 23 san áireamh.

Seasann breithiúnas *Beaulac* (1999)⁴⁹ leis an gconclúid chéanna. Is amhlaidh a lig an cinneadh sin don Chúirt a rialú gur chóir na cearta teanga “a léirmhíniú i ngach cás de réir a n-aidhmeanna”, is é sin le rá, i leith “caomhnú agus fás na bpobal teanga oifigiúil i gCeanada”⁵⁰. Is gléasanna bunúsacha iad na cearta teanga le haghaidh an cuspóir sin a bhaint amach, agus iad siúd atá leagtha síos in Airteagal 23 san áireamh. Ina sheal, tugann an cuspóir sin aghaidh ar fhíorchomhionannas, “an ceart-íosmhéid ó thaobh leas cóir agus aontas Cheanada”⁵¹. Tugann fhíorchomhionannas le tuiscint “nár chóir, i dtimpeallacht institiúideach dhátheangach, go bpléifí le héileamh seirbhíse i dteanga an mhionlaigh amháil is go mbeadh teanga oifigiúil príomha ann a bhí faoi oibleagáid freastail d’úsáid na teanga oifigiúil eile. Is é an prionsabal treorach ná comhionannas an dá theanga oifigiúil.”⁵² Dá bhrí sin, is gá údar a thabhairt d’aon diúltú stáit i leith baill den mhionlach teangeolaíoch: “Is é diúltú an éilimh mar sin atá mar

eisceacht agus gur chóir údar a thabhairt dó. Luíonn ualach an fhírinnithe sin leis an Aireacht Phoiblí.”⁵³

Admhaíonn an Chúirt, áfach, nach bhfuil fíorchomhionannas ann fós: séard atá ann ná “struchtúr neamhchríochnaithe de chearta teangeolaíochta bunúsacha”⁵⁴. Tá “carachtar comhchoiteann cúitimh” ag na cearta teanga a chuirtear san áireamh in Airteagal 53 den *Code criminel* agus in Airteagal 23 den *Charte*, chomh maith leis na cosúlachtaí atá eatarthu maidir lena “nadúr substainteach” agus leis an bpríomhchuspóir atá acu: is é sin “tacaíocht a thabhairt do phobail an dá theanga oifigiúil rochtain comhionann ar sheirbhísí ar leith ina dteanga féin a fháil”⁵⁵. Anois, tugann fhíorchomhionannas trí ghné ar leith le tuiscint. Ar an gcéad dul síos, “coincheap na gluaiseachta i dtreo comhionannas teangacha oifigiúla Cheanada mar a mhínítear i mbreithiúnas Jones”⁵⁶. Ina dhiaidh sin, “éilíonn cearta teanga de chineál institiúideach beartanna rialtais le hiad a chur i bhfeidhm, agus cruthóidh siad oibleagáidí don Stáit dá bhrí sin”⁵⁷. Ar deireadh thiar, “níor chóir go measfaí cur i bhfeidhm na gcearta teanga mar chás eisceachtúil, nó mar fhreagra de shaghas éigin is gá a chur san áireamh.”⁵⁸ Ba chóir don Stát Ceanadach, chomh maith leis na húdarais chónaidhmeacha agus chúigeacha, feidhmiú ar bhealach réamhghníomhach chun “seasamh agus scaipeadh na bpobal teanga oifigiúil i gCeanada”⁵⁹. a chinntiú. I bhfocail eile, “Ní cearta diúltacha iad na cearta teanga, ná cearta éighníomhacha ach oiread; mura gcuirtear na hacmhainní ar fáil, ní féidir iad a chur i bhfeidhm”⁶⁰. Beidh an cuspóir sin mar threoir ag na cúirteanna fosta.

Míníonn Renvoi manitobain an tábhacht atá ag baint le hAirteagal 23 a léirmhíniú ar bhunús an chuspóra atá aige: ba chóir na freagraí a thugtar ar na ceisteanna conspóideacha “a cheapadh ar bhealach a fhábhroidh chomh mór agus is féidir scaipeadh agus caomhnú an mhionlaigh theangeolaíoch Fraincise sa chúige”⁶¹. Sonraíonn an breithiúnas sin go soiléir gur chóir “léirmhíniú cúiteach a dhéanamh ar an gceart a bronnadh, agus éagóracha an ama atá thart nár cuireadh ina gceart a chur san áireamh, rud a d’éignigh dul ar thóir cosaint chearta teangeolaíochta an mhionlaigh.”⁶² I bhfocail eile, sa chaoi is go “mbeadh sé in ann botúin an ama atá thart a chur ina gceart, is gá léirmhíniú leathan agus liobrálach” a dhéanamh ar an airteagal”⁶³ Dá bhrí sin, ba chóir do gach cinneadh a dhéanann Aireacht Oideachais maidir le cúrsaí oideachais i gcroílár saol an

⁴⁵ Renvoi relatif à la sécession du Québec [1998], réamhrá.

⁴⁶ Ibid., alt 146.

⁴⁷ Ibid., alt 81.

⁴⁸ Ibid., réamhrá.

⁴⁹ Beaulac [1999], lch. 768.

⁵⁰ Ibid., alt 25.

⁵¹ Ibid., alt 23.

⁵² Ibid., alt 39.

⁵³ Ibid., alt 24.

⁵⁴ Ibid., alt 23.

⁵⁵ Ibid., alt 56.

⁵⁶ Ibid., alt 24.

⁵⁷ Idem.

⁵⁸ Idem.

⁵⁹ Ibid., alt 25.

⁶⁰ Ibid., alt 20.

⁶¹ Renvoi manitobain [1993], lch. 850.

⁶² Ibid., lch. 850-851.

⁶³ Arsenault-Cameron [2000], alt 9.

mhionlaigh a labhraíonn Fraincis, éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus a bheith i bhfabhar caomhnú agus cur chun cinn phobal na gcainteoirí Fraincise, leis an aidhm comhionannas an dá phobal teanga a chinntiú. Mura mbíonn gníomhaíochtaí na hAireachta fuinniúil go leor “le héifeacht a thabhairt do na cinntí a dhéanann sí maidir le cur chun cinn agus caomhnú an phobail teanga mhionlaigh [...]”⁶⁴, déanfar a cumhacht ar chinntí maidir le hoideachas trí Fhraincis a laghdú. Sin a rinne an Chúirt Uachtarach i mbreithiúnas *Arsenault-Cameron*, toisc go raibh tionchar ag cinneadh Aireacht Oideachais Oileán Phrionsa Éadbhard “maidir le comhshamhlú páistí an mhionlaigh theangeolaíoch”⁶⁵ sa chúige.

Chomh maith leis sin, braitheann comhionannas an dá phobal theangeolaíoch ar chothromaíocht na gcumhachtaí cinnidh atá idir an Aireacht Oideachais agus comhairle scoile na gcainteoirí Fraincise. Is féidir an chothromaíocht sin a chinntiú trí údarás eisiach áirithe a tharmligean chun na CSFanna, toisc “nach féidir fanacht go dtí go dtuigeann agus go n-aithníonn an tromlach na bealaí difriúla inar féidir leis na modhanna teagaisc tionchar a bheith acu ar theanga agus ar chultúr an mhionlaigh”⁶⁶. Fillimid ar an scéal seo níos déanaí.

b) Comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a oifigiúla a chinntiú

Chun comhionannas a bhaint amach, is gá aird a thabhairt ar chúiteamh na héagóra. I réimse oideachais Cheanada, is iad na cainteoirí Fraincise taobh amuigh de Québec, den chuid is mó, a d’íoc go daor as an éagóir sin. Thug an Coimisiún Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchultúrachas le fios go raibh dhá éagóir ar leith ann. Bhain an chéad cheann le torthaí scoile: bíonn teagasc trí Bhéarla míbhuntáisteach do na cainteoirí Fraincise óga. Bhain an dara ceann leis na héagóracha a bhí ann i dtaca le hionaid scoile: chuir éagmais na scoileanna Fraincise leis an gcomhsamhlú. Mar sin, ba chóir d’Airteagal 23 comhionannas na dtorthaí scoile agus comhionannas na n-ionad teagaisc a chinntiú.

Ach is rud coibhneasta é an comhionannas. De réir an Choimisiúin, “is idéal é an comhionannas, rud absalóideach nach féidir a bhaint amach go huile agus go hiomlán choíche. É sin ráite, is féidir an bhearna atá idir an idéal sin agus an réaltacht a laghdú le cabhair beart dearfach” (1968, lch. 7). Lean na cúirteanna snáithe an smaoinimh sin. Go sonrach, chuir an Chúirt Uachtarach srian le teagasc na Fraincise, ag lígean dó in

aon áit a raibh sé “indéanta go praiticiúil”⁶⁷.

Mar sin féin, dhiúltaigh an Chúirt chomh maith do “choincheap foirmeálta comhionannais a bheadh mar aidhm aige an dá ghrúpa theangeolaíoch, mionlach agus tromlach, a láimhseáil ar an gcaoi chéanna”⁶⁸. Is amhlaidh a bhí gá “le láimhseáil ar leith don mhionlach teangeolaíoch oifigiúil chun comhionannas réaltach a bhaint amach, agus dá mba ghá é, é seo a dhéanamh de réir a chúinsí agus a riachtanas speisialta, chun leibhéal oideachais ar aon chaighdeán leis an tromlach teangeolaíoch oifigiúil a chur ar fáil dóibh”⁶⁹. Dá bhrí sin, tá ceart an chomhionannais ag an mionlach, ach tá de cheart aige freisin láimhseáil faoi phribhléid a fháil chun drochthionchar thimpallacht an tromlaigh a leigheas.

Más fíor é go bhfuil an comhionannas seo coibhneasta, ní hé sin le rá go bhfuil sé go hiomlán teoiriciúil. Is amhlaidh a thagann comhionannas an dá phobal teangeolaíoch ar an bhfód go nithiúil i réimse an oideachais trí chothromaíocht na dtorthaí, na n-ionad agus na gclár a bhaint amach.

Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an gCúirt gur “chóir do chaighdeán an oideachais a thugtar don mhionlach a bheith ar aon leibhéal, i bprionsabal, leis an oideachas a chuirtear ar fáil don tromlach”⁷⁰. Is leagan cainte tábhachtach é an “i bprionsabal” seo, toisc “nach bhfuil sé riachtanach go soláthraítear an córas oideachais díreach céanna don mhionlach agus a sholáthraítear don tromlach. De bharr na gcúinsí difriúla a bhíonn ag na scoileanna éagsúla, agus na riachtanas teagaisc speisialta a bhíonn ag scoileanna teanga an mhionlaigh, ní bheadh ciall ná réasún le córas comhchoiteann a bhunú. Is leor béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an maoiniú a dháileadh, ar a laghad, go cothrom i gcoibhneas le líon na ndaltaí i scoileanna an mhionlaigh agus an tromlaigh”⁷¹. Tá an-tábhacht ag baint leis an leagan cainte “ar a laghad” sa chás seo. “Cuireann sé in iúl, in éineacht leis na hargóintí breithiúnacha eile, go bhfuil sé de cheart ag na cainteoirí Fraincise comhionannas maidir le torthaí a bhaint amach agus an maoiniú riachtanach chun é seo a dhéanamh a fháil. Mhol an Chúirt Uachtarach “buiséad a chomhfhreagraíonn do líon na ndaltaí, de réir réamhaisnéis réalaíoch, a fhreastalóidh ar an scoil i ndiadh cur i bhfeidhm na n-athruithe”⁷² a bhunú.

Cuireann breithiúnas *Mahé*, áfach, “srian airgeadais” le cinntí na CSFanna⁷³. Tá gá le “fiosmhéid líon na

⁶⁴ Ibid., alt 40.

⁶⁵ Ibid., réamhrá.ei

⁶⁶ M.A. Green, “The Continuing Saga of Litigation: Minority Language Instruction”, *Education & Law Journal*, vol. 3 (1990-91), 204-219, page 211-212. Luaite in *Renvoi manitobain* [1993], lch. 851.

⁶⁷ *Arsenault-Cameron* [2000], réamhrá.

⁶⁸ Ibid., réamhrá.

⁶⁹ Ibid., alt 31

⁷⁰ *Mahé* [1990], lch. 378.

⁷¹ Idem.

⁷² Idem.

⁷³ I mbreithiúnas *Mahé*, [1990], lch. 385, dearbhaíonn an Chúirt “nár chruthaigh Airteagal 23 ceart absalóideach. Ba chóir a rá go gcruthaítear ina háit ceart a chuirtear

i bhfeidhm de réir “shriantachta airgeadais”, toisc nach bhféadfaí na seirbhísí céanna a chur ar fáil do gach grúpa daltaí atá bainteach leis an mionlach teangeolaíoch, is cuma cé chomh beag is atá sé, is a chuirtear ar fáil do ghrúpa tábhachtach daltaí mar atá leagtha amach in *Airteagal 23*.”

ndaltaí” le go “n-oibreoidh cláir agus ionaid áirithe go héifeachtach”⁷⁴. Ar an láimh eile, “tugann gné chúiteach Airteagal 23 le fios go gcuirfead níos mó béime ar chomaoin teagaisc ná ar chomaoin airgeadais nuair is gá a mheas an dtugann líon na ndaltaí údar le haghaidh na seirbhísí cuí a chur ar fáil”⁷⁵. Chomh maith leis sin, ba chóir cothromaíocht a bhunú idir riachtanais an phobail a labhraíonn Fraincis agus srían airgeadais Stát an Chúige, ach ba chóir don chothromaíocht sin dul i bhfábhair an mhionlaigh. Ar a bharr sin, chomh luath is a bhíonn dóthain daltaí ann, tabharfar tosaíocht do chomaoin teagaisc thar chomaoin airgeadais.

Níl an comhionannas coibhneasta sochaíoch le feiceáil sna torthaí amháin; tá sé le feiceáil go nithiúil sna hionaid agus sna cláir scoile fosta. Mura mbeadh an caighdeán céanna le fáil sna scoileanna Fraincise ó thaobh múinteoireachta agus cláir de is a bheadh sna scoileanna Béarla, is amhlaidh a bheadh tionchar mór aige seo ar na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu agus iad ag roghnú scoileanna dá bpáistí. Rinne an Chúirt breithiúnas ar an mbonn seo in *Arsenault-Cameron* nuair a d’ordaigh sí scoil a thógáil i bpobal le tromlach a labhraíonn Béarla toisc gur mheas sí “gur ghá do pháistí an mhionlaigh, mar a luaitear iad in Airteagal 23, rogha a dhéanamh idir freastal ar scoil áitiúil an tromlaigh theangeolaíoch nó freastal ar scoil an mhionlaigh theangeolaíoch nach raibh chomh háisiúil leis; rogha a mbeadh tionchar aige ar chomhshamhlú pháistí an mhionlaigh”⁷⁶.

c) Na comhairlí scoile a bhunú mar réimse ‘rialtais’ ar leith

I mbreithiúnas *Mahé*, thug an Chúirt beocht ar dhá bhealach don nath cainte “ionaid teagaisc an mhionlaigh theangeolaíoch”. Sa chéad áit, rialaigh an Chúirt gur chiallaigh an focal “an” (san abairt seo) “gur leis an mionlach” na hionaid scoile agus “mar sin, gur chóir don mhionlach teangeolaíoch méid áirithe smachta agus cumhacht bhainistíochta a bheith aige ar na hionaid teagaisc”⁷⁷. Sa dara cás, chuir an Chúirt “dualgais dhearfacha” ar Rialtais na gCúigí “na struchtúir thábhachtacha institiúideach a athrú nó cinn nua a chruthú”⁷⁸.

Chuir an Chúirt “modh an chritéir inathraithigh”⁷⁹ leis an méid seo, áfach, critéar atá bunaithe ar líon na ndaltaí, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid smacht bainistíochta ar scoileanna Fraincise is féidir a bheith ag na tuismitheoirí. Ag bun an scála, beidh sé de cheart ag na tuismitheoirí teagasc mar atá leagtha amach in alt (3) (a)

d’Airteagal 23 amháin a fháil dá bpáistí, ach, ag barr an scála, beidh an “idéal” mar cheart acu, is é sin “comhairle scoile do chainteoirí Fraincise atá go hiomlán neamhspleách”⁸⁰. Is é sin le rá⁸¹:

I gcúinsí áirithe, tá gá le comhairle scoile francafónach neamhspleách chun cuspóir Airteagal 23 a bhaint amach. Nuair atá líon na ndaltaí cláraithe i scoileanna an mhionlaigh cuíosach beag, d’fhéadfadh cumas na comhairle an cuspóir sin a bhaint amach dul i laghad, sa chaoi gur cheart aird a thabhairt ar mhodhanna eile a chabhróidh leis an mionlach ionannú leis an scoil, agus ag an am céanna an tairbhe a bheith acu páirt a ghlacadh i gcomhlacht atá níos mó de dheasca na n-ionad atá roghnaithe acu agus de bharr na cumhachta eisiach áirithe atá acu ag croílár comhairle scoile an tromlaigh. Sa chás seo, cinntíonn modhanna den saghas seo nach bhféadtar aon cheantar scoile neamhspleách ar leataobh maidir leis an maoiniú atá ar fáil do cheantair scoile an tromlaigh agus cinntíonn siad chomh maith go ndéanfar an maoiniú sin a roinnt le comhairle an tromlaigh, rud a d’fhéadfadh a bheith ríthábhachtach do scoileanna mionlaigh atá níos lú. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeadh rochtain níos fusa ag comhairle scoile an tromlaigh, mar gheall ar an líon daltaí atá faoina gcúram, ar fheabhsuithe agus ar acmhainní nua ó thaobh an oideachais de. Nuair nach mbeadh líon na ndaltaí mar atá leagtha síos in Airteagal 23 dóthanach, rachadh aonrú iomlán scoileanna an mhionlaigh in aghaidh chuspóir Airteagal 23, toisc, ag deireadh na dála, go gcuirfeadh sé seo le meath stádas ghrúpa an mhionlaigh theangeolaíoch agus leis na hacmhainní atá aige ó thaobh an oideachais de. Ní bheadh an t-ullmhúchán céanna déanta ag céimí scoileanna an mhionlaigh (rud a bheadh mar mhíbhuntáiste ó thaobh fostaíochta de) agus ní bheadh fonn ar na daltaí freastal ar scoileanna an mhionlaigh ar aon chor dá bharr.

Feictear san alt seo an eagla chéanna a bhí ar an gCoimisiún Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchtúrachas maidir le comhairlí scoile do chainteoirí Fraincise a bheadh féinrialaitheach (1968, lch. 172-177). Léiríonn an eagla seo an fáth a raibh an Chúirt an-tostach i dtaobh an scéil ar dtús⁸²:

Is fiú béim a chur ar an bpointe gur seans nach é cruthú comhairlí scoile atá go hiomlán neamhspleách an tslí is fearr chun cuspóir Airteagal 23 a bhaint amach. An rud is tábhachtaí, áfach, is ea go mbeadh smacht ag grúpa an mhionlaigh theangeolaíoch ar na gnéithe sin den oideachas a

⁷⁴ Mahé [1990], lch. 385.

⁷⁵ Idem.

⁷⁶ *Arsenault-Cameron* [2000], réamhrá.

⁷⁷ Mahé [1990], lch. 370.

⁷⁸ Ibid., lch. 365.

⁷⁹ Ibid., lch. 366.

⁸⁰ Ibid., lch. 373.

⁸¹ Ibid., lch. 374.

⁸² Ibid., lch. 375-376.

bhfuil baint dhíreach acu lena theanga agus lena chultúr féin. Is féidir an méid smachta sin a bhaint amach, den chuid is mó, trí ionadú an mhionlaigh a ráthú i gcoilár comhairle scoile measctha agus trí smacht iomlán a bhronnadh ar na hionadaithe seo maidir le gach cúinse den oideachas a bhaineann le gnéithe teanga agus cultúir.

Tá sé suimiúil, áfach, a thabhairt faoi deara, gur thóg an Chúirt d'aire, anseo, sa chéad chás breithiúnais a tháinig os a comhair maidir le bainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise “go bhfuil tábhacht ag baint le gné chúiteach Airteagal 23 toisc go léiríonn sé nach é an status quo amháin atá le ráthú” agus gurb í “an chonstaic is mó [do chearta na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis] a bhí ann ná neamhfheidhm na n-údarás poiblí”⁸⁴. Tá sé intuigthe mar sin go n-athraíonn Airteagal 23 an status quo i bhfábhar na dtuismitheoirí a labhraíonn Fraincis. Chomh maith le hoideachas as Fraincis a chinntiú gan a bheith ag brath ar lánrogha na hAireachta, bronnann an t-Airteagal seo “ceart polaitiúil chun scoileanna a stiúradh”⁸⁵.

Liostaíonn an Chúirt ina dhiaidh sin cúig fheidhm cinnidh chun seasamh faoi leith a thabhairt do na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu⁸⁶:

- Ba chóir d'ionadaithe an mhionlaigh theangeolaíoch cumhacht eisiach a bheith acu chun cinntí a dhéanamh maidir le teagasc sa teanga agus i dtaobh na n-ionad teagaisc ina gcuirtear an teagasc ar fáil, ach go háirithe:
- Caiteachas an chiste réamhfhaisnéisithe le haghaidh an teagaisc sin agus le haghaidh na n-ionad sin;
 - Ainmniú agus stiúradh iad siúd atá freagrach as an teagasc sin a riar, agus atá freagrach as na hionaid sin;
 - Bunú na gclár scolaíochta
 - Earcú agus leithdháileadh an phearsanra, ach go háirithe na múinteoirí; agus
 - Cur i gcrích na gcomhréiteach le haghaidh an teagaisc agus na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil do dhaltaí an mhionlaigh theangeolaíoch.

Cuireann na focail “ach go háirithe” in iúl nach bhfuil an liosta seo cuimsitheach. Chomh maith leis sin, “is féidir le rialtas [...] níos mó ná mar atá leagtha síos in Airteagal 23 a chur ar fáil más mian leis”⁸⁷. Is féidir tátál a bhaint as seo go mbeadh ceart cumhachta níos leithne ná an íosmhéid ag comhairle scoile do chainteoirí Fraincise atá go hiomlán neamhspleách agus atá mar eiseamláir idéalach do bhainistíocht scoile na gcainteoirí

Fraincise⁸⁸. Is amhlaidh atá, ag cur leis an liosta sin dhá ghníomhaíocht cinnidh eile: “sainiúint na riachtanas”⁸⁹ agus “láithriú na n-ionad teagaisc”⁹⁰.

Sonraíonn an Chúirt na buntáistí a bheadh ag baint le roinn riarachán ar leith⁹¹:

Go stairiúil, in éagmais bearta dírithe ar ionadú agus cumhacht an mhionlaigh a chinntiú ag coilár na gcomhairlí scoile poiblí nó comhchoitianta, d'fheidhmigh na comhairlí neamhspleácha nó sainchreidmheacha mar príomhthacaithe don teagasc i dteanga an mhionlaigh. Is féidir leis an mionlach glacadh leis gur leis iad na comhairlí neamhspleácha seo, le gach tairbhe agus buntáiste a bhí le baint acu astu i dtaobh a bheith ábalta oibriú trí mhodh a dteanga féin, cultúr comónta a roinnt lena chéile, tuairimí agus dearcadh comhchoiteann a bheith acu, agus an t-uasmhéid ionadaithe agus smachta a bhaint astu. Bíonn tábhacht mhór ag baint leis na gnéithe seo nuair atá gá le tosaíochtaí ginearálta a dheimhniú agus le riachtanais speisialta an mhionlaigh ó thaobh an oideachais de a chomhlíonadh.

De réir na Cúirte, tá gá le hatheagrú na struchtúr institiúideach, agus ach go háirithe le bunú comhairlí scoile do chainteoirí Fraincise, chun dul i bhfabhar theagasc na bhFraincise toisc “go bhféadfadh roinnt ceisteanna a bhaineann le bainistíocht ábhar teagaisc (cláir staidéir, earcú agus caiteachas, mar shampla) tionchar a bheith acu sna réimsí teangeolaíochta cultúrtha” agus, “mar a chuireann an comhthéacs stairiúil inar glacadh le Airteagal 23 in iúl, ní féidir leis an mionlach teangeolaíoch brath go hiomlán go dtabharfaidh an tromlach aird ar na hábhair machnaimh atá ag an mionlach i dtaobh cúrsaí teanga agus cultúir. B'fhéidir nach bhfuil an easpa airde sin déanta d'aon ghnó: ní féidir linn a bheith ag súil go mbeadh tuiscint dhomhain ag an tromlach ar thionchar an teagaisc ar ghnéithe de theanga agus de chultúr an mhionlaigh”⁹². Rinne breithiúnas i gCúirt Achomhairc Oileán an Phrionsa Éadbhard trácht ar an tábhacht sin cheana féin: “bheadh sé meargánta a cheapadh go raibh sé d'intinn ag an bPárlaimint [...] smacht iomlán ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm cláir a bhronnadh ar an tromlach a labhraíonn Béarla; dá mb'amhlaidh an scéal, d'fhéadfadh an tromlach teangeolaíoch bagairt a dhéanamh ar chearta an mhionlaigh agus luach na gcearta sin a scriosadh”⁹³. Mhínígh an chéad chás *Mahé* tábhacht na féinbhainistíochta an mhionlaigh fosta⁹⁴:

Glacaim le hargóint na n-achomharcóirí

⁸⁴ Ibid., lch. 392.

⁸⁵ Ibid., lch. 359.

⁸⁶ Ibid., lch. 377.

⁸⁷ Ibid., lch. 344.

⁸⁸ Ibid., lch. 373.

⁸⁹ Renvoi Manitobain [1993], lch. 862.

⁹⁰ In *Arsenault-Cameron* ([2000], alt 57), dearbhaíonn an Chúirt: “go bhfuil an tuiscint is fearr ag tuismitheoirí an mhionlaigh

theangeolaíoch agus a n-ionadaithe ar na riachtanais áitiúla atá acu nuair is ceist í de shainiúint na gceantair cuí.” Sa réamhrá, cuireann an Chúirt leis an méid seo: “tá dualgas ar Choimisiún scoile na dteanga Fraincise teagasc as Fraincis a chur ar fáil áit ina bhfuil dóthain daltaí agus tá dualgas aige freisin suíomh na ranganna nó na n-ionaid gur gá leo a chinntiú, faoi réir thoilíú an Aire [...] Beidh cur ar fáil na ranganna nó na n-ionaid scoile faoi réir chumhacht bhainistíochta eisiach

an mhionlaigh agus cloífead sé le gach dualgas cúigeach agus bunreachtúil a bhfuil ann.”

⁹¹ Mahé [1990], lch. 373.

⁹² Ibid., lch. 372.

⁹³ Reference Re Minority Language Educational Rights [1988], 69 Nfld & P.E.I.R., 236, lch. 259.

⁹⁴ Mahé [1987], lch. 537.

gurb é ionad faoi smacht eisiach an ghrúpa chuí an ráthaíocht is daingne in aghaidh an chomhshamhlaithe. Déanann gach laghdú ar an gcumhacht sin sainiúlacht na scoile a chur i mbaol tríd é a bheith rite le tionchar tromlach fuarchúiseach nó fiú amháin naimhdeach. Cinnte, ba chóir géilleadh do ghnéithe áirithe den chumhacht, mar a bheidh le feiceáil, ach tá baol ann go mbeidh drochthionchar ag gach cailteanas a tharlaíonn do chumhachtaí cinnteoireachta an fhorais agus go ndéanfar ról deacair an fhorais níos deacra fós dá bharr.

Ar deireadh, bronnann an Chúirt *un droit de regard* (féach an ghluais) ar na tuismitheoirí agus a gcuid CSFanna i dtaca leis an rialúchán cúigeach. In *Mahé* (1990, lch. 380), tugann an Chúirt faoi deara “nach bhfágatar ar lár an rialúchán cúigeach i mbronnadh na bainistíochta agus an smachta ar na tuismitheoirí mar atá leagtha síos in Airteagal 23.” Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh na rialúcháin oiriúnach i dtaca le “ábhair machnaimh theangeolaíoch cultúrtha an mhionlaigh” (1990, lch. 380).

D'aithin an Chúirt forlámhas cinnteoireachta na CSFanna i gcásanna áirithe (*Mahé*, 1990, lch. 395; *Arsenault-Cameron*, 2000, altanna 43, 44, 62) agus an pháirt rithábachtach atá ag na institiúidí an mhionlaigh ann (*Arsenault-Cameron*, 2000, alt 40). Bhain taighdeoirí de thátal as seo gur institiúidí riaracháin cosúil le “réimse rialtais” iad comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise (Bourgeois, 2003). Chomh maith leis sin, gur gá do gach athrú a dhéanann Rialtais na gCúigí agus na gCríoch ar struchtúr teoraithe an mhionlaigh, “gach struchtúr agus dearcadh a dhéanann bagairt, a chruthaíonn constaic nó, go simplí, nach bhfreagraíonn do riachtanais an mhionlaigh”⁹⁵ a sheachaint. Leag bunú na CSFanna síos fasach; dá gcuirfí deireadh leo nó dá dtabharfaí a gcumhacht don Aireacht, rachadh sé seo in aghaidh mheanma Airteagal 23. Dá bhrí sin, is féidir leis na rialtais na CSFanna a athrú, ach baineann institiúidí an mhionlaigh sin tairbhe as stádas agus ceannas atá os a gcionn siúd atá ag na comhairlí cathracha a fheictear mar thríú réimse rialtais mar gheall ar “miotas an daonlathais áitiúil” (Bourgeois, 1995). Is amhlaidh a fuair na CSFanna tacaíocht ghlan ón gCúirt Uachtarach, cé nár tugadh mórán airde ar chás na gcomhairlí cathrach sna cásanna a thóg siad in aghaidh an Rialtais Chúigigh go minic (Hoehn, 1997). Leanann sé uaidh seo gur chóir na CSFanna a aithint mar “réimse rialtais” i réimse an oideachais

agus gur chóir dóibh an féinrialúchán coibhneasta a bhronnann an dlí-eolaíocht orthu a chur i bhfeidhm. Ní chuirfidh sé sin cosc orthu gníomhaíochtaí áirithe a tharmligean chun na hAireachta Oideachais de réir prionsabail na coimhdeachta.

d) A chinntiú go gcloífidh Rialtais na gCúigí agus na gCríoch lena gcuid dualgas

Ós rud é go bhfuil Rialtais na gCúigí agus na gCríoch freagrach go páirteach as na héagóirí a rinneadh san am atá thart i gcoinne an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis, bhronn na cúirteanna ionaid scoile agus bainistíocht na n-ionad sin, i gcás go raibh dóthain daltaí ann, ar na cainteoirí Fraincise, agus leag siad ceithre “dhualgas dhearfacha”⁹⁶ déag ar Rialtais na gCúigí agus gCríoch ina bhfuil tromlach a labhraíonn Béarla. Ba chóir do na dualgais sin freastal ar “réimeas agus córas a chur ar bun a cheadóidh don mhionlach a labhraíonn Fraincis leas iomlán a bhaint as a gcuid ceart” scolaíochta mar atá ráthaithe in Airteagal 23⁹⁷. Is féidir na ceithre dhualgas dearfacha déag sin a leagan amach mar chúig dhualgas ghinearálta.

Ar dtús, is gá don Rialtas Cúigeach nó Críche **éagóirí an ama atá thart a chur ina gceart, a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís sa todhchaí agus cabhrú le comhionannas an dá phobal teanga a chur chun cinn**. Is gá dó “a chumhacht lánroghnach a chleachtadh ag cloí le téarmaí na Cairte”⁹⁸ agus “aird iomlán a thabhairt ar ghné chúiteach an dlí” le linn dó a chumhacht lánroghnach a chleachtadh⁹⁹. Is gá dó “tionchar a chinnidh ar chur chun cinn agus caomhnú phobal an mionlaigh theangeolaíoch” a mheas, agus “breathnú ar cad iad na seirbhísí is mó a chabhróidh le mionlach na gcainteoirí Fraincise a chothú”¹⁰⁰. Is gá dó “bearta reachtaíochta cruinn a achtú chun teagasc i dteanga an mhionlaigh agus ionaid teagaisc an mhionlaigh teangeolaíoch, i gcás ina bhfuil dóthain daltaí, a chur ar fáil”¹⁰¹. Is gá dó a rialúcháin maidir le hábhar agus caighdeán na gclár scoile a chur in oiriúint “le nach mbeidh siad neamhréiritheach le hábhair machnaimh theangeolaíoch chultúrtha an mhionlaigh”¹⁰².

Sa dara cás, **is gá don rialtas teagasc trí Fhraincis a chur ar fáil agus a chur chun cinn**. Tá sé de dhualgas air “seirbhísí oideachais a chur ar fáil, eolas a thabhairt fúthu agus a chinntiú go bhfuil teacht ag tuismitheoirí an ghrúpa an mhionlaigh theangeolaíoch orthu chun go gcuirfí oideachas ar fáil dóibh atá ar aon chaighdeán leis an oideachas a chuirtear ar fáil don tromlach”¹⁰³. Is gá dó freisin

⁹⁵ Renvoi Manitobain [1993], lch. 863.

⁹⁶ Mahé [1990], lch. 365.

⁹⁷ Renvoi Manitobain [1993], lch. 842. Ag tabhairt faoi deara go gcuireann an cinneadh leis an méid seo ar rá go bhféadfadh “na cineálacha dualgais éagsúla” bheith difriúil “de réir líon na ndaltaí atá i gceist” (lch. 858). I bhfocail eile, an mó daltaí atá ann chun freastal orthu, an mó dualgais rialtais a bheidh ag na CSFanna. Óir, ónar bunáid na CSFanna i 1993, bhí sé le tuiscint go ndéanadh siad freastal ar gach dalta taobh istigh dá

gceantair féin, rud a chiallaíonn gur chóir do gach CSF leas a bhaint as na dualgais rialtais ar fad ar a ndéantar tagairt dóibh sa tuarascáil seo.

⁹⁸ Arsenault-Cameron [2000], alt 30.

⁹⁹ Idem.

¹⁰⁰ Ibid., réamhrá.

¹⁰¹ Mahé [1990], lch. 393.

¹⁰² Ibid., lch. 380.

¹⁰³ Renvoi Manitobain [1993], lch. 862-863.

“beartha a mheas agus a chur i bhfeidhm a bheadh i bhfábhar cruthú agus úsáid ionaid teagaisc don mhionlach teangeolaíoch”¹⁰⁴. Ar deireadh, is gá dó “cabhrú chun an t-éileamh deiridh” ar theagasc na Fraincise a “dhearbhú”¹⁰⁵ agus, maidir leis seo, tús áite a thabhairt do na “riachtanais teagaisc” seachas na “héilimh airgeadais” nuair “is ceist í a mheas an bhfuil dóthain daltaí ann chun údar a thabhairt leis na seirbhísí cuí a chur ar fáil”¹⁰⁶.

Sa tríú cás, is gá don rialtas a chinntiú go mbíonn teagasc na Fraincise ar ard-chaighdeán eiseamláireach. Is gá dó a chinntiú “go mbeidh caighdeán an oideachais a chuirtear ar fáil don mhionlach [i bprionsabal] comhionann leis an gcaighdeán oideachais a chuirtear ar fáil don tromlach”¹⁰⁷. Is gá dó a chinntiú freisin “go mbíonn maoiniú ar a laghad coibhéiseach ar fáil do scoileanna an mhionlaigh, de réir líon na ndaltaí atá acu, is atá ar fáil do chiste scoileanna an tromlaigh” agus, i gcásanna áirithe, go ndéanfaí “suim iomlán níos airde in aghaidh an dalta” a chur ar fáil do scoileanna an mhionlaigh¹⁰⁸.

Sa cheathrú cás, is gá don rialtas seo a chuid institiúidí scoile a athstruchtúru chun go gcloífidh siad lena gcuid dualgas bunreachtúil.

Mar sin, tá sé de dhualgas ar an rialtas, ní hamháin “struchtúir thábhachtacha institiúideacha a athrú nó a chruthú”¹⁰⁹, ach chomh maith leis sin, “gach struchtúr agus dearcadh a dhéanann bagairt, a chruthaíonn constaic nó, go simplí, nach bhfreagraíonn do riachtanais an mhionlaigh, a sheachaint”¹¹⁰. Is gá dó “iomaíocht éagóra maidir le mealladh daltaí a sheachaint le linn theorannú na gceantar scoile le nach mbeidh míbhuntáiste ann d’aon chomhairle scoile”¹¹¹. Leanann sé uaidh seo, ní hamháin go mbunófaí scoileanna i gcás ina bhfuil dóthain daltaí, ach chomh maith leis sin, “go ndéanfaí cinnte de go mbeidh smacht éigin ag grúpa an mionlaigh theangeolaíoch ar ghnéithe den teagasc ina theanga féin atá bainteach leis an teanga sin agus lena cultúr”¹¹² agus, má thugann na cúinsí údar leis, “bainistíocht agus smacht níos leithne a bhronnadh ar ghrúpaí an mhionlaigh”, ná mar a bhí leagtha síos roimh ré¹¹³. Mar sin, is gá don rialtas seo “comhairle/í scoile neamhspleách(a) do chainteoirí Fraincise” a bhunú i gcás ina bhfuil dóthain daltaí,¹¹⁴ agus na cumhachtaí eisiacha a tharmligean leo atá ag dul dóibh de réir na dlí-eolaíochta.

Ar deireadh, is gá don Rialtas Cúigeach nó Críche freastal ar riachtanais scolaíochta phobal an

mhionlaigh. Is gá don rialtas “a ráthú go dtabharfar tús áite do riachtanais speisialta phobal an mhionlaigh theangeolaíoch i ngach cinneadh atá bainteach le cúrsaí teanga agus cultúr”¹¹⁵. Is gá dó a chinntiú go mbíonn ábhair agus caighdeán na glclár oiriúnach d’ábhair machnaimh theangeolaíoch chultúrtha an mhionlaigh¹¹⁶. Is gá dó freisin “riachtanais teagaisc an mhionlaigh a chomhlíonadh ar an gcaoi chéanna a gcomhlíonann sé riachtanais an tromlaigh”¹¹⁷. Chun é seo a dhéanamh, is gá don rialtas ligean do na cainteoirí Fraincise a gcuid riachtanas speisialta féin a shainaitheint. Níl sé soiléir, áfach, cé aige a bhfuil an dualgas sin, comhairle scoile na gcainteoirí Fraincise nó an Aireacht Oideachais. Fillimid ar an scéal seo níos déanaí, ach idir an dá linn, tuigtear dúinn gurb é cúram an mhionlaigh na riachtanais a shainaitheint, toisc “nach féidir linn a bheith ag súil leis go mbeadh tuiscint dhomhain ag an tromlach ar thionchar an teagaisc ar ghnéithe de theanga agus de chultúr an mhionlaigh”¹¹⁸, agus go bhfuil sé de dhualgas ar an Aireacht Oideachais, ar a laghad, a aird a dhíriú ar na riachtanais sin le linn dó na cláir scolaíochta a fhorbairt.

2. An Rannóg Pobail

Scoileanna Fraincise a bhunú mar ghléasanna forbartha pobail

Chun comhionannas an dá phobal theangeolaíochta oifigiúla a chinntiú, déanann Airteagal 23 foráil chun ionaid scoile Fraincise a bhunú sna pobail a labhraíonn Fraincis. Cuireann an dlí-eolaíocht leis seo á rá gur “lárionaid chultúrtha” iad na scoileanna áirithe seo, a fhreagraíonn do riachtanais pobail na gcainteoirí Fraincise lena mbaineann siad. Míneoidh an dara rannóg seo na cúiseanna a bhfuil sainordú teagaisc éagsúil ag na scoileanna Fraincise leis an sainordú atá ag na scoileanna Béarla agus an fáth a bhfuil sainordú pobail sa bhreis acu.

a) Bunú scoileanna Fraincise ar leith

Is é príomhchuspóir Airteagal 23 ná bunú scoileanna Fraincise. Is é bunú scoileanna den sórt seo an bealach is fearr chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart, toisc gurb é atá mar bhonn leis na héagóracha sin go minic ná nach raibh a scoileanna féin ag na cainteoirí Fraincise. Ba chóir go gcuirfeadh athbhunú na scoileanna srian leis an meath agus go gcuirfidís beatha nua sa phobal, go mór mór sna háiteanna ina mbíodís tráth sular dhún an Aireacht Oideachais iad. Tá sé seo intuigthe nuair a

¹⁰⁴ Ibid., lch. 863

¹⁰⁵ Arsenaault-Cameron [2000], alt 34.

¹⁰⁶ Mahé [1990], lch. 385

¹⁰⁷ Ibid., lch. 378. I mbreithiúnas Arsenaault-Cameron ([2000], alt 27) déanann an Chúirt tagairt do “theagasc ar ard-chaighdeán”.

¹⁰⁸ Mahé [1990], lch. 378.

¹⁰⁹ Ibid., lch. 365.

¹¹⁰ Renvoi Manitobain [1993], lch. 863.

¹¹¹ Idem.

¹¹² Mahé [1990], lch., 376.

¹¹³ Ibid., lch. 379.

¹¹⁴ Ibid., lch. 376.

¹¹⁵ Arsenaault-Cameron [2000], alt 45.

¹¹⁶ Mahé [1990], lch. 380.

¹¹⁷ Arsenaault-Cameron [2000], alt 49.

¹¹⁸ Mahé [1990], lch. 372.

chumhnítear gurb í an scoil an institiúid shóisialta is tábhachtaí don mhionlach teangeolaíoch.

Is gá na hionaid scoile seo a bhunú “i suímh fhisiceacha ar leith”, toisc go bhfuil tionchar mór ag an timpeallacht fhísiciúil i réimse an oideachais: “Ba chóir do na daltaí Fraincise a bheith i dtimpeallacht Fhraincise sa chlós scoile, le linn dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus sa rang freisin. Ba chóir an Fhraincis a bheith in úsáid i riarachán agus i ngníomhaíochtaí uile na scoile, fiú amháin san fhógraíocht.” Is amhlaidh atá an scéal toisc go “bhfuil páirt fhónta le himirt ag na scoileanna ní hamháin mar ionaid teagaisc ach mar lárionaid chultúrtha fosta”¹²¹.

Tá an-tábhacht ag baint leis na hinstitiúidí scoile do phobal an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis. Nuair a thagann dhá ghrúpa eitnitheangeolaíoch a dteagmháil lena chéile agus mar thoradh air sin go mbíonn ceann díobh ina mhionlach, bíonn gá ag an ngrúpa sin le hinstitiúidí sóisialta chun seans a thabhairt dó a fhórsaí aonaracha a aontú i dtreo sainiúlacht a theanga agus a chultúr a chosaint. Teastaíonn “iomláine institiúiteach” uaidh chun maireachtáil (Breton, 1964); teastaíonn eagraíochtaí sóisialta uaidh chun pobal inmharthana a chothú (Allhardt, 1984, deVries, 1984) chun a theanga agus a chultúr a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile (Fishman, 1989). Gan institiúidí comhchoiteanna, ní bheidh “saol pobail” fírinneach ag an mionlach, agus in éagmais saoil phobail den sórt seo, comhshamhlófar an mionlach luath nó mall (Fishman, 1989). Mar a mhíníonn Landry agus Allhardt (1996: 64), “dá mhéad a bhíonn smacht ag grúpa ar a chuid institiúidí féin nó dá mhéad is féidir leis cumhacht a chleachtadh ag lár eagraíochtaí sóisialta tábhachtacha, is ea is mó a bheidh beogacht i dteanga an ghrúpa agus a úsáidfean an teanga ag leibhéal sóisialta agus institiúideach.” Is í an scoil an institiúid phoiblí is tábhachtaí toisc go dtugann sí cabhair don institiúid atá mar bhunús i ngach sochaí - an teaghlach - a theanga agus a chultúr a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Tá tionchar mór ag na hinstitiúidí eile sa tsochaí - na comhghleacaithe, an obair, an pobal agus an córas polaitíochta - ar shaol an duine fásta, ach níl an tionchar seo chomh suntasach i saol an duine agus a bhíonn tionchar an teaghlach agus tionchar na scoile i saol an duine óig. I mbeagán focal, is é an teaghlach an t-aonad bunúsach sa phróiseas sóisialaithe, ach is í an scoil an institiúid phoiblí is tábhachtaí ina thaobh.

Bealach eile chun an ceangal réasúnach seo idir an scoil agus fairsingiú pobail an mhionlaigh a mhíniú ná cur síos a dhéanamh go hachomair ar choincheap na beogachta eitnitheangeolaíochta. Ag eascairt as taighde i réimse na síceolaíochta sóisialta, léirítear sraith athróg struchtúrach a chabhraíonn le cur síos agus míniú a dhéanamh ar na hathróa de réir suíomh a mbíonn tionchar acu ar an gcaidreamh a bhíonn idir dhá ghrúpa eitnitheangeolaíoch a gcríoch áirithe. Tarlaíonn feiniméin an chomhshamhlaithe tar éis do dhá ghrúpa eitnitheangeolaíoch a teacht i dteagmháil lena chéile, agus sa chás seo amháin (Ninyoles, 1969); ní chaillfidh grúpa eitnitheangeolaíoch aonchineálach iargúlta a theanga agus a chultúr ar mhaithe le teanga agus cultúr grúpa eile. Tá a fhios againn fosta gurb é forlámhas ghrúpa an tromlaigh sa chríoch gnáth-thoradh na teagmhála seo. Tá tionchar ag na hathróa struchtúrtha mar sin ar an dóchúlacht go ngníomhóidh an grúpa mar aonad comhchoiteann ar leith i gcúinsí teagmhála idirghrúpa (Giles et al, 1977) agus, dá bharr sin, go gcinnteofar go mairfidh agus go bhforleathnóidh an grúpa. Tá teacht againn ar thrí chineál athróg struchtúrtha: stádas sóisialta na ngrúpaí (an gradam sóisialta, eacnamaíoch sochstairiúil teangeolaíoch atá acu), láidreacht dhéimeagrafach na ngrúpaí (a líon, a gcomhréir, a gcomhchruinniú, eiseaghamachas, an eisimirce, srl.) agus an tacaíocht institiúideach atá ag na grúpaí faoi seach (an t-ionadú foirmeálta nó neamh-foirmeálta atá ag grúpa sna hinstitiúidí sóisialta). Tá gaolta beachta na n-athróg sin fós le deimhniú.

De réir Landry (1993), cothaíonn na hathróa sin “cinnteacht shóisialta” áirithe. Braitheann iompar teangeolaíoch baill aonair de phobal mionlaigh agus forbairt shíctitheangeolaíoch na mball sin (ó thaobh inniúlachta teangeolaíche, cúinsí mothachtálachta, féiniúlachta eitnitheangeolaíochta de) níos mó ar a dtimpeallacht shóisialta ná ar na buanna nó na tréithe pearsanta atá acu. Tá dlúthbhaint ag an iompar sin leis an inniúlacht theangeolaíoch agus leis na meonta pearsanta atá ag an duine maidir le hoiriúnacht aon ghníomh i gcomhthéacs sóisialta ar leith. Is amhlaidh gurb iad na hinniúlachtaí agus na meonta pearsanta seo, forbartha de réir a chéile le linn don duine aonair páirt a ghlacadh i ngréasáin teanga áirithe, a thugann treoir dá iompar sa tsochaí. Braitheann an gréasán seo go páirteach ar an ngaireacht gheografaíoch laethúil atá ann. Mar sin, tá gaol comhalartaíochta ann idir an duine aonair agus an tsochaí, ach tá forlámhas ag an gcuid shóisialach sa ghaol sin (Landry agus

¹¹⁹ Renvoi Manitobain [1993], lch. 854.

¹²⁰ Ibid., lch. 854-855.

¹²¹ Ibid., lch. 855.

Allard, 1996:70): “Múnlaíonn an tsochaí saol an duine agus déanann sí den duine scáthán na sochaí.” Sna pobail ina mbíonn na daoine i gceist mar chuid de mhionlach eitnitheangeolaíoch, braithfidh an t-iompar teanga ar chontanam iompraíochta idir an comhshamhlú agus an marthanas go mór ar “bheogacht theangeolaíoch na ngrúpaí atá i dteagmháil” (Landry agus Allard, 1996:72).

Braitheann an bheogacht teangeolaíoch sin ar thrí phríomhchúinse (Landry agus Allard, 1996:79): “Más amhlaidh atá forbairt theangeolaíoch an dalta cinntithe den chuid is mó de réir cúinsí sóisialta, is toradh é seo ar an bpróiseas sóisialaithe trína maireann sé, ní hamháin ar scoil ach freisin i dtimpallacht an teaghlaigh agus sa timpallacht shochinstiúideach ina bhfuil sé.” Is í an scoil an instiúid shóisialta cheannasach sa chás seo. De ghnáth, oibríonn an ghné shochinstiúideach ar mhaithe leis an bpobal eitnitheangeolaíoch ceannasach i dtimpallacht eitnitheangeolaíochta ina bhfuil fuinneamh íseal eitnitheangeolaíoch teangeolaíoch ann. Fághtar an teaghlach ina aonar chun comhraic in aghaidh an chomhshamhlaithe. Mar sin, feidhmíonn an scoil mar “phrionsabal cothromaithe” cúiteach (Landry agus Allard, 1988). I bhfocail eile, tacaíonn an scoil leis an teaghlach teanga agus cultúr an ghrúpa eitnitheangeolaíochta a chur ar aghaidh go dtí an chéad glúin eile nuair a fheidhmíonn sí i dteanga an mhionlaigh, agus tacaíonn an scoil le hiarracht chomhsamhlaithe an tromlaigh nuair a fheidhmíonn sí i dteanga an tromlaigh (Landry agus Allard, 1996:81): “gníomhaíonn timpallacht na scoile agus timpallacht an teaghlaigh mar phrionsabal cothromaithe cúiteach in aghaidh cheannasacht an dara teanga sa timpallacht shochinstiúideach, áit a dtugtar neart seans don dalta an teanga sin a fhoghlaim. Gan amhras, má thugtar seans don pháiste teagmháil a bheith aige lena theanga dhúchais sa timpallacht shochinstiúiteach, éascaítear ról na scoile agus ról an teaghlaigh.” I mbeagán focal, tá páirt ríthábhachtach ag an scoil i bhforbairt inniúlachta theangeolaíche as Fraincise, i bhforbairt shainiúlachta na gcainteoirí Fraincise, agus tacaíocht a thabhairt do imeascadh na gcainteoirí Fraincise sa tsochaí agus úsáid na Fraincise a spreagadh idir daltaí sa scoil.

Is mar gheall air seo a bhronnann an Chúirt údarás eisiach ar na CSFanna chun suíomh na n-ionad scoile Fraincise a roghnú: “Ón uair ar bunaíodh coimisiún scoile do theanga an mhionlaigh, déantar

“(tá) páirt fhónta le himirt ag na scoileanna mar ionaid chultúrtha pobail agus mar ionaid teagaisc freisin.”

Renvoi Manitobain (1993, lch. 855)

an rogha seo cás ar chás faoi réir chumhacht eisiach bhainistíochta agus smachta an mhionlaigh, ag cloí le nósanna imeachta agus treoracha cúigeacha oibiachtúla atá in oiriúint d’Airteagal 23. Murarbh amhlaidh an scéal, thiocfadh laghdú ar éifeacht ghné cúití cosantaí Airteagal 23¹²². Cuirtear leis seo á rá go bhfuil “sé soiléir mar sin gurb iad na tuismitheoirí agus a n-ionadaithe an dream is fearr chun na riachtanais áitiúla a shainaithe nuair is ceist í na ceantair oiriúnacha a roghnú. Beidh tionchar ag gnéithe casta stairiúla, sóisialta agus geografacha ar an gcinneadh seo”¹²³. Roimhe seo, mhínigh an Chúirt go mbíonn na gnéithe seo cinniúnach i sainmhíniú pobail mhionlaigh, toisc go mbraitheann gné cúiteach Airteagal 23 ar “chúinsí atá i bhfabhar fhorbairt an phobail”¹²⁴, agus toisc “go bhfuil cúinsí casta caolchúiseacha eile seachas líon na ndaltaí a mheas nó an chianchomaitéireacht go dtí scoileanna eile i gceist. Ní féidir linn a bheith ag súil leis go dtuigfidh ionadaithe an tromlaigh go huile agus go hiomlán na hiarmhairtí a bhíonn ag roghanna an tromlaigh ar an gcuma seo”¹²⁵.

b) Na scoileanna mar lárionaid chultúrtha do phobal na gcainteoirí Fraincise

I mbreithiúnas *Mahé* (1990, lch. 363), déanann an Chúirt tagairt do “scoileanna an mhionlaigh a fhreastalaíonn iad féin mar ionaid phobail a d’fhéadfadh cabhrú le cultúr an mhionlaigh a chothú. Is tithe tionóil iad, áiteanna ar féidir le baill an mhionlaigh theangeolaíoch teacht le chéile agus a gcultúr a chur in iúl.” San *Renvoi Manitobain* (1993, lch. 855), maíonn an Chúirt go bhfuil “páirt fhónta le himirt ag na scoileanna mar ionaid chultúrtha pobail agus mar ionaid teagaisc freisin.” Cuirtear leis an méid seo á rá gur chóir do na hionaid seo a bheith lonnaithe in áiteanna difriúla ionas go bhféadfaidh siad a bpáirt chultúrtha a imirt. Níos déanaí, cuireann an Chúirt béim ar an bhfóras gurb í an scoil an instiúid a chabhraíonn le páistí páirt a ghlacadh i “ngníomhaíochtaí para-scolaíochta” a bpobal¹²⁶. De réir na Cúirte, míníonn sé sin “an tábhacht a bhaineann le scoileanna den mhionlach teangeolaíoch oifigiúil ar mhaithe le forbairt an phobail a labhraíonn an teanga oifigiúil”, agus, ar a bharr sin, an tábhacht “a bhaineann le cúinsí áirithe a chabhraíonn le forbairt an phobail”¹²⁷.

¹²² Arsenault-Cameron [2000], réamhr

¹²³ *Ibid.*, alt 57.

¹²⁴ *Ibid.*, alt 27.

¹²⁵ *Ibid.*, alt 54.

¹²⁶ *Ibid.*, alt 8.

¹²⁷ *Ibid.*, alt 27.

Mar sin, tá sainordú ag na scoileanna Fraincise an pobal a fhorbairt. Is féidir linn a rá go cuireann a láithreach agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil go mór leis an bhforbairt sin, ach cuireann an Chúirt leis an méid seo. Is amhlaidh atá sainordú teagaisc ag na scoileanna Fraincise cosúil leis an gceann atá ag na scoileanna Béarla, chomh maith le sainordú sa bhreis ó thaobh riachtanais theangeolaíoch chultúrtha speisialta an phobail lena mbaineann siad a chomhlíonadh, agus ar a bharr sin go bhfuil sainordú para-scolaíochta acu.

Is gá dóibh, mar sin, ní hamháin na cláir scolaíochta a chur in oiriúint do riachtanais speisialta pobail na gcainteoirí Fraincise, ach cláir scolaíochta agus para-scolaíochta a chur ar bun i dtreo na riachtanas sin a chomhlíonadh. Ar lámh amháin, is gá dóibh béim faoi leith a chur ar an gcultúr Fraincise sa churaclam, bíodh sé áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh na scoileanna Acadaigh leas a bhaint as foclóirí *acadiens* chun stádas na teanga a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus ranganna cóicearachta *acadiens* a chur ar fáil agus leas a bhaint as leabhair filíochta *acadiens* le haghaidh foghlaim na teanga. Ar an lámh eile, is gá dóibh cur le forleathnú cultúrtha an phobail. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfaí na háitribh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha pobail i ndiaidh am scoile. D'fhéadfadh na scoileanna Fraincise a gcuid hallaí a chur ar fáil do na grúpaí drámaíochta/ceoil áitiúla, chun go gcuirfidís ceolchoirmeacha agus drámaí atá ar an siollabas ar siúl do na daltaí ag amanna níos luaithe sa lá.

3. An Rannóg Oideolaíoch

Cláir scolaíochta a bhunú a chomhlíonann riachtanais an mhionlaigh

Ní sprioc ann féin é bunú na scoileanna ar leith agus ní chuirfidh siad le comhionannas an dá phobal theangeolaíoch ach amháin má chuirtear cláir scolaíochta ar fáil a chomhlíonann riachtanais an mhionlaigh agus más cláir scolaíochta ar leith iad. Má bhíonn na cláir scolaíochta sna scoileanna Fraincise díreach mar an gcéanna leo siúd sna scoileanna Béarla, ní bheidh ach difríocht bheag idir na cláir scolaíochta tumoideachais as Fraincis agus na cláir scolaíochta a chuirtear ar fáil sna scoileanna Fraincise. Tugann sé seo le tuiscint gur gá na riachtanais scolaíochta atá ag pobal na gcainteoirí Fraincise a dheimhniú agus cláir scolaíochta ar leith a chur ar bun dá bharr.

“(Is) gá tuiscint iomlán a bheith ann ar riachtanais an mhionlaigh theangeolaíoch a labhraíonn Fraincis” sula gcuirfí Airteagal 23 i bhfeidhm, toisc “nach féidir leis an mionlach teangeolaíoch a bheith cinnte i gcónaí go dtabharfaidh an tromlach aird ar a chuid ábhar machnaimh theangeolaíoch chultúrtha. Ní dhéantar an neamhaird sin d’aon ghnó is cosúil; ach ní féidir linn a bheith ag súil go mbeidh tuiscint dhomhain ag an tromlach ar thionchar an teagaisc ar ghnéithe den teanga agus de chultúr an mhionlaigh.”

Renvoi Manitobain (1993, lch. 862) agus breithiúnas Mahé (1996, lch. 372)

Tugann sé le fios chomh maith, gur chóir do thorthaí scoile na ndaltaí a labhraíonn Fraincis a bheith comhionann le torthaí na ndaltaí a labhraíonn Béarla, d’ainneoin leithleachas na riachtanas agus na gclár scolaíochta atá acu.

a) Sainaitheint na riachtanas scolaíochta atá ag pobal na gcainteoirí Fraincise

Sa *Renvoi Manitobain*, dearbhaíonn an Chúirt gur “gá tuiscint iomlán a bheith ann ar riachtanais an mhionlaigh theangeolaíoch a labhraíonn Fraincis”¹²⁸ sula gcuirfí Airteagal 23 i bhfeidhm, toisc “nach féidir leis an mionlach teangeolaíoch a bheith cinnte i gcónaí go dtabharfaidh an tromlach aird ar a gcuid ábhar machnaimh theangeolaíoch chultúrtha. Ní dhéantar an neamhaird sin d’aon ghnó is cosúil; ach ní féidir linn a bheith ag súil go mbeidh tuiscint dhomhain ag an tromlach ar thionchar an teagaisc ar ghnéithe den teanga agus de chultúr an mionlaigh”¹²⁹.

Níor bhronn an Chúirt cumhacht eisiach, áfach, maidir le sainaitheint a chuid riachtanas scolaíochta ar an mionlach. Molann an Chúirt réiteach éiginnte ina áit¹³⁰. “Tá sé an-tábhachtach go nglacfaidh tuismitheoirí an mhionlaigh theangeolaíoch nó a n-ionadaithe páirt i sainaitheint na riachtanas maidir le hábhair teagaisc agus struchtúir agus seirbhísí a bhunú chun freastal chomh maith agus is féidir ar na riachtanais sin.” Ach ní hionann “páirt a ghlacadh i sainaitheint na riachtanas scolaíochta” agus “cumhacht eisiach” a bheith acu.

Tógann an Chúirt an scéal ar láimh arís sa bhliain 2000 sna téarmaí seo a leanas: “Is í an cheist ná: tosaíochtaí cén dreama? Gan amhras, is iad

¹²⁸ *Renvoi Manitobain* [1993], lch. 862

¹²⁹ Mahé [1990], lch. 372.

¹³⁰ *Renvoi Manitobain* [1990], lch. 862.

riachtanais phobail an mhionlaigh atá i gceist toisc go bhfuil sainaitheint na riachtanas sin ag croílár na bainistíochta agus an smachta a bhronnann Airteagal 23 ar na daoine atá i dteideal cearta teangeolaíoch mionlaigh agus ar a gcuid ionadaithe. Go follasach, ba chóir na tosaíochtaí sin a shainaithint agus a chur i bhfeidhm de réir ról an Aire.”¹³¹ Beidh sé de dhualgas ag an mionlach mar sin na riachtanais scolaíochta is tábhachtaí a shainaithint, chomh fada agus go dtugann siad aird ar ról an Aire ina thaobh freisin. Dá bhrí sin, déanfar an chumhacht a roinnt i dtaca le sainaitheint na riachtanas.

“Ba chóir go dtabharfaí tús áite do thosaíochtaí phobal an mhionlaigh toisc gurb iad na tosaíochtaí sin atá ag croílár na bainistíochta agus an smachta a bhronntar in Airteagal 23 orthu siúd atá i dteideal cearta teangeolaíoch agus ar a n-ionadaithe dlísteana.”

Arsenault-Cameron (2000, réamhrá)

Mar sin féin, cuireann an Chúirt leis an méid seo á rá go dtiocfaidh léirmhíniú an mhionlaigh i réim i gcás conspóide idir é agus an Aireacht: “Ba chóir go dtabharfaí tús áite do thosaíochtaí phobal an mhionlaigh toisc gurb iad na tosaíochtaí sin atá ag croílár na bainistíochta agus an smachta a bhronntar in Airteagal 23 orthu siúd atá i dteideal cearta teangeolaíoch agus ar a n-ionadaithe dlísteana.”¹³² Ar a bharr sin, “cé go bhfuil an t-Aire freagrach as forbairt na bpolasaithe maidir le hábhair teagaisc, bíonn an chumhacht lánroghnach atá aige faoi réir théarmaí na Cairte, go mór mór i leith ábhar a bhaineann le gné chúiteach Airteagal 23, riachtanais shainiúla phobal an mhionlaigh theangeolaíoch agus i leith cheart eisiach ionadaithe an mhionlaigh maidir le bainistíocht teagaisc ionad scoile an mhionlaigh. Tugtar cead do rialacháin na gcumhachtaí a bronnadh ar an gcoimisiún de réir na dteorainneacha atá leagtha amach in Airteagal 23. Ba chóir don Rialtas leas a bhaint as an gcumhacht lánroghnach is leithne atá ann i dtaobh modhanna institiúideacha a roghnú chun a dhualgais maidir le hAirteagal 23 a chomhlíonadh. Tá leas dlísteana ag an gCúige in ábhair agus nósanna cáilíochtúla cláir teagaisc an mhionlaigh theangeolaíoch oifigiúil, agus is féidir leis cláir a fhorchur a fhad agus nach ndéanann siad aon bhagairt ar ábhair spéise dhlísteana an mhionlaigh maidir le teanga agus cultúr.”¹³³ Seo é an fáth: “Ba dhóigh le pobal teangeolaíoch an mhionlaigh agus a choimisiún

go raibh sé seo loighciúil, ach níor aontaigh an t-Aire leo toisc nach raibh an tuiscint chéanna ag an dá dhream ar na riachtanais teagaisc.”¹³⁴

Tá sé de cheart ag an Aireacht suirbhé a dhéanamh ar mheon phobal an mhionlaigh maidir lena riachtanais agus lena thosaíochtaí scoile, ach níl sé de cheart aige na fíricí a bhaintear amach a léirmhíniú nó a úsáid cibé slí is mian leis. Ba chóir don mhionlach an focal scoir a bheith aige. Ní hé próiseas cinntiúcháin na riachtanas atá chun tosaigh, rud is féidir a bheith faoi mhaoirseacht na hAireachta, ach an próiseas toilithe deiridh atá faoi chúram eisiach an mhionlaigh agus a chomhairle scoile.

b) Bunú na gclár scolaíochta de réir riachtanas an mhionlaigh

Is é teacht slán agus forleathnú teanga agus cultúr Francach na bpobal lena mbaineann siad an sainordú atá ag na scoileanna Fraincise. Níl a leithéid de dhualgas ar na scoileanna Béarla, toisc nach bhfuil bagairt chomhshamhlaithe ar bith in ndán don tromlach a labhraíonn Béarla. Mar sin, ní hé amháin go bhfuil sainordú teagaisc ag na scoileanna Fraincise (teagasc na n-ábhar i dteanga an mhionlaigh), ach tá sainordú sóisialta acu fosta (teacht slán phobal an mhionlaigh). Ba chóir do na cláir scolaíochta mar sin cur leis an dá shainordú sin.

Fógraíonn an dlí-eolaíocht go soiléir an tábhacht atá ag baint leis na scoileanna Fraincise. I mbreithiúnas *Mahé*, dearbhaíonn an Chúirt go mbaineann cuspóir Airteagal 23 le teanga agus le cultúr na gcainteoirí Fraincise i dtimpallacht mhionlaigh (is muidne a chuir an líne faoi): “Tá cuspóir ginearálta Airteagal 23 soiléir: teastaíonn uaidh dhá theanga oifigiúla Cheanada a chaomhnú chomh maith leis na cultúir a léiríonn siad agus teastaíonn uaidh forleathnú gach ceann de na teangacha sin a chur chun cinn, a oiread agus is féidir, sna cúigí áit nach labhraítear mar theanga tromlaigh iad”¹³⁵. Míníonn an príomhbhreitheamh Dickson go díreach ina dhiaidh sin an tábhacht a bhaineann leis an gcultúr: “Tá tábhacht ag an tagairt a rinne mé don chultúr, mar is fíoras é nach féidir aon ráthaíocht ghinearálta maidir le cearta teanga, go mór mór i réimse an oideachais, a dheighilt ó cheist an chultúir a dhéantar a sheachadadh sa teanga. Is mó ná gléas cumarsáide amháin í an teanga; is páirt bhunúsach í de shainiúlacht agus de chultúr an phobail a labhraíonn í chomh maith. Is í an teanga an modh trína dtuigeann na daoine a chéile agus is í an modh trína dtuigeann

¹³¹ Arsenault-Cameron [2000], alt 51.

¹³² Ibid., réamhrá.

¹³³ Ibid., réamhrá (is muidne a chur an béim)

¹³⁴ Ibid., alt 49.

¹³⁵ Mahé [1990], lch. 362.

siad a dtimpeallacht féin í fosta”¹³⁶. Déanann an breitheamh tagairt don Choimisiún Fiosrúcháin Ríoga um Dhátheangachas agus Dhéchtúrachas ina dhiaidh sin (1968:8): “ Is í an teanga eochair na forbartha cultúrtha. Cinnte, ní hionann iad an teanga agus an cultúr, ach tá caomhnú an chultúir ag brath ar bheogacht na teanga”¹³⁷.

Is rud ar leith é cultúr na Fraincise. Ní hé sin le rá go bhfuil sé go hiomlán difriúil leis an gcultúr Béarla a mhaireann lena ais. A mhalairt ar fad, tá i bhfad níos mó cosúlachtaí eatarthu ná a mhalairt. Ní hé atá i gceist liosta a dhéanamh de thréithe cultúrtha difriúla, ach béim a chur ar an argóint nach bhfuil an scoil Fraincise ann chun na hábhair chéanna a mhúineadh i dteanga éagsúil amháin, ach freisin chun luachanna cultúrtha áirithe a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Is é dualgas gach pobal a labhraíonn Francis na luachanna cultúrtha sin a shainaithint chomh maith leis na hacmhainní a bhfuil gá leo chun iad a fhorbairt agus a chur ar aghaidh. D’fhéadfadh pobal a labhraíonn acadien cúrsaí Fraincise a chur ar fáil ag baint leas as foclóir *acadien* i dtreo a chanúna shinsearaigh a fhorbairt chun a thaispeáint don aos óg gur focail inghlactha iad “*itou*” agus “*coquemare*”, cé go bhféadfadh pobal *fransaskoise* (franco-saskatchewan) neamhaird a thabhairt ar an gcanúint úd.

Tá cúis eile ann chun béim a chur ar fhorbairt agus ar chur ar aghaidh na luachanna cultúrtha éagsúla sna scoileanna Fraincise: in éagmais na héagsúlachta cultúrtha sin, ní bheidh aon difríocht le brath idir na scoileanna seo agus scoileanna tumoideachais. Gan éagsúlacht chultúrtha, ní bheidh aon *raison d’être* ag an scoil Fraincise. Tá sainordú cultúrtha ag scoil Fhraincise nach bhfuil ag scoil tumoideachais, toisc gur gá don chéad cheann freastal ar “phobal” teangeolaíoch i dtimpeallacht mhionlaigh. Déantar é seo a fhógairt go soiléir i dtuairiscí an Choimisiúin Fiosrúcháin um Dhátheangachas agus Dhéchtúrachas agus déanann an Chúirt Uachtarach tagairt arís dó i mbreithiúnas *Arsenault-Cameron*: “is í an scoil an institiúid is tábhachtaí chun seasamh an mhionlaigh theangeolaíoch oifigiúil a chosaint, agus is í an phríomh-thairbhí í de bharr Airteagal 23”¹³⁸.

Mínítear i mbreithiúnas *Mahé* ¹³⁹ an riachtanas atá ann cláir scolaíochta a bhunú chun cultúr na Fraincise a chur chun cinn de réir riachtanas na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu sna téarmaí seo a leanas:

Tá an bhainistíocht agus an smacht sin riachtanach chun forleathnú a dteanga agus a gcultúir a chinntiú. Tá siad riachtanach toisc go mb’fhéidir go mbeadh tionchar ag ceisteanna áirithe a bhaineann le hábhair teagaisc (cláir staidéir, caiteachas agus earcú, mar shampla) ar réimse na teanga agus an chultúir. Dar liomsa, ní féidir a shéanadh go mbeidh tionchar caolchúiseach ag na cinntí a dhéantar maidir leis na ceisteanna seo ar bheogacht agus ar sheasamh theanga agus chultúr an mhionlaigh. Gan ach sampla amháin féin a lua, bíonn tionchar suntasach ag an gcuid is mó de na cinntí a dhéantar maidir le cláir staidéir ar theanga agus ar chultúr daltaí de chuid an mhionlaigh.

I mbreithiúnas *Arsenault-Cameron*, dearbhaíonn an Chúirt nach bhféadfadh tuiscint iomlán a bheith ag an tromlach a labhraíonn Béarla ar “na hiarmhairtí a bheadh mar thoradh ar chinntí a dhéantar thar ceann an mhionlaigh”, ach go háirithe maidir le “gnéithe casta éagsúla agus caolchúiseacha a thiocthadh chun cinn (lasmuigh de cheist líon na ndaltaí)”¹⁴⁰. Cuireann an Chúirt leis an méid seo, áfach, á rá go bhfuil páirt thábhachtach ag an Rialtas Cúigeach ina thaobh: “Tá leas dlisteanach ag an gCúige maidir le hábhair agus nósanna cáilíochta na gclár teagaisc a chuirtear ar fáil do na pobail theangeolaíochta oifigiúla, agus is féidir leis cláir a fhorchur ionas nach mbíonn drochthionchar acu ar chúrsaí dlisteanacha teangeolaíochta cultúrtha an mhionlaigh. Is féidir leo méid na scoileanna, na hionaid scoile féin, cúrsaí taistil agus bailiú le chéile na ndaltaí a chur in ord; ach i dtaobh gach gné a mbíonn tionchar aige ar an dteanga agus ar an gcultúr, is gá cúinsí speisialta an mhionlaigh agus cuspóir Airteagal 23 a chur san áireamh.”¹⁴¹

c) Comhionannas na dtorthaí ¹⁴²

Tá sprioc faoi leith ag Airteagal 23: cur le comhionannas an phobail a labhraíonn Francis agus an phobail a labhraíonn Béarla i gCeanada. Tá an comhionannas sin coibhneasta sa mhéid a bhraitheann sé ar chritéir áirithe a leagann síos teorannacha geo-theangeolaíochta – “áit a mbíonn údar leis de réir éilimh” agus “an scála inathraithe” – atá sainmhínithe ag an gCúirt. Is é an comhionannas ceann scríbe an mhionlaigh. Mar sin féin, is doiligh gach gníomh i dtreo na ceann scríbe sin a mheas, toisc an deachracht atá ann comhionannas coibhneasta a bhaint amach. Is féidir an rud céanna a rá maidir le cuspóir gearrála Airteagal 23: cur le forleathnú phobal na

¹³⁶ Idem.

¹³⁷ Idem.

¹³⁸ *Arsenault-Cameron* [2000], réamhrá.

¹³⁹ Mahé [1990], lch. 371-372.

¹⁴⁰ *Arsenault-Cameron* [2000], alt 54.

¹⁴¹ Ibid., alt 53.

¹⁴² Déantar tagairt freisin do thorthaí scoile “coibhéiseacha” agus do theagaisc atá “ar ard-chaighdeán”.

gcainteoirí Fraincise i dtimpallacht mhionlaigh.

Mar sin féin, molann an Chúirt i mbreithiúnas *Mahé* bealach ar leith chun an comhionannas comhchoiteann sin a léirmhíniú, ag dearbhú go dtugann Airteagal 23 cead don mhionlach “cothromaíocht torthaí scoile” a bhaint amach i gcomparáid leis na torthaí a bhaintear amach i scoileanna an tromlaigh Bhéarla. Níl an comhionannas sin coibhneasta nó siombalach. Déantar meas air de réir iliomad bearta teagaisc atá daingnithe i réimse an oideachais le fada. Léiríonn scrúdaithe PISA a tharla le déanaí gurb amhlaidh atá. Is féidir mar sin bearta a fhorbairt a léiríonn go mbaintear na torthaí céanna amach sna scoileanna Fraincise is a bhaintear amach sna scoileanna Béarla gar dóibh. I gcás contrártha, is féidir bearta cúiteacha a chur i bhfeidhm.

Beidh tábhacht níos lú, áfach, ag baint leis an gcomparáid a dhéanamh idir daltaí a labhraíonn Béarla agus daltaí a labhraíonn Fraincise ná mar a bheidh leis an ábaltacht atá ag daltaí a labhraíonn Fraincise torthaí atá réitithe ag an bpobal a bhaint amach ionas go gcuirfead an teanga agus an cultúr Fraincise ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus, ach go háirithe, go gcuirfí chun cinn comhionannas an dhá phobal theangeolaíoch a oifigiúla. I bhfocail eile, beidh sé de cheart ag an mionlach a thorthaí féin a réiteach i dtaobh aon rud sa churaclam a bhaineann lena theanga nó lena chultúr féin. Ach, chaithfeadh an réiteach sin a bheith cothrom leis na torthaí scoile a fhorchuireann na hAireachtaí Oideachais ar iomláine na ndaltaí de réir a gcumas, bíodh siad ina gcainteoirí Fraincise nó ina gcainteoirí Béarla. Is gá mar sin an chothromaíocht a bhaint amach idir thorthaí “uilíochá” agus thorthaí “mionlaigh”.

Ach, braitheann comhionannas na dtorthaí sin ar conas a oireann na torthaí do riachtanais speisialta agus cúinsí áirithe an mhionlaigh. Níl a thuilleadh le rá ag an gCúirt ar an ábhar seo, ach is féidir a shamhlú go mbeadh nósanna agus modhanna teagaisc agus fiú amháin torthaí ar leith intuigthe dá mbainfí an chomhionannas seo amach. Má tá gá leis, ní bheadh an comhionannas riachtanach a thuilleadh. Sá chás sin, bheadh an mionlach a labhraíonn Fraincise i dteideal éifeacht na dtorthaí scoile a mheas agus na torthaí sin a réiteach dó féin chun forbairt phearsanta chomhchoiteann a dhaltá a chinntiú. I bhfocail eile, chuirfí éifeachtacht na dtorthaí dúchasacha atá ag an mionlach a labhraíonn Fraincise in áit

comhionannas na dtorthaí idir an pobal a labhraíonn Fraincise agus an pobal a labhraíonn Béarla.

Is gá cuimhneamh freisin, má dhéantar tagairt do bhreithiúnas *Mahé*, go mbaineann an comhionannas scoile seo le comhionannas na dtorthaí scolaíochta amháin agus nach mbaineann sé le hábhar an chomhionannais chomhchoitinn atá ann taobh amuigh den scoil. Ach, cé go léiríonn an Chúirt go soiléir gurb é cuspóir Airteagal 23 ná comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a gCeanada a chur chun cinn agus go bhfeicfí an comhionannas coibhneasta agus siombalach seo go nithiúil i dtaca leis na dtorthaí scoile, ní léirítear go soiléir conas is féidir leis an tAirteagal sin comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a chinntiú taobh amuigh den scoil. Is gá dúinn a shamhlú go gcinnteofaí airteagail eile an *Charte* – Airteagal 20, go sonrach, a ráthaíonn soláthar seirbhísí poiblí an Rialtas feidearálach trí mheán an dá teanga oifigiúla – Airteagal 41 den *Loi sur les langues officielles*, a shonraíonn go bhfuil sé de dhuilgias ar na hinstiúidí feidearálacha cur le comhionannas an dá phobal – an comhionannas atá mar chuspóir ag Airteagal 23 a bhaint amach. I bhfocail eile, ní hé atá in Airteagal 23 ach modh amháin i measc modhanna eile a chuireann le comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a oifigiúla, an dá chultúr a bhfuil ag brath orthu agus an dá phobal ina maireann siad. Mar sin féin, is acmhainn bhunúsach é an comhionannas scolaíochta atá mar aidhm aige comhionannas iomlán an dá phobal theangeolaíoch a bhaint amach.

4. An Rannóg Riaracháin:

Achmhainní airgeadais, ábhair agus daonna a chinntiú

Tá dhá phointe riaracháin sa cheathrú rannóg: baineann an chéad cheann le maoiniú teagaisc as Fraincise, agus an dara cheann le cumhachtaí bhainistíochta eisiacha na dtuismitheoirí agus a gcuid CSFanna.

a) Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir na riachtanas

Ó bhreithiúnas *Mahé* i leith, leagann an Chúirt síos ceithre phointe maidir le maoiniú teagaisc as Fraincise. Sa chéad áit, ba chóir go gcuirfeadh Rialtais na gCúigí “ciste poiblí dóthanach” ar fáil do na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincise chun a chinntiú go mbeidh an teagasc a thugtar dá bpaistí “i bprionsabal, agus a oiread agus is féidir,

ar aon chaighdeán leis an teagasc a thugtar don tromlach, gan a bheith díreach cosúil leis¹⁴³. Sa dara háit, “tugann carachtar cúiteach Airteagal 23 le tuiscint go dtugtar níos mó aird ar ghnéithe teagaisc ná mar a thugtar do riachtanais airgeadais nuair is ceist í an bhfuil údar leis na seirbhísí cuí á gcur ar fáil áit ina bhfuil dóthain daltaí¹⁴⁴. Sa tríú háit, ba chóir do mhéid an chiste a chuirtear ar fáil don mhionlach “a bheith ar a laghad cothrom, i gcomhréir líon na ndaltaí, leis an gciste a chuirtear ar fáil do scoileanna an tromlaigh”, agus, go fírinneach, a bheith níos mó chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus chun riachtanais breise an mhionlaigh a chomhlíonadh: “Sa chás áirithe seo, d’fhéadfadh údar a bheith le hiomlán níos mó a thabhairt, in aghaidh an dalta, do scoileanna an mhionlaigh ná mar a thugtar do scoileanna an tromlaigh¹⁴⁵. Ar deireadh, “ba chóir caiteachas an chiste ar theagasc agus ar na hionaid scoile a chur san áireamh i gcumhacht eisiach” an mhionlaigh theangeolaíoch¹⁴⁶.

Molann an dlí-eolaíocht foirmle maoinithe speisialta don teagasc as Fraincis, mar gheall ar an sainordú teagaisc faoi leith agus sainordú pobail sa bhreis atá ag na scoileanna Fraincise agus na comhairlí scoile atá freagrach astu. I mbreithiúnas *Beaulac*, maíonn an Chúirt go gciallaíonn fíorphrionsabal comhionannais “éileamh ar bhearta rialtais chun cearta teangeolaíoch a institiúideacha a chur i bhfeidhm agus go gcothaíonn sé seo dualgais don Stát dá bharr¹⁴⁷. I bhfocail eile, gur chóir do Rialtais na gCúigí infheistiú a dhéanamh sa chomhionannas teangeolaíoch.

Tá dualgas airgeadais freisin ag an Rialtas feidearálach maidir le teagasc as Fraincis (Landry agus Rousselle, 2003). Tá fasach ann ónar fhógair Gérard Pelletier os comhair na Parlaiminte go raibh Clár Teagasc na dTeangacha Oifigiúla (PLOE) ar tí teacht ar an bhfód¹⁴⁸. Is é an chlár sin a thugann cead do na cúigí agus do na críocha an teagasc sin a mhaoiniú, ar son na gcainteoirí Béarla (sna tumscoileanna) agus ar son na gcainteoirí Fraincise (sna scoileanna Fraincise). Ach, níor ghlac na CSFanna páirt go díreach sna hidirbheartaíocht a bhain leis na PLOE agus maíodh go minic go ndeachaigh na comhaontais sin i bhfabhar na dtumscoileanna seachas na scoileanna Fraincise (CNPF, 1996). Ní luann an dlí-eolaíocht go mbeidh áit ag na CSFanna sna hidirbheartaíocht a bhaineann leis na PLOE, ach is féidir tháta a bhaint as gur mar sin a bheidh sé, toisc go ndearbhaíonn an Chúirt i mbreithiúnas *Mahé* go mbeidh cumhacht eisiach ag na CSFanna i

dtaobh “cur i gcrích na gcomhréiteach maidir leis an dteagasc agus na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil do dhaltaí an mhionlaigh theangeolaíoch¹⁴⁹. Fágann sé sin gur féidir leis na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu agus a gcuid CSFanna imeachtaí a thionscnu i gcoinne na Rialtas feidearálach agus Cúigeach nó Críche, de réir Airteagal 24 den *Charte*, má sháraíonn na rialtais a gcearta scolaíochta¹⁵⁰. Ach téann sé sin thar an bprionsabail a cheadaíonn do na CSFanna a gciste a chaitheamh de réir a gcuid riachtanais.

b) Tá seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha ag na CSFanna

I mbreithiúnas *Mahé*, achtaíonn an Chúirt go bhfuil “cumhacht eisiach” ag na CSFanna “cinntí a dhéanamh maidir le teagasc ina dteanga féin agus leis na hionaid ina gcuirtear an teagasc sin ar fáil ag tagairt, ach go háirithe, do: a) caiteachas an chiste curtha ar fáil don teagasc agus do na hionaid sin; b) ainmniú agus treoir dóibh siúd atá freagrach as riarachán an teagaisc agus na n-ionad; c) bunú cláir scolaíochta; d) earcú agus leithdháileadh an phearsanra, go mór mór na múinteoirí; e) cur i gcrích na gcomhaontuithe maidir leis an teagasc agus leis na seirbhísí eile curtha ar fáil do dhaltaí an mhionlaigh theangeolaíoch.”¹⁵¹ Sa bhreithiúnas *Arsenault-Cameron*, cuirtear leis an méid seo ag rá go mbíonn cumhacht eisiach ag na CSFanna i dtaobh “sainaithe na riachtanas áitiúil nuair a bhíonn sainmhíniú na gceantar cuí¹⁵² agus “roghnú suíomh na ranganna nó na n-ionad teagaisc¹⁵³ a bhfuil gá leo i gceist. Ós rud é go bhfuil tagairt déanta againn cheana féin do na cumhachtaí eisiacha atá ann i dtaobh chaiteachas an chiste, bunú na gclár scolaíochta, sainaithe na riachtanais scolaíochta an mhionlaigh agus sainaithe na suíomh na scoileanna, déanfaidh an dara cuid seo den an rannóg riaracháin cur síos ar na trí chumhacht eisiacha atá fágtha: na cumhachtaí bainistíochta, an phearsanra teagaisc agus cur i gcrích na gcomhaontuithe.

Ar an gcéad dul síos, achtaíonn an Chúirt go mbeidh “earcú agus leithdháileadh an phearsanra, ach go háirithe na múinteoirí” faoi chumhacht eisiach ionadaithe an mhionlaigh theangeolaíoch¹⁵⁴. Ní chuireann sé seo cosc ar bith ar Rialtais na gCúigí agus na gCríoch cáilithe ghairmiúla na múinteoirí agus tuarastail foirne a shocrú, mar shampla. Mar sin féin, bíonn earcú agus leithdháileadh an phearsanra teagaisc faoi réir chomhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise chomh luath is a dheimhniú agus a n-focann na rialtais iad.

¹⁴³ Mahé [1990], lch. 345.

¹⁴⁴ Ibid., lch. 385.

¹⁴⁵ Ibid., lch. 378. I mbreithiúnas *Arsenault-Cameron* ([2000], alt 31), chuir an Chúirt leis an méid seo sna téarmaí seo a leanas: “Is é an réamhleanag is bunúsáil atá ag Airteagal 23 ná go gcaithfear plé, más gá, leis na mionlaigh theangeolaíochta oifigiúla ar bhealach difriúil chun go mbainfí fíor-chomhionannas amach, agus

gur gá a chuimhniú ar na riachtanais speisialta atá acu, i dtreo oideachas ar aon chaighdeán leis an tromlach theangeolaíoch oifigiúil a chur ar fáil dóibh.”

¹⁴⁷ *Beaulac* [1999], alt 4.

¹⁴⁸ Fógair Gérard Pelletier, *Débats de la Chambre des communes*, 6ú Samhain, 1969, lch. 577.

¹⁴⁹ Mahé [1990], lch. 395.

¹⁵⁰ Mar a leagan Airteagal 24 amach: “Is féidir le gach duine, ar a ndéantar na cearta atá ráthaithe sa chairt seo a shárú nó a dhiúlú, dul os comhair na cúirte cuí chun cibé cúiteamh a mheasann an chúirt sin a bheith dóthanach a éileamh de bharr na héagóracha sin.”

¹⁵¹ Mahé [1990], lch. 394-395.

¹⁵² *Arsenault-Cameron* [2000], alt 57.

¹⁵³ Ibid., réamhrá.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go dtugann na focail “ach go háirithe”, mar a úsáidtear iad i mbreithiúnas *Mahé*, le tuiscint go bhfeidhmíonn cumhacht eisiach na gcomhairlí scoile ní hamháin i dtaobh an phearsanra múinteoireachta, ach i dtaobh an phearsanra teagaisc nach múinteoirí iad chomh maith. Ciallaíonn sé sin, go n-áirítear cúntóirí na riachtanas speisialta agus na síceolaithe scoile, mar shampla, faoin gcumhacht eisiach seo fosta.

Ina dhiaidh sin, deir an Chúirt “tá ceapadh agus treoir iad siúd atá freagrach as riaracháin” an teagaisc as Fraincis agus as ionaid teagaisc an mhionlaigh faoi réir chumhacht eisiach ionadaithe an mhionlaigh theangeolaíoch¹⁵⁵. Ar an gcaoi seo, is iad baill tofa na CSFanna a fhostaíonn pearsanra gairmiúil na CSFanna agus príomhoidí na scoileanna Fraincise chomh maith, agus mar sin, is faoi réir a gcinntí atá siad. Is cuid den chomhlachas gairmiúil freisin iad pearsanra riaracháin cosúil le rúnaí, fáilteoirí agus cuntasóirí.

Ar deireadh, is é “cur i gcrích na gcomhaontuithe maidir le teagasc agus seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaltaí an mhionlaigh theangeolaíoch” an ceann deireanach de na cúig fheidhm eisiacha atá faoi réir chomhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise mar atá luaite i mbreithiúnas *Mahé*¹⁵⁶. Níor dheimhnigh na cúirteanna téarmaí na bhfeidhmeanna sin go fóill. Is féidir linn tháta a bhaint as go mbaineann sé le ceannach ábhair scoile, le taisteal scoile agus le tógáil scoileanna. Is féidir a shamhlú freisin go gcuirfeadh idirbheartú comhaontaithe comhchoiteann leis an bhfhoireann teagaisc agus leis na ceardchumainn san áireamh sa chumhacht eisiach seo. Bheadh sé deacair, áfach, áitiú go gclúdódh an chumhacht eisiach seo conarthaí maidir le maoiniú a idirbheartú leis an Rialtas feidearálach agus le Rialtais na gCúigí agus na gCríoch i dtaobh na PLOE, ach is féidir dearbhú go deimhin go nglacfaidh ionadaithe an mhionlaigh páirt i gcur i gcrích aon chomhaontas a bhainfeadh le laghdú costais bhreise teagaisc i bhFraincis i gcomhthéacs mionlaigh de bharr na riachtanas breise agus speisialta atá ag an mionlach sin.

¹⁵⁵ Idem

¹⁵⁶ Idem

Roinn a Dó: Riachtanais scolaíochta agus para scolaíochta

Déanann an roinn seo cur síos ar ár sonraí taighde, is é sin le rá, ar riachtanais na CSFanna. Ba chóir go mbeadh cuspóirí beachta ag na riachtanais seo. Shainnaithin an dlí-eolaíocht na príomhchuspóirí maidir le teagasc as Fraincis. Ba chóir údar a thabhairt leis na riachtanais a chuir na CSFanna in iúl de réir na dlí-eolaíochta sin.

Roinntear na freagraí a fuarthas ina dhá chuid: cuireann an chéad chuid síos ar na freagraí nocht a thug na CSFanna ar an gceistneoir, agus is í anailís na bhfíricí sin de réir an chreata dhlíthiúil a bhaineann le Airteagal 23 atá sa dara cuid (**Tábla 1**).

Cuid A: An fhaisnéis a bailíodh ón gceistneoir a dáileadh go 30 CSF

Tharla an próiseas a cheadaigh sainaitheint agus cur in ord tosaíochta na riachtanas scolaíochta ag dhá am ar leith. Rinneadh an chéad iarracht sa samhradh, 2003 (Iarscríbhinn A), a cheadaigh do na CSFanna a bpríomhriachtanais a shainaitheint ó cheisteanna oscailte. Léirigh tiomsú torthaí na hiarrachta sin túslíosta de cheithe riachtanas is daichead.

Cheadaigh an dara hiarracht, a rinneadh sa gheimhreadh, 2004, leis na tríocha CSFanna a bpríomhriachtanais a dhaingniú, a dheimhniú agus a chur in ord tosaíochta. Léiríonn an iarscríbhinn B go mion na torthaí a fuarthas ar an gceistneoir de 21 ceist a tugadh dóibh (**Tábla 2**).

Chabhraigh na ceisteanna seo chun na riachtanais a chur in ord tosaíochta ar dhá bhealach. Is é an chéad bhealach ná a dtábhacht coibhneasta a mheas ar scála (a) go dtí (f). Ó na torthaí a fuarthas ar cheist 18 (féach iarscríbhinn B le haghaidh cur síos sonrach ar na torthaí nach bhfuil sa leagan Gaeilge seo), is féidir na príomhriachtanais a dheimhniú ar dhá bhealach. Ar lámh amháin, déantar liosta de na riachtanais ar tugadh na freagraí “an-tábhachtach” (e) agus “ríthábhachtach” (f) orthu sa scála. Léiríonn

Tábla 1: Na 44 riachtanas tosaigh

1. Tógail scoileanna nua	21. Earcú pearsanra teagaisc rialta
2. Athchóiriú scoileanna atá ann cheana	22. Earcú sainphearsanra teagaisc
3. Cur leis na scoileanna atá ann cheana	23. Earcú pearsanra teagaisc bhreise
4. Cur in oiriúint na gclár do ranganna a bhfuil cumas measctha acu	24. Coinneáil an phearsanra teagaisc
5. Cláir chun nósanna Fhrancacha a spreagadh sula dtosaíonn na daltaí ag dul ar scoil	25. Oiliúint an phearsanra teagaisc
6. Cláir inniúlachta teanga chun cumas an dalta a thabhairt suas chun dáta	26. Oiliúint an phearsanra tacaíochta
7. Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do na tuismitheoirí eiseaghamacha	27. Earcú pearsanra riaracháin
8. Cianfhoghlaim/cumas físchomhdhála/clár teagaisc	28. Coinneáil an phearsanra riaracháin
9. Ríomhairí/bogearraí/an tdirilíon	29. Seirbhísí speisialta as Fraincis
10. Cúrsaí teicneolaíochta faisnéise	30. Achmhainní daonna, cúnamh-teagaiscmeantóirí
11. Líonrú idir scoileanna cúigeacha agus scoileanna ar fud na tíre	31. Measúnú leanúnach na gclár
12. Cláir cúnaimh do leanaí	32. Lárionaid achmhainní teagaisc
13. Cláir scagtha agus cúnaimh do dhaltá a bhfuil deacrachtaí nó atá i mbaol	33. Cur chun cinn na scoile Fraincise
14. Litearthacht teaglaigh	34. Cur chun cinn an oideachais, lánstad.
15. Gníomhaíochtaí tréadacha/teagasc reiligiúnach	35. Gníomhaíochtaí cultúrtha para-scolaíochta
16. Leabhair as Fraincis do léitheoirí bunleibhéil	36. Saol cultúrtha para-scolaíochta
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	37. Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu
18. Naíolanna lánaimseartha	38. Costais bhreise le haghaidh cianchoimiteireachta
19. Ábhar scolaíochta “cúigeach” atá gann nó nach féidir teacht air	39. Costais bhreise le haghaidh taistil ndiaidh am scoile
20. Cláir dara leibhéal	40. Costais bhreise le haghaidh aistriúcháin
	41. Costais bhreise le haghaidh ábhair agus lámhleabhar
	42. Caidreamh a bhunú le heagraíochtaí pobail nach bhfuil baint acu leis an scoil
	43. Idirdealú níos soiléire a dhéanamh ó na comhairlí scoile do chainteoirí Béarla
	44. Rochtain níos fearr ar oideachas dara leibhéal as Fraincis

tábla a dó, in ord a dtábhachta, na sé riachtanas déag a fuair an líon is mó freagraí (e) agus (f).

Dá ndéanfaí an tiomsú de réir an fhreagra “ríthábhachtach” (f) amháin, bheadh difríocht bheag le feiceáil i ndáileadh na riachtanas. Sa chás sin, is amhlaidh go mbeadh an rogha “sainaitheint/earcú na ngaolta a bhfuil cearta acu” sa chéad áit, agus go mbeadh an rogha “cláir le haghaidh nósanna Francacha a spreagadh roimh

fhreastal ar scoil” tar éis bogadh ón dara go dtí an seachtú háit. Ach níl na difríochtaí sin sách suntasach chun na torthaí mar atá siad a chur in amhras.

Bealach eile chun na torthaí a thiomsú ná iad a mheas ar bhonn meánlíon na bpointí a fuair gach riachtanas. Sa chás sin, thabharfadh muid pointe amháin don fhreagra “gan tábhacht”, dhá phointe don fhreagra “tábhacht an-bheag”, trí phointe don fhreagra “ar bheagán tábhachta”, ceithre phointe don fhreagra “cuíosach tábhachtach”, cúig phointe don fhreagra “an-tábhachtach”, agus sé phointe don fhreagra “ríthábhachtach/an-tábhachtach ar fad”. Léiríonn **Tábla 3** na 18 riachtanas a fuair an méid is mó pointí ar bhonn meánlíon 6 bpointe.

An dara bhealach chun na riachtanais a chur in ord tosaíochta ná cuireadh a thabhairt do na freagróirí liosta a dhéanamh de na deich riachtanas is tábhachtaí atá ag a gceantar scoile féin, de réir ord a dtábhachta. Chruthaigh gach CSF liosta difriúil, ach dá ainneoin sin bhíomar in ann na riachtanais a fuair an méid “vótaí” is airde a shonrú ar dhá bhealach. An chéad bhealach ná na riachtanais a cuireadh in ord uimhir a haon a shonrú agus liosta de na deich dtosaíocht de réir na gceistneoirí a chruthú fosta. Léiríonn **Tábla 4**, in ord a dtábhachta, na 13 phríomh riachtanas ba thoradh ar an mbonn ríofa seo: An dara bhealach chun na riachtanais is minice a roghnaíodh ar an liosta de dheich riachtanas a shonrú ná méid áirithe pointí a thabhairt dóibh. Ar an gcaoi seo, tabharfar 10 bpointe do na riachtanais a roghnaíodh sa chéad áit, agus tabharfar 9 bpointe do na riachtanais a roghnaíodh sa dara háit, agus mar sin de. Léiríonn **Tábla 5**, in ord a dtábhachta, na 18 riachtanas is tábhachtaí ar an mbonn ríofa seo.

Sna ceithre liosta seo léirítear na riachtanais speisialta. Ar lámh amháin, tá ocht de na riachtanais le fáil ar gach ceann de na liostaí. Ar an lámh eile, tá cúig cinn de na riachtanais le fáil ar thrí de na ceithre liosta agus tá leibhéal ard pointí bainte amach acu ar gach ceann de na trí liosta seo. Mar sin, is féidir 13 phríomhriachtanas na 30 CSFanna a shainithint **Tábla 6**.

Ach is gá a chur in iúl go soiléir, d’ainneoin an chomhaontaithe, níor roghnaíodh aon riachtanas d’aon ghuth. Is léir go maireann na CSFanna faoi chúinsí difriúla. Níor chóir, mar sin, go ndéanfaí anailís ar na riachtanais ar bhonn chainníochtúil amháin; ba chóir iad a mheas de réir a mbonn dlíthiúil fosta. Is é sin an tábhacht a bhaineann leis an aon phrionsabal déag a ndéantar tagairt dóibh ag tús na tuarascála seo.

Tábla 2: Na 16 riachtanas a fuair an líon is mó freagraí “ríthábhachtach” (e) agus “an-tábhachtach ar fad” (f)

	(e)	(f)	iomlán
22. Earcú sainphearsanra teagaisc	9	14	23
37. Sainithint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu	3	19	22
33. Cur chun cinn na Scoile Fraincise	7	14	21
25. Oiliúint an phearsanra teagaisc	8	13	21
29. Sainseirbhísí as Fraincis	8	13	21
6. Cláir forbairt teanga	6	14	20
5. Cláir chun nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil	3	16	19
1. Tógáil scoileanna nua	6	13	19
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	6	13	19
27. Earcú pearsanra riaracháin	6	12	18
13. Cláir scagtha agus cabhracha do pháistí le deacrachtaí nó atá i mbaol	7	11	18
38. Costais bhreise de bharr chianchoimitéireachta	7	11	18
2. Athchóiriú ar scoileanna atá ann	8	10	18
20. Cláir don dara leibhéal	9	9	18
34. Forbairt an oideachais lánstad	10	8	18
30. Achmhainní daonna, cabhair – teagaisc, meantóirí	11	7	18

Tábla 3: Na 18 riachtanas a fuair an meánlíon pointí is airde

	Meánlíon na bpointí
37. Sainithint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu	5.6
22. Earcú sainphearsanra teagaisc	5.54
5. Cláir le haghaidh nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil	5.39
25. Oiliúint an phearsanra teagaisc	5.38
33. Cur chun cinn na Scoile Fraincise	5.36
29. Seirbhísí speisialta as Fraincis	5.33
6. Cláir fhorbairt na teanga	5.28
21. Earcú pearsanra teagaisc rialta	5.23
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	5.17
13. Cláir scagtha agus cabhracha do pháistí le deacrachtaí nó atá i mbaol	5.13
20. Cláir dara leibhéal	5.08
7. Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do thuismitheoirí eiseaghamacha	5.00
24. Coinneáil an phearsanra teagaisc	5.00
34. Forbairt an oideachais lánstad	5.00
35. Saol cultúrtha para-scolaíochta	5.00
36. Gníomhaíochtaí cultúrtha para-scolaíochta	5.00
38. Costais bhreise le haghaidh cianchoimitéireachta	5.00

Tábla 4: Na 13 riachtanas is minice a roghnaíodh mar uimhir a haon nó a roghnaíodh i measc na 10 riachtanas is tábhachtaí	Uimhir 1	“top-ten”
37. Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu	1	3
1. Tógáil scoileanna nua	7	12
33. Cur chun cinn na Scoile Fraincise	0	11
21. Earcú an phearsanra teagaisc rialta	1	10
18. Naíolanna lánaimseartha	1	9
22. Earcú sainphearsanra teagaisc	0	9
5. Cláir le haghaidh nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil	0	9
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	1	8
29. Sainseirbhísí teagaisc	0	8
27. Earcú pearsanra riaracháin	0	8
6. Cláir fhorbairt na teanga	0	7
5. Cláir eolais, thacaíochta thionlacan do na tuismitheoirí eiseaghamacha	0	7
2. Athchóiriú na scoileanna	1	6

Tábla 6: Na 13 phríomhriachtanas
1. Tógáil scoileanna nua
2. Achóiriú na scoileanna atá ann
5. Cláir le haghaidh nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil
6. Cláir fhorbairt na teanga
7. Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do na tuismitheoirí eiseaghamacha
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí
20. Cláir dara leibhéal
21. Earcú pearsanra teagaisc rialta
22. Earcú sainphearsanra teagaisc
27. Earcú pearsanra riaracháin
29. Sainseirbhísí as Fraincis
33. Cur chun cinn na Scoile Fraincise
37. Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu

Tábla 5: An 18 riachtanas a fuair an méid is mó pointí ar an scála carnach	pointí
1. Tógáil scoileanna nua	107
37. Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu (an spriocghrúpa)	68
33. Naíolanna lánaimseartha	66
18. Cur chun cinn na Scoile Fraincise	63
21. Earcú pearsanra teagaisc rialta	62
5. Cláir le haghaidh nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil	56
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí	54
2. Achóiriú na scoileanna	53
22. Earcú sainphearsanra teagaisc	53
7. Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do na tuismitheoirí	49
6. Cláir fhorbairt na teanga	45
28. Earcú an phearsanra riaracháin	33
23. Coinneáil an phearsanra teagaisc	29
29. Sainseirbhísí as Fraincis	27
14. Leabhair as Fraincis do léitheoirí bunleibhéal	26
19. Cláir dara leibhéal	26
3. Cur leis na scoileanna atá ann	25
24. Earcú pearsanra teagaisc breise	24

Cuid B: Anailís ar na riachtanais scolaíochta de réir Airteagal 23

Déanann an chuid seo anailís ar na riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta faoi mar a léiríonn stiúrthóirí na CSFanna iad. Cloíonn an anailís seo le creat dlíthiúil an oideachais as Fraincis i dtimpeallacht mhionlaigh mar a dhéantar cur síos air sa chéad chuid den tuarascáil seo. Bailíonn an creat dlíthiúil le chéile an t-aon phrionsabal déag faoi cheithre phointe:

1. An Rannóg Pholaitiúil

- Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an mhionlaigh
- Comhionannas an dá phobal theangeolaíochta oifigiúla a chinntiú
- “Aicme rialtais faoi leith” a dhéanamh de na comhairlí scoile
- Cinntiú go gcloíonn Rialtais na gCúigí lena ndualgais dearfacha

2 An Rannóg Phobail

- Scoileanna Fraincise ar leith a bhunú
- Na scoileanna a bheith mar lárionaid chultúrtha do chainteoirí Fraincise

3 An Rannóg Oideolaíochta

- Sainaitheint na riachtanas scoile atá ag na cainteoirí Fraincise
- Cláir scolaíochta a bhunú de réir riachtanas an mhionlaigh
- Comhionannas na dtorthaí a chinntiú

4 An Rannóg Riaracháin

- Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir riachtanas an mhionlaigh
- lánfheidhmiú na seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha atá ag na CSFanna a chinntiú

Cuireann an chuid seo den tuarascáil gach ceann de na ceithre riachtanas is daichead san áireamh, chomh maith leis na sé riachtanas breise a lua roinnt de na CSFanna le linn an dara hiarrachta¹⁵⁷, ag croílár na rannóige agus na bprionsabal dlíthiúil cuí. Is rogha aondeonach é seo. Tá an chuid is mó de na riachtanais gaolta le prionsabal dlíthiúil amháin, ach tá cuid eile díobh a bhfuil ceangal acu le dhá phrionsabal. Ní chuireann an fhírinne seo in

Ach, ordaíonn an dlí-eolaíocht go soiléir go dtabharfar tús áite do riachtanais phobail dhlísteanacha thar riachtanais bhuiséid.

amhras an dáileachán a rinneamar áfach; léiríonn sé go soiléir gur coincheap dinimiciúil agus casta é “lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise”. Tá aidhm heorastúil ar leith ag ár ndáileachán.

Ar a bharr sin, níl ceangal ar bith ag ceann amháin den chaoga riachtanas leis na prionsabail dhlíthiúla: gníomhaíochtaí tréadach/teagasc reiligiúnach. Pléifimid an riachtanas áirithe seo ag deireadh na coda seo. Chomh maith leis sin, beidh baint ag ár n-anailís le hiomlán daichead a naoi de riachtanas ar leith, is é sin daichead a trí den daichead a ceathair de riachtanas tosaigh agus sé riachtanas sa bhreis.

¹⁵⁷ Chuir a lán den 30 CSF leis an liosta de na 44 riachtanas tosaigh i rith an dara iarracht. Ach níl ach 6 cinn de na riachtanais bhreise le fáil ar na liostaí éagsúla de na 10 riachtanas a raibh an-tábhacht leo: (1) treoraigh beartas margaíochta pobail, (2) méadaigh feasacht na cúige faoina dualgais maidir le hAlt 23, (3) cuir inimircigh ar an eolas (4) cuir ar fáil aon taighde fabhrach a bhaineann le hoideachas sa Fhraincis, (5) coinnigh seirbhísí oifigeach teagmhála scoile pobail, (6) forbair rial an mhionlaigh taobh istigh de na CSFanna. Bhogamar na riachtanais eile seo i leataobh ionas go mbeadh an cur i láthair níos simplí toisc nach raibh iontu ach leagan de cheann de na 44 riachtanas tosaigh.

1. Éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an mhionlaigh

Tugtar údar le deich de dháichead a naoi de na riachtanais ar leith de réir na chéad phrionsabal seo:

1. Tógáil scoileanna nua
5. Cláir nósanna Francacha a spreagadh roimh fhreastal ar scoil
6. Cláir eolais, thacaíochta, thionlacan do na tuismitheoirí eiseaghamacha
14. Litearthacht teaghlaigh a chothú
16. Leabhair Fraincise do léitheoirí nua
17. Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí
18. Naíolanna lánaimseartha
20. Cláir dara leibhéal
33. Cur chun cinn na Scoile Fraincise
37. Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu

Tá seacht de na deich riachtanas seo ar liosta 13 riachtanas tosaigh a rinne na CSFanna. Dá bhrí sin, is féidir a rá go bhfuil an prionsabal dlíthiúil seo agus na riachtanais áirithe a bhaineann leis an-tábhachtach ar fad.

a) Tógáil scoileanna nua

Déantar cur síos go mion ar an riachtanas seo faoin gcúigiú prionsabal, ach tá cur i láthair faoin gcéad prionsabal seo tuillte dó, mar go mbíonn forchiall ar leith ann le tógáil scoileanna nua áit ina bhfuil dóthain daltaí, nuair a bhíonn pobail ina raibh scoileanna den sórt sin ann cheana i gceist. Is gá idirdhealú a dhéanamh idir an riachtanas atá ann scoileanna a bhunú sna pobail a d'fhulaing de bharr cinntí dochracha Rialtais na gCúigiú san am atá thart agus scoileanna a a bhunú sna bailte sin ina bhfuil méadú mór i líon na bpáistí a labhraíonn Fraincis de bharr imirce idirchúigeach nó idirnáisiúnta na gcainteoirí Fraincise. Déileálann an cúigiú prionsabal freisin leis an dara chomhathrú sin i riachtanas an bhonneagair.

Chuir fiche a seacht den tríocha CSF an riachtanas seo in iúl. Shonraigh cúig déag acu gur riachtanas é atá le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ar a bharr sin, dhearbhaigh naoi CSF déag gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Is é seo an riachtanas a fuair an méid is mó airde (7) mar “riachtanas uimhir 1”. Chomh maith leis sin, chur tríocha de na CSFanna é ar liosta a bpríomhriachtanas é. Ar deireadh, fuair sé i bhfad

níos mó pointí (107) ná aon cheann eile den caoga riachtanas, chomh maith le bheith mar cheann de na riachtanais scoile is tábhachtaí do na CSFanna.

Ní éiríonn le CSF áirithe cur ina luí ar Rialtais na gCúigiú ciste a chur ar fáil le haghaidh bunú ionaid den sórt seo. I bhformhór na gcásanna, míníonn siad, go mbíonn dhá argóint ar leith ina aghaidh ag Rialtais na gCúigiú: (1) nach bhfuil dóthain daltaí ann agus (2) nach bhfuil an buiséad atá curtha ar fáil don bhonneagair scoile sách mór le linn tréimhsí gearradh siar sa bhuiséad. Ach, ordaíonn an dlí-eolaíocht go soiléir go dtabharfar tús áite do riachtanais phobail dhlísteanaigh thar riachtanais bhuiséid¹⁵⁸.

D'éirigh le comhairlís scoile eile foirgnimh réamhdhéanta a fháil, ach níor éirigh leo cur ina luí ar Rialtais na gCúigiú ciste a chur ar fáil le haghaidh bunú ionaid teagasic a bheadh ar chomhchaighdeán leis na scoileanna Béarla comharsanacha. Sa chás seo, bíonn baint ag an mbonneagair scoile le ceist chomhionannas na n-iarmhairtí scolaíochta. Mar sin, déantar tagairt dó faoin naoi prionsabal dlíthiúil fosta.

Léiríonn cás na *Acadiens de Prince-Ouest* an aincheist bhonneagair ina bhfuil pobal na gcainteoirí Fraincise sáite. Sa bhliain 1972, rinne Rialtas Oileán an Phrionsa Éadbhard cinneadh caoga scoil bheaga áitiúla a cónascadh i dtuairim is deich mbunscoil agus meánscoil pobail agus scoil dara leibhéal cúigeach amháin. Is scoileanna Fraincise a bhí i sé cinn de na scoileanna sin. Bhain na *Acadiens*, chomh maith lena gcomhsaoránaí a labhraíonn Béarla, tairbhe as na háiseanna nua a cuireadh ar fáil dóibh sna scoileanna móra nua – saotharlanna, hallaí gleacaíochta agus caifitéirí srl. – de bharr an chónaisc seo, ach, contrártha lena gcomhsaoránaigh a labhraíonn Béarla, chaill siad an gléas shóisialaithe is tábhachtaí a bhí acu freisin. Dá bhrí sin, fuair glúin iomlán *Acadiens* óga ó pharóistí Tignish agus Palmer Road oideachas trí chóras na scoileanna Béarla. Ó 1981 go dtí 2000, theip ar na hArcadiens cur ina luí ar na húdaráis Cúige scoil Fraincise a thógáil sa réigiún. Ní hé go dtí gur éirigh le tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis ó Summerside, i mí Eanáir 2000, gur thug an Rialtas Cúigeach cead do chomhairle scoile na gcainteoirí Fraincise an Oileáin scoil Fraincise a oscailt sa réigiún agus pearsanra teagaisc agus bainistíochta a earcú don scoil sin. Ceithre bliana ina dhiaidh

¹⁵⁸ Deir breithiúnas *Mahé* ([1990], p. 385) go “mbeidh le feiceáil i dtréith aisghabhála Alt 23 gur mó na gnéithe oideolaíochta a bheidh i gceist ná na héilimh airgeadais nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh faoi cé acu is féidir líon na mac léinn a chosaint i bhfeidhmíú na seirbhísí.”

sin, d'ainneoin go bhfuil 47 dalta cláraithe sa scoil, diúltaíonn an Rialtas foirgnimh scoile a bheadh ar chomhchaighdeán le foirgnimh na scoileanna Béarla sa réigiún a chur in áit na bhfoirgneamh réamhdhéanta atá ann. Tá sé ar intinn ag CSF Oileán an Phrionsa Éadbhard a chás a thabhairt os comhair na cúirte sna seachtainí atá le teacht.

Fulaingíonn pobail eile, pobal Oileáin Phrionsa Éadbhard ina measc, dul ar chúl maidir le riachtanas bonneagair, is é sin le rá na riachtanais bhunúsacha de réir Airteagal 23. Déanann comhairlí scoile an mhionlaigh éileamh in aisce a chur i láthair gach bliain. Ní tráth moille é. Ag déanamh tagairte do chás an Oileáin arís, tá na tuismitheoirí *Acadien* i *Prince-Ouest*, iad siúd a fuair oideachas sna scoileanna Fraincise sular dúnadh iad i 1972, agus mar sin, iad siúd a bhfuil cearta acu de réir Airteagal 23, fásta suas anois agus in aois 35 bliain ar a laghad agus tá a bpáistí féin ag aois scoile anois. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí seo na páistí sin a chur ar ais i gcóras scoile na gcainteoirí Fraincise trí chearta a gcuid tuismitheoirí mar atá leagtha amach in Airteagal 23, beidh sé deacair do phobal na gcainteoirí Fraincise i *Prince-Ouest* scoil Fraincise a éileamh i gceann deich mbliana nó mar sin. Agus mura dtógfar scoil Fraincise sa chéad dá bhliain eile, tá baol ann go mbeidh drochmhisneach ar thuismitheoirí na 47 páiste atá cláraithe faoi láthair i scoil shealadach Deblois, agus go gcuirfidh siad a bpáistí go dtí scoil Béarla sa cheantar.

Mar sin, is iad riachtanais an bhonneagair na riachtanais is bunúsaí gur gá a chomhlíonadh chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart. Is amhlaidh gurb é dúnadh na scoileanna an éagóir ba mhó a d'fhulaing na cainteoirí Fraincise. Is é a n-athoscailt an chúiteamh is fearr atá ann. Cinnte, tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain daltaí ann, ach d'oscail scoil *Prince-Ouest* i Meán Fómhair 2000 agus ní raibh ach 5 dhalta inti. Léirigh an Rialtas Cúigeach ceannasaíocht láidir sa chás seo. Ach tá riachtanas an bhonneagair fós le comhlíonadh go hiomlán. Caithfidh comhairlí scoile eile cur suas le diúltú Rialtais na gCúigí scoileanna Fraincise a thógáil nó a fheistiú de bharr easpa éilimh nó ganntanas sa chiste. Is léir gurb é sin an fáth a bhfuil an riachtanas seo chomh tábhachtach de réir na faisnéise atá againn.

Ar a bharr sin, d'iarramar ar na CSFanna an méid cumhachta atá acu maidir le scoileanna Fraincise a mheas. Ní chothódh na torthaí misneach.

Is amhlaidh nach gceapann ach 46% de na CSFanna go bhfuil “smacht an-láidir” nó “smacht cuimsitheach” acu ar an gcumhacht eisiach seo. Ceapann beagnach 38% díobh nach bhfuil “smacht ar bith” nó “fíorbheagáin smachta” acu ina taobh. Ar deireadh, maíonn 17% díobh go bhfuil méid an smachta seo “suarach”. Is feidhm eisiach do na CSFanna é seo, de réir na dlí-eolaíochta. Is léir nach dtugann roinnt mhaith de Rialtais na gCúigí aon aird ar an dlí-eolaíocht.

b) Cláir nósanna Francacha a spreagadh sula dtosaíonn an dalta ag dul ar scoil

Shonraigh fiche a naoi den tríocha CSF an riachtanas seo. Dhearbhaigh naoi gcinn déag díobh gur riachtanas é atá le comhlíonadh go hiomlán. Chomh maith leis sin, is é an riachtanas a fuair an dara líon is mó freagraí “an-tábhachtach ar fad” (16). Luadh naoi n-uaire freisin ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é. Bhain sé amach 56 pointe, rud a chuireann sa séú háit ar liosta na gcaoga príomhriachtanas é. Mar sin, is riachtanas an-tábhachtach é.

Mínítear an riachtanas seo de réir an phrionsabail ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le meath an mhionlaigh’, toisc go ndearbhaíonn sé nach bhfuil roinnt mhaith de pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu ábalta Fraincis a labhairt nó fiú amháin a thuiscint sula dtosaíonn siad ar scoil. De réir cuid mhaith de na freagróirí, is toradh é seo ar an bhfírinne nach labhraíonn a dtuismitheoirí Fraincis líofa sa bhaile, d'ainneoin a stádas mar thuismitheoirí a bhfuil cearta acu de réir Airteagal 23. Is toradh é seo ina sheal ar an bhfírinne gur comhshamhlaíodh cuid mhaith de na tuismitheoirí ón am ar fhág siad an scoil nó gur phós siad daoine nach cainteoirí Fraincise iad.

Tugtar údar don riachtanas seo freisin ar chúiseanna oideolaíochta. De réir cuid mhaith de na freagróirí, tá sé de cheart ag na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu oideachas as Fraincis a chur ar fáil dá bpáistí fiú amháin mura labhraíonn an páiste nó an tuismitheoir an teanga. Ní féidir le CSF oideachas a dhiúltú do dhaltá ar bhonn cumas teoranta sa teanga a bheith ag an dalta sin. Ach is argóint a bhfuil dhá thaobh uirthi í seo: má chuirtear gach páiste “a bhfuil cearta aige/aici” san áireamh, tá baol ann nach bhféadfaí oideachas d'ardchaighdeán a sholáthar don pháiste nach n-áirítear sa chlár chúiteach, agus go gcuirfí moill ar dul chun cinn

na ndaltaí a labhraíonn Fraincis toisc an am breise a bheidh le caitheamh ag cabhrú leis na páistí “a bhfuil cearta acu” teanga a nOidhreacht, atá dearmadta ag a dtuismitheoirí, a fhoghlaim. In áit go dtarlódh sé seo i rith am scoile, tá súil ag na freagróirí go ndéanfaí an idirghabháil seo sula dtosaíonn na daltaí sin ag dul ar scoil. Is amhlaidh gur mhaith leo go mbeadh an clár seo mar chuid de na seirbhísí chúram leanaí, naíolainne agus litearthacht teaghlaigh. Fillimid ar an scéal seo arís.

c) Cláir eolais, thacaíochta, thionlacain do na tuismitheoirí eiseaghamacha

Aithníonn na CSFanna nach féidir leo, de réir Alt 31, oideachas a dhiúltú d'aon pháiste de thuismitheoirí a bhfuil cearta acu le cumas teanga teoranta aige, fiú má chuireann sé sin i mbaol dul chun cinn na ndaltaí eile sa rang. Go fírinneach, glacann siad leis an dúshlán seo. Rinne cuid mhaith daoine iarracht leas a bhaint as “mianach folaithe an ‘eiseaghamachas’” (Landry, 2003). Tuigean siad go maith go bhféadfadh na lánúin ‘eiseaghamacha’ cur go mór leis an méid daltaí scoile atá acu agus mar sin cabhrú le dul chun cinn phobal na gcainteoirí Fraincise. Is amhlaidh go gcláraíonn roinnt mhaith tuismitheoirí eiseaghamacha a bpáistí i scoileanna Fraincise. Ach, níl a fhios againn cá mhéad a dhéanann é, toisc nach bhfuil eolas cruinn ag na CSFanna faoi theanga dhúchais na dtuismitheoirí, ná ar an teanga a labhraítear sa bhaile. Is réamhchoinníoll é an t-eolas seo a chur ar fáil sular féidir sainaithint a dhéanamh de ghaolta a bhfuil cearta acu (riachtanas i) de réir an chéad phrionsabal dlíthiúil seo.

Chuir roinnt mhaith CSFanna in iúl gur riachtanas tábhachtach é cláir eolais, thacaíochta agus thionlacan a chur ar fáil do na tuismitheoirí eiseaghamacha maidir le hoideachas a bpáistí. Is amhlaidh a chuir fiche a naoi den tríocha CSF in iúl go raibh gá ann an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, gur shonraigh sé cinn déag díobh go raibh an riachtanas seo “an-tábhachtach” nó “an-tábhachtach ar fad”, gur chuir seacht CSF ar liosta na bpríomhriachtanas é agus gur cuireadh sa deichiú háit é ar liosta na bpointí carnach. Is léir gur riachtanas an-tábhachtach eile é.

Ní dhearna na freagróirí an riachtanas seo a mhíniú go soiléir. Is dócha nach raibh siad cinnte faoi nádúr an chláir. Chuir roinnt de na CSFanna tionscadail den sórt sin i bhfeidhm, ach rinne formhór díobh iarracht freastal ar riachtanas a gcliantachta cheana féin gur bacadh le tionscadail a thosú chun freastal ar

chliantacht bhreise nó ar chliantacht áirithe. Ghlac cuid díobh leis gur fearr le formhór na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu na scoileanna Béarla, ach níl an tuairim seo bunaithe ar aon fhigiúirí beachta nó ar aon fhaisnéis ar leith, má bhíonn gá é a mhíniú amach anseo. Den chuid is mó, dearbhaítear gur gá eolas agus tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí eiseaghamacha, ach ní mhínítear cad é go díreach atá le déanamh nó cén bealach is fearr chun é a dhéanamh. Cuirtear leis an méid seo ag rá gur gá idirghabháil a dhéanamh sula gcaileann na tuismitheoirí eiseaghamacha a stádas mar dhaoine a bhfuil cearta acu. Ar an ábhar seo, aontaíonn siad ar fad gur gá dul i ngleic leis an bhfadhb láithreach bonn.

d) Litearthacht teaghlaigh

De réir na CSFanna, ní riachtanas tábhachtach é litearthacht an teaghlaigh. Cinnte, shonraigh fiche a seacht díobh go raibh sé fós le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, ach níor luaigh ach seacht gcinn díobh mar riachtanas “an-tábhachtach” nó “ríthábhachtach” é. Ar a bharr sin, níor chuir ach dhá cheann díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus ní bhfuair sé ach 6 pointe ar an scála carnach.

Mar sin féin, is páirt de na bearta cúiteacha é toisc go luann cuid mhaith de na freagróirí go bhfuil baint ag an éagumas teangeolaíoch le neamhlitearthacht sa teaghlach. Ní léann na tuismitheoirí sách minic dá bpáistí, sula dtéann siad ar an scoil nó ina dhiaidh. Ní léann na tuismitheoirí leabhair Fraincise iad féin ach corruair fánach, ar chúiseanna atá luaite againn cheana, nó de bharr costas nó deacracht teacht ar na leabhair, de réir na freagróirí. D'fhéadfaimis cúiseanna eile a lua, ach ní athróidh sé sin an fhírinn nach bhfuil a dhóthain measa ar an litearthacht i roinnt mhaith teaghlaigh.

De réir na bhfreagróirí sin, ba chóir do na CSFanna agus do na scoileanna iarracht a dhéanamh in éineacht le heagraíochtaí litearthachta litearthacht an teaghlaigh a chur chun cinn. Luann siad cuspóirí áirithe: go sonrach, táirgiúlacht na ndaltaí a fheabhsú ar scoil, caidreamh níos fearr a chothú idir bhaill sa teaghlach, nósanna Francacha a spreagadh sna tuismitheoirí eiseaghamacha agus tabhairt faoi dheacrachtaí foghlama. B'fhéidir nach bhfuil an riachtanas tábhachtach, ach admhaíonn cuid mhaith de na CSFanna gur riachtanas bunúsach atá ann pé scéal é.

e) Leabhair as Fraincis do léitheoirí bunleibhéil

Ba chóir léirmhíniú leathan a thabhairt ar an

riachtanas seo. Is é sin le rá: go mbeadh na hábhair ar fáil go hiomlán as Fraincis. Is féidir cur leis seo na hirísí agus na nuachtáin, agus chomh maith leis sin, na físeáin agus na CD-ROManna oideachasúla. Is riachtanas é seo mar go bhfuil roinnt mhaith pobal in áiteanna iargúlta agus ní féidir leo cur ina luí ar na siopaí leabhar nó ar shiopaí eile infheistiú in ábhair Fraincise a dhéanamh toisc nach bhfuil dóthain tomhaltóirí ann. Tá an-tábhacht ag na hábhair sin le go mbeidh na tuismitheoirí in ann saol as Fraincis a thabhairt dá bpáistí taobh amuigh den scoil. Ceist eile a luaigh na freagróirí ná an riachtanas atá ann raidió, teilifís agus meáin chumarsáide agus sóisialú eile a chur ar fáil do chainteoirí Fraincise. Luadh trí riachtanas breise níos minice ná an chuid eile: (1) leabhair as Fraincis, (2) taispeántais as Fraincis agus (3) seirbhísí poiblí na gCúigí a chur ar fáil as Fraincis. Ina theannta sin, de bharr an easpa daonra criticiúil, chomh maith leis na costais léiriúcháin agus dáiliúcháin arda a bhíonn ar tháirgí Fraincise i gCeanada, is deacair teacht ar leabhair Fhraincise (agus ar tháirgí oideachasúla eile), agus bíonn costas coisceach ar na táirgí seo, rud nach spreagann na tuismitheoirí cabhair a thabhairt dá bpáistí an teanga a fhoghlaim taobh amuigh den scoil. Dar leis na freagróirí, cuireann na cúinsí seo leis an gcomhshamhlú fosta.

Mar sin féin, níl an riachtanas seo ach cuíosach tábhachtach. Is amhlaidh nár shonraigh ach fiche a trí de na CSFanna go raibh sé fós le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, gur mheas ceithre cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann, gur chuir trí cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus go bhfuil sé sa chúigiú háit déag ar an scála carnach.

f) Seirbhísí naíonra agus cúram leanaí as Fraincis

Tugtar údar leis an riachtanas seo ar bhealaí difriúla. Ar dtús, cuireann an taighde in iúl go dtosaíonn an leanbh ag foghlaim ag aois an-óg, sula dtosaíonn sé ag dul ar scoil. Ar an gcaoi seo, bheadh na seirbhísí naíonra seo fóna ar chúiseanna oideolaíochta. Is féidir é a chosaint freisin, ach go háirithe, ar bhonn na fhírinne go bhfoghlaimíonn an páiste an teanga go bunúsach idir dhá bhliain agus cúig bliana d’aois. Do na lánúineacha a labhraíonn Fraincis agus na lánúin eiseaghamacha, go mór mór nuair a oibríonn an dá tuismitheoir, is timpeallacht foghlama teanga agus sóisialú an-tábhachtach iad seirbhísí an naíonra agus cúram leanaí. I dtimpeallacht cheannasach Bhéarla, bíonn an-tábhacht ar fad ag baint leis na seirbhísí seo. Ar deireadh, tugtar údar leo de bharr bhaol an comhshamhlaithe agus meath dhaonra an

mhionlaigh, toisc, mar a chuireann na fírící in iúl, go ndéanann na tuismitheoirí cinneadh cén teanga a bheidh á labhairt sa bhaile agus ar scoil i bhfad roimh ré. Luaigh cuid mhaith de na freagróirí go gcabhraíonn na naíonraí leis an bpáiste dul i dtaithí ar thimpeallacht na scoile Fraincise níos déanaí.

Ba chóir seirbhísí naíonra agus cúram leanaí a chur ar fáil: sin an riachtanas a luann cuid mhaith de na freagróirí chun na héagóracha a d’fhulaing na tuismitheoirí comhshamhlaithe de bharr polasaithe scoile urchóideacha a chuir Rialtais na gCúigí i bhfeidhm san am atá thart agus chun cosc a chur le comhshamhlú na glúine nua sula dtosaíonn siad ag dul ar scoil. Is amhlaidh a shonraigh fiche a sé de na CSFanna go raibh an riachtanas seo le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ar a bharr sin, chuir naoi gcinn déag díobh leis an méid seo ag rá go raibh an riachtanas seo “tábhachtach” nó “an-tábhachtach”. Chuir naoi gcinn díobh ar liosta a bpríomhriachtanas é. Agus, ar deireadh, bhain an riachtanas seo an seachtú háit amach ar liosta na bpointí carnach. Mar sin, is féidir a rá gur ceann do na riachtanas is tábhachtaí do na CSFanna é.

Ceapann cuid mhaith díobh siúd a ghlac páirt sa cheistneoir go ndéanann Airteagal 23 a réimse idirghabhála a theorannú ag leibhéal na mbunscóileanna agus i scoileanna an dara leibhéal. Ar a bharr sin, ceapann siad go srianann sé a gcumas idirghabhála a dhéanamh i réimse na naíonraí. Ní raibh aon de na freagróirí ag súil go mbeadh seirbhísí naíonra agus cúram leanaí faoi chúram na CSFanna. Os a choinne sin, ceapann siad gur chóir do na naíonraí, ach go háirithe, a bheith neamhspleách ón gcóras oideachais. Mar sin féin, bhí súil ag cuid mhaith díobh go lonnófaí na naíonraí sin ina n-ionaid scoile féin, chun go gcuirfí an scoil Fraincise in aithne do na tuismitheoirí, agus chun foghlaim teanga agus sóisialú páistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu a éascú, agus chomh maith leis sin chun páistí na ngaolta a bhfuil cearta acu a imeascadh sa scoil Fraincise sula mbeidh sé ródhéanach.

g) Naíolanna lánaimseartha

Tá cosúlachtaí idir riachtanas na naíolainne lánaimseartha (poiblí) agus riachtanas na seirbhísí naíonra agus, fiú amháin, seirbhísí cúram leanaí. Is é seo an chúis a chuirtear an riachtanas seo san áireamh faoi phrionsabal ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur leis an gcomhshamhlú’. Ach tá difríocht amháin ann: is cuid den chóras oideachais iad na naíolanna i mbeagnach gach cúige agus críoch. Tugann sé seo cead do na

CSFanna idirghabháil a dhéanamh sa chuid sin den réimse scoile. Is í gné an “lánaimsireachais” príomhaidhm an riachtanais seo: tá córas naíolainne páirtaimseartha poiblí ag formhór na gcúigí agus na gcríoch, cé nach soláthraíonn cuid eile ach deontas páirteach le haghaidh caiteachas ar naíolanna. An riachtanas atá ann, mar sin, dar le formhór na bhfreagróirí, ná córas na naíolainne a imeascadh go hiomlán leis an gcóras scoile agus an tseirbhís a chur ar fáil ar bhonn lánaimseartha. Ceapann cuid mhaith de na freagróirí gurb é seo freagracht na CSFanna seachas Rialtais na gCúigí, toisc gur teacht aníos atá ann chun srian a chur le próiseas an chomhshamhalaithe.

Is riachtanas tábhachtach é an ‘naíolann Fhraincise imeascaithe go hiomlán i córas na scoile poiblí atá ag feidhmiú go lánaimseartha’ dar le roinnt mhaith de na CSFanna. Agus cé nár shonraigh ach ocht gcinn déag de na CSFanna é mar riachtanas gur gá a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, ag taispeáint go raibh cuid de na cúigí tar éis an riachtanas a chomhlíonadh, shonraigh seacht gcinn déag de na hocht CSF déag sin gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” a bhí ann. Chomh maith leis sin, luaigh cúig cinn díobh gurb é seo an riachtanas is tábhachtaí a bhí acu, rud a chuir sa dara háit ar an liosta seo é, díreach taobh thiar de riachtanas ‘tógáil na scoileanna nua’. Ar a bharr sin, chuir naoi gcinn de na hocht CSF déag an riachtanas seo ar liosta na ndeich príomhriachtanas. Agus ar deireadh, bhain an riachtanas seo an tríú háit amach ar scála na bpointí carnacha.

h) Cur chun cinn na scoile Fraincise

Is riachtanas tábhachtach eile é ‘cur chun cinn scoileanna agus teagaisc na Fraincise’. Is amhlaidh a chuir fiche a naoi de na CSFanna an riachtanas seo in iúl agus gur luaigh fiche a haon díobh é mar riachtanas “tábhachtach” nó riachtanas “an-tábhachtach”. Chomh maith leis sin, chuir aon cheann déag díobh an riachtanas seo ar liosta na bpríomhriachtanas. Sa réimse seo, tá sé sa dara háit, díreach taobh thiar de ‘shainaitheint agus earcú na ngaolta a bhfuil cearta acu’ agus baineann sé amach an ceathrú háit as caoga ar scála na bpointí carnacha.

Tá baint ag an riachtanas seo le prionsabal ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur leis an gcomhshamhlú’ ar thrí chúis ar leith. Ar dtús, cé gur tógadh agus gur feistíodh roinnt scoileanna Fraincise nua ó 1982

i leith i ndiaidh cinntí breithiúnacha agus airí fabharacha, is toradh iad cuid eile díobh ar iarrachtaí thuismitheoirí, iarrachtaí a chuaigh in aghaidh Rialtais na gCúigí agus tuairimí an tromlaigh a labhraíonn Béarla. Leanann sé uaidh seo gur úrnuacht iad na scoileanna seo agus gur cásanna eisceachtúla iad. Is gá mar sin an scoil Fraincise a chur chun cinn ionas go n-éireoidh leis agus nach mbeidh dearcadh diúltach ag daoine ina leith. Ina theannta sin, de bharr imirce uirbeach, idirchúigeach agus idirnáisiúnta na gcainteoirí Fraincise, go minic ní bhíonn a fhios ag na thuismitheoirí a bhfuil cearta acu nó go bhfuil scoileanna Fraincise ina bpobail nua. Agus, is dócha go bhfuil cuid díobh nach n-aithníonn go bhfuil cearta áirithe ag dul dóibh de réir Airteagal 23. Ar deireadh, níl a fhios ag roinnt mhaith thuismitheoirí faoin taighde a léiríonn gur fearr do dhaltá a labhraíonn Francis an teanga a fhoghlaim i scoileanna Fraincise ná i dtumscoileanna Fraincise. Ceapann roinnt thuismitheoirí gurb é an bealach is fearr a bheith dhátheangach ná freastal ar scoil ina múintear an dá theanga oifigiúil go cothrom. Ach léiríonn an dream seo “saontacht shóisialta”, is cosúil (Landry, 1993). Is éard atá i gceist anseo ná oideachas as Francis a chur chun cinn in áit na scoile Fraincise. Sin é an fáth ar achtaigh na cúirteanna go raibh sé de dhualgas ar Rialtais na gCúigí “seirbhísí oideachais a chur ar fáil, **iad a chur in aithní** agus iad a oscailt do thuismitheoirí ghrúpa an mhionlaigh theangeolaíoch chun go mbeadh oideachas ar aon chaighdeán leis an tromlach le fáil acu”. Dar le cuid mhaith de na freagróirí, theastódh feachtas feasachta os comhair na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu agus na pobail a labhraíonn Francis agus a labhraíonn Béarla chun déileáil leis na trí fhadhb seo. Is amhlaidh a ghlac ceann de na CSFanna leis mar riachtanas sa bhreis agus gur chuir sé ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é. Luaigh ceann eile an tábhacht a bhaineann le “taighde atá fabhrach don oideachas as Francis a chur in iúl”, agus cé gur luaigh an tríú ceann tábhacht “a ndualgais de réir Airteagal 23 a chur in iúl do na cúigí”, bhí súil ag an gceathrú ceann, “go dtabharfaí eolas do na hinimircigh”. Mar sin, is léir go mbeadh cuspoirí éagsúla ag na feachtais seo.

i) Sainaitheint/earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu

Dar le roinnt mhaith freagróirí, is gá uasmhéid pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu a shainaitheint, eolas a thabhairt dóibh agus iad a earcú. Mura n-éiríonn le comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise

uasmhéid na bpáistí sin a shainnadh roimh dheireadh deich mbliana, tá baol ann go gcaillfidh siad go deo iad. Cuireann easpa teagaisc as Fraincis le líon na ndaoine comhshamhlaithe agus cuireann sé cosc ar dhaoine leas a bhaint as ceann de chritéir Airteagal 23. Má chailleann siad glúin na dtuismitheoirí atá idir 25 agus 35 bliana d’aois, príomhthréimhse an síolraithe, caillfidh a bpáistí an ceart sin nuair a thiocfaidh an t-am dóibh córas scoile a roghnú dá bpáistí féin. Is féidir leis na dtuismitheoirí an ceart seo a áitiú do gach páiste a bhfuil acu, más rud é go bhfuair ceann dá bpáistí oideachas i scoil Fraincise, ach is cás eisceachtúil é seo toisc nach mbíonn ach dhá pháiste ar a mhéid, go hiondúil, ag cainteoirí Fraincise sa lá atá inniú ann, rud a laghdaíonn ábharthacht mír 23 (b).

De réir tuairimí éagsúla, ní fhreastalaíonn na CSFanna ach ar thart ar leath líon pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu. Níor tháinig móran athrú ar an bhfigiúir seo ó 1986-87 i leith (Paillé, 1991, Landry, 2003). Tá droch-chuma ar an scéal le haghaidh marthantais agus scaipeadh phobal na gcainteoirí Fraincise a bhraitheann ar na scoileanna Fraincise chun cabhair a thabhairt do na dtuismitheoirí a dteanga agus a gcultúr a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile i sochaí atá claonta i leith na teanga agus an chultúir Bhéarla.

Dar le cuid mhaith freagróirí, tá cúiseanna éagsúla ann nach bhfuil líon ard páistí de thuismitheoirí a bhfuil cearta acu cláraithe sa chóras scoile Fraincise. An phríomhchúis, dar leo, ná nach bhfuil scoileanna Fraincise bunaithe sna pobail ina gcónaíonn na dtuismitheoirí sin. “Build it and they will come”, a deir siad. Is amhlaidh nach bhfuil scoileanna Fraincise ann i bhformhór na réigiún a fhreastlaíonn do pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu, de bharr easpa daltaí nó easpa airgid. Ach ní mhíníonn sé sin cén fáth nach gcláraíonn cuid mhaith de na dtuismitheoirí a bpáistí sa scoil Fraincise nuair atá scoil den chineál sin lonnaithe sa phobal. Ní fadhb mhór í seo sna réigiúin iargúlta, áit arb iad an mionlach teangeolaíoch sa réigiún an tromlach sa cheantar – tá sé seo le feiceáil i dtuaisceart agus in iarthar Ontario agus New Brunswick, ach freisin in áiteanna éagsúla ar fud na tíre – ach ní fheictear riamh é sna réigiúin uirbeacha áit arb iad na cainteoirí Fraincise an mionlach de ghnáth. Sna réigiúin sin, tá uimhir na gclárúcháin i bhfad níos ísle ná an meánlíon náisiúnta. Dar leis na freagróirí, tá tionchar ag ceithre chúis eile ar rogha na dtuismitheoirí.

Ar an gcéad dul síos, **b’fhéidir nach bhfuil a fhios ag na dtuismitheoirí go bhfuil cearta scoile acu.** Ar an gcaoi sin, d’ainneoin an chlampaí pholaitiúil a tharla nuair a glacadh leis an Charte a inscríobh i mBunreacht Cheanada i 1982 agus na breithiúnais caithréimeacha a bhuaigh na dtuismitheoirí os comhair na Cúirte Uachtaraigh ó shin i leith, is cosúil nach raibh a fhios ag cuid mhór de na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu faoi na cearta atá ag a bpáistí oideachas as Fraincis a fháil. Mar sin, dar le roinnt mhaith de na comhairlí scoile, beidh gá ann an t-eolas sin a thabhairt dóibh. Is féidir iad a chomhaireamh de réir fhigiúirí an dhaonáirimh. Cuireann sé sin in iúl i dtús báire go mbeidh straitéis ag teastáil chun na dtuismitheoirí a shainnadh. Ach tá sé dodhéanta iad a shainnadh de réir a n-áite cónaithe. Chomh maith leis seo, tá modh níos éifeachtaí ag teastáil chun iomlán na ndaoine a bhfuil cearta acu a shainnadh. Ina dhiaidh sin, beidh gá ann le modhanna cumarsáide oiriúnacha a aimsiú chun eolas a thabhairt dóibh faoina gcearta scoile, más rud é nach bhfuil an t-eolas sin faighte acu cheana.

Mhol roinnt mhaith de stiúrthóirí na gcomhairlí scoile agus na n-eagraíochtaí pobail feachtas forleathan sna meáin chumarsáide náisiúnta a chur ar bun, na meáin chumarsáide Béarla san áireamh, in éineacht le feachtas a dhéanamh ó dhoras go doras, faoi stiúradh coistí áitiúla na dtuismitheoirí ionghamacha agus eiseaghamacha, faoi stiúradh na gcomhairleoirí scoile agus na bhfoirne teagaisc agus riaracháin. Is é sin le rá, feachtas boillscaireachta sna meáin chumarsáide Fraincise agus Béarla, sna meáin chlóite agus sna meáin chraolta, chomh maith le hearcú gníomhaithe scoile pobail le haghaidh gach ceann den tríocha comhairle scoile ar feadh tréimhse dhá nó trí bliana. Is é an cuspóir a bheadh ag an bhfeachtas seo ná eolas a thabhairt do na dtuismitheoirí maidir lena gcearta scoile agus an scoil Fhraincise a chur chun cinn tríd an bhfiúntas ar leith atá aige a chur in iúl. Theastódh infheistiú airgid agus obair dheonach shuntasach ón bhfeachtas seo, ach maíonn na stiúrthóirí nach tráth moille é agus gurb fhiú, gan dabht ar bith, é a dhéanamh.

Ina dhiaidh sin, **b’fhéidir go bhfuil “saontacht shóisialta” ag baint le dearcadh na dtuismitheoirí a labhraíonn Fraincis i dtimpeallacht mhionlaigh:** ceapann siad nach mbeidh cumas teanga sa Bhéarla ag a gcuid páistí má fhaigheann siad scolaíocht as Fraincis (Landry, 1995, Carey, 1987). Deirtear “saontacht” toisc go bhfuil an dearcadh

seo míchruinn: léiríonn an taighde go mbaineann daltaí an mhionlaigh a fhaigheann scolaíocht ina dteanga dhúchais caighdeán ard amach sa Bhéarla, d'ainneoin na scolaíochta seo (Herbert, 1976, Willig, 1985). Ar a bharr sin, léiríonn an taighde go ndéantar níos fusa an t-aistriú ó Fhraincis go Béarla ná ó Bhéarla go Fraincis de bharr an brú ard sóisialta a chuirtear ar pháistí Béarla a fhoghlaim (Cummins, 1981, 1989). Mar a mhínigh freagróir amháin, “sa tsochaí seo, foghlaimítear an Fhraincis agus tugann tú leat an Béarla”¹⁶⁰. Ar deireadh, sonraíonn an taighde go mbíonn táirgiúlacht mhaith Béarla ag na daltaí a labhraíonn Fraincis nuair a fhaigheann siad scolaíocht as Fraincis (ach amháin sna ranganna Béarla mar dara theanga, nach féidir comparáid a dhéanamh leo) atá ar aon leibhéal le táirgiúlacht na ndaltaí a fhaigheann scolaíocht as Béarla (Landry agus Allard, 1993). Is dócha nach bhfuil a fhios ag tuismitheoirí faoi thorthaí an taighde sin.

Dar le cuid mhaith de na stiúrthóirí a cuireadh ceist orthu, ba chóir do na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis na torthaí sin a chur os comhair an phobail ar bhealach simplí trí fheachtais a dhéanamh sna meáin chumarsáide agus go gearrthéarmach ó dhoras go doras. Mhol an chuid is mó de na freagróirí go n-úsáidfaí billeoga eolais agus físeáin chun cabhrú leis na tuismitheoirí na feachtais seo a chur ar bun.

Ar an tríú dul síos, **b'fhéidir go bhfuil a sainiúlacht Fhraincise caillte ag na tuismitheoirí seo agus nach bhfeiceann siad an fiúntas breise atá ag scoil Fhraincise dá bpáistí**, go mór mór má bhíonn sé de nós ag na páistí agus ag na tuismitheoirí Béarla a labhairt sa bhaile. Léiríonn na staitisticí déimeagrafacha is déanaí go bhfuil baint mhór ag an méadú atá tagtha i dteaghlaigh eiseaghamacha leis an bhfírinne nach gcláraítear páistí le tuismitheoir amháin a labhraíonn Fraincis i scoileanna Fraincise an phobail (Landry, 2003). De réir na loighce sin, cláraítear na páistí sa scoil Bhéarla (tumscoil nó eile) toisc go gcreideann na tuismitheoirí nach n-éireoidh go maith lena bpáistí i scoil Fhraincise nó nach mbeidh siad in ann cabhair a thabhairt dóibh a chuid obair bhaile a dhéanamh. Luaigh cuid mhaith de na stiúrthóirí a ceistíodh, go raibh gá ann le hidirghabháil luath chun seans a thabhairt do na tuismitheoirí agus dá bpáistí dul i dtaithí ar an scoil Fraincise. Ba chóir go mbeadh na hacmhainní cuí ag an scoil seirbhísí agus cláir ar leith a chur ar fáil do pháistí na ndaoine a bhfuil cearta acu, toisc “nár chóir ceart scoile a bheith

in easnamh mar gheall ar teip sa chóras”¹⁶¹. Luaigh cuid mhaith stiúrthóirí scoile agus pobail ocht bpríomhriachtanas a bhaineann le imeascadh páistí na ndaoine a bhfuil cearta acu sa scoil Fhraincise ón gcéad bhliain ar aghaidh. Ar dtús, ba chóir cláir agus seirbhísí fáilte agus imeascadh a chur ar bun chun freastal go háirithe ar na teaghlaigh eiseaghamacha atá comhshamhlaithe i saol an Bhéarla. Sa dara cás, ba chóir cláir litearthachta teaghlaigh as Fraincis a chur ar bun atá oiriúnach do na teaghlaigh sin ach go háirithe. Ar an tríú dul síos, ba chóir cláir le haghaidh nósanna Fraincise a spreagadh sa pháiste sula dtosaíonn sé/sí ag dul ar scoil a fhorbairt agus a chur ar fáil. Sa cheathrú dul síos, tá gá ann le seirbhísí naíonra as Fraincis a chur ar fáil do pháistí idir bliain agus ceithre bliana d'aois agus áit súgartha d'ardchaighdeán do pháistí ceithre bliana d'aois a chur ar fáil chun an t-aistriú idir an teaghlach comhshamhlaithe nó eiseaghamach agus an scoil Fraincise a éascú. De réir an taighde, tá páistí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois lánábailte dhá theanga nó níos mó a fhoghlaim má thugtar taithí dóibh ar thimpallach naíonra dá leithéid (Pinker, 1994). Mar sin, bheadh sé níos fusa agus níos saoire nósanna Francacha a spreagadh sna naíonáin sula dtosaíonn siad ag dul ar scoil ná cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tar éis do na páistí a bheith cláraithe sa chóras scoile Fraincise.

Chuir cuid mhaith de na freagróirí a ceistíodh sa taighde in iúl go raibh gá ann le nósanna Fraincise a spreagadh sna páistí sula dtosódís ag dul ar scoil. Dar leo, tóghtar go leor páistí ag tuismitheoir amháin sa bhaile sula dtéann siad ar scoil agus mar sin ní bhíonn taithí acu ar naíonraí nó ar áiteanna súgartha roimh ré. Teastaíonn a leithéid de chlár ón scoil Fhraincise chun freastal ar na páistí sin. Mar aon leis an gcúigiú riachtanas seo, chuir na stiúrthóirí scoile in iúl go raibh séú riachtanas ann a bhaineann le himeascadh páistí tuismitheoirí comhshamhlaithe nó eiseaghamacha: riachtanas na n-acmhainní daonna, ar nós iad siúd a fheidhmíonn mar chúntóirí teagaisc agus mar theagascóirí, chun imeascadh na bpáistí a éascú. Sa seachtú dul síos, tá gá ann le leabhair, dlúthdhioscaí agus físeáin ar phraghas réasúnta as Fraincis chun cabhrú le tuismitheoirí comhshamhlaithe agus eiseaghamacha úsáid na Fraincise a spreagadh sa bhaile. Cabhraíonn léamh os ard agus éisteacht le dlúthdhioscaí agus físeáin leis na páistí sin an Fhraincis a fhoghlaim le linn na mblianta foghlamtha teanga (dhá bhliain go dtí cúig bliana

¹⁶⁰ Agallamh le huachtarán bhord scoile na gcainteoirí Fraincise, Ottawa, 26 Márta 2004.

¹⁶¹ Agallamh gutháin le bainistíocht bhord scoile na gcainteoirí Fraincise, 22 Feabhra 2004.

d'aois) i bhfad sula dtéann siad ar scoil. Ar deireadh, tá breis acmhainní ag teastáil chun doiciméid eolais a aistriú ar son na dtuismitheoirí comhshamlaithe nó eiseaghamacha, nó fiú amháin dóibh siúd nach bhfuil litearthacht Fraincise acu. Mar aon le gach riachtanas eile atá luaite go dtí seo, níl an riachtanas seo ag na scoileanna Béarla; má bhíonn gá leis, is ar son tuismitheoirí imircigh nach dtuigeann an Béarla fós atá sé. Sa chás sin, is toradh ar dhea-mhéin na roinne riaracháin seachas ceart bunreachtúil é. I bhfocail eile, ní hamháin go bhfuil sé de cheart ag na tuismitheoirí comhshamlaithe agus eiseaghamacha oideachas as Fraincis a fháil dá bpáistí, tá sé de cheart acu freisin bheith in ann teacht ar eolas (as Béarla más gá leis) maidir leis an oideachais sin chun comhionannas na n-iarbhairtí scolaíochta a chinntiú dá bpáistí. Fillimid ar an scéal seo níos déanaí.

Ar deireadh, mhol roinnt mhaith stiúrthóirí scoile ceathrú cúis a mhíononn cén fáth nach mbaineann na tuismitheoirí a bhfuil cearta acu leas as a gcearta scoile: **níl na scoileanna Fraincise ar aon chaighdeán leis na scoileanna Béarla atá gar dóibh.** Dar leo siúd, déanann cuid mhaith de na tuismitheoirí caighdeán an oideachais a mheas de réir chuma na n-ionad teagaisc. Ós rud é go bhfuil na scoileanna Fraincise níos lú de bharr uimhir íseal na ndaltaí, meastar nach mbeidh hallaí spóirt, saotharlanna agus trealaimh eile acu atá ar aon chaighdeán le trealaimh na scoileanna Béarla atá gar dóibh. Ní bhaineann easpa na scoileanna thuasluaite amháin leis an bprionsabal ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart’; is léir gur féidir údar a thabhairt leis an bprionsabal seo i dtaca le riachtanais eile chomh maith: ‘athchóiriú agus cur leis na scoileanna atá ann cheana féin’. Déanann tuismitheoirí eile caighdeán an oideachais a mheas de réir a dtaithe pearsanta ar scoileanna beaga áitiúla. Luaigh cuid eile nach mbeadh na scoileanna seo in ann rogha ábhair chomh fairsing le rogha na scoileanna Béarla atá gar dóibh a thairiscint de bharr uimhir íseal na ndaltaí cláraithe. Mar a mhíonigh stiúrthóirí comhairle scoile amháin: “Tá ceithre leathanach sa doiciméad a shonraíonn clár na n-ábhar atá againn, cé go líonann clár na n-ábhar seasca leathanach i ndoiciméad mo chomhghleacaí Béarla. Conas is féidir leat dul i gcoimhlint leis na scoileanna Béarla dara leibhéal mura mbíonn rogha cúrsaí chomh fairsing á thairiscint agat?”¹⁶² Mar sin, ba chóir clár ábhair a thairiscint atá ar aon chaighdeán leis an gclár a chuirtear ar fáil do na daltaí a labhraíonn Béarla, go mór mór ag an dara leibhéal, áit a mbíonn an-tábhacht ag baint leis an aistriú.

j) Na cláir dara leibhéal

Meastar gur riachtanas cuíosach tábhachtach é seo. Tá an riachtanas seo fós le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán ag fiche a sé de na CSF agus shonraigh ocht déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Mar sin féin, níor luaigh ach cúig CSF ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é (chuir ceann acu ar bharr an liosta é), agus ní bhfuair an riachtanas seo ach na sé pointe is fiche ar an scála carnach.

Cuirimid an riachtanas seo faoi réimse an phrionsabail: ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le comhshamlú an phobail mhionlaigh’. Bíonn tionchar go minic ag ganntanas na gcúrsaí dara leibhéal i roinnt mhaith de na pobail ar dhaltaí a “éiríonn as” córas na scoile Fraincise agus a aistríonn go dtí an córas Béarla. Bíonn laghdú suntasach ar na deiseanna atá ar fáil ó thaobh oideachais tríú leibhéal agus slí bheatha as Fraincis de le haghaidh páistí a chríochnaíonn a n-oideachas dara leibhéal as Béarla. Chun srian a chur le comhshamlú ógánaigh na gcainteoirí Fraincise, ba chóir do na CSFanna bheith ábalta cúrsaí agus cláir atá “ar aon chaighdeán” maidir le réimse agus cáilíocht a chur ar fáil ina scoileanna Fraincise is a chuirtear ar fáil sna scoileanna Béarla. D’fhéadfaimis freisin an riachtanas seo a chur faoi réimse an phrionsabail seo a leanas: ‘comhionannas na bpobal a chinntiú’. Is amhlaidh a cheadaíonn sé leis an chothromas a chothú idir pobal na gcainteoirí Béarla agus pobal na gcainteoirí Fraincise i dtaobh cúrsaí agus cláir ag an dara leibhéal.

Ar a bharr sin, d’iarramar ar na CSFanna feidhmiúcháin a rialtas Cúigeach nó Críche maidir le comhlíonadh a ndualgais bhunreachtúla a mheas ó thaobh an chéad phrionsabail dhlíthiúil seo de. I dtaca leis an gceist seo, cuireadh trí ghné os a gcomhair. Ní cheapann ach 22% de na freagróirí go ndéanann a rialtas “teagasc as Fraincis a chur chun cinn agus a fhógairt” ar bhealach tábhachtach cuimsitheach. Níor fhreagair ach 16% díobh go dearfach nuair a iarradh orthu “an dtugann a rialtas aon aird ar charachtar cúiteach Airteagal 23 i gcur i bhfeidhm a gcumhachta lánroghnach” agus níor fhreagair ach 50% go dearfach nuair a iarradh orthu “ar ghlac a rialtas le bearta dlíthiúla dearfacha maidir le teagasc as Fraincis”. Ón deich ngné a cuireadh faoi bhráid na CSFanna, bhain na trí ghné seo an líon freagraí dearfacha is ísle amach. Léiríonn na figiúirí seo nach bhfuil mórán suime ag Rialtais na gCúigí agus na gCríoch éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart nó srian a chur

¹⁶² Agallamh gutháin le ceann roinne bord scoile na gcainteoirí Fraincise, 20 Feabhra 2004.

le meath leanúnach an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis trí bhearta dearfacha a chur i bhfeidhm i réimse an teagaisc. Is léir nár chuir an dlí-eolaíocht tábhacht an phrionsabail seo ina luí orthu.

2. Comhionannas an dá phobal theangeolaíoch a oifigiúla a chinntiú

Ceadaíonn na freagraí a tugadh ar na ceisteanna seo dúinn riachtanais ar leith a shainaithint a chabhróidh le neamhionannas an dá phobal theangeolaíoch a oifigiúla a leigheas. Pléimid na riachtanais seo ar fad, seachas dhá ceann acu, in áit eile áfach. Ar lámh amháin, ní thairgtear ach fíorbheagán ábhar scolaíochta sa chúige; tagann a lán de na hábhair seo ó Québec. Bíonn na hábhair seo lochtach go minic. Is féidir locht na n-earraí seo a mhíniú, ar ndóighe, de bharr na heaspa léirtheicinteacha chriticiúla atá ann, agus freisin de bharr chostais táirgeachta arda na n-earraí i gcomparáid le costas na n-earraí céanna as Béarla. Cuireann an easpa seo le neamhionannas leanúnach an dá phobal theangeolaíoch. Dá bhrí sin, chuir roinnt CSFanna in iúl go bhfuil gá ann le lárionaid acmhainní teagaisc a bhunú chun acmhainní as Fraincis a tháirgeadh a bheadh oiriúnach do riachtanais na bpobal áitiúil.

Níor thug na CSFanna tús áite, áfach, don dara rannóg seo atá mar chuspóir ag Airteagal 23. Níor luaigh ach cúig CSF go bhfuil an t-ábhar “cúigeach” mar riachtanas atá le comhlíonadh go hiomlán; níor luaigh ach ocht gcinn díobh go bhfuil “tábhacht” nó “ríthábhacht” ag baint leis an riachtanas seo, agus níor chuir ach ceann amháin acu an riachtanas seo ar liosta na dtosaíochtaí. Ar a bharr sin, níor luaigh ach ocht CSF bunú lárionad acmhainní teagaisc mar riachtanas atá le comhlíonadh go hiomlán; níor shonraigh ach dhá cheann déag díobh go bhfuil “tábhacht” nó “ríthábhacht” ag baint leis an riachtanas seo; níor chuir ach ceann amháin díobh an riachtanas seo ar liosta na tosaíochta; agus níor bhain an riachtanas seo ach ceithre phointe amach ar an scála carnach.

Is féidir an easpa suime seo san ábhar a mhíniú ar dhá bhealach go príomha. I dtús báire, is coincheap teibí é cuspóir Airteagal 23 nach mbíonn mórán bainte aige le cinní laethiúla na mbainisteoirí scoile, bíodh siad ina riarthóirí nó ina n-ionadaithe tofa. Tugtar na cuspóirí seo faoi deara nuair a bhíonn pleanáil fhadtéarmach nó imeachtaí dlíthiúla i gceist. Sa chás sin, tugann na bainisteoirí atá gafa leis an deireadh idéalach seo aird ar fheidhmiú an chuspóra seo sna scoileanna. Mar atá ráite thuas, más amhlaidh go bhfuil cuma theibí ar an

gcomhionannas coibhneasta seo i sochaí Cheanada i gcoitinne, bíonn cuma níos nithiúla aige i réimse na scolaíochta: comhionannas na dtorthaí scoile. Tabharfaimid faoin gceist seo sa rannóg oideolaíoch.

3. “Aicme/réimse rialtais ar leith” a dhéanamh de na comhairlí scoile

Ní riachtanas tosaíochta é seo do na CSFanna más fíor iad na freagraí a tugadh ar an gceistneoir. Níor luaigh siad ach trí riachtanas ar leith ina thaobh. Ar a bharr sin, níor bhronn siad mórán tábhachta ar na trí riachtanas seo. I dtús báire, cé gur shonraigh ceithre cinn déag díobh go raibh gréasán idir scoileanna Fraincise na gcúigí agus scoileanna Fraincise na tíre mar riachtanas gur gá a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, níor shonraigh ach ocht gcinn díobh go raibh an riachtanas seo “tábhachtach” nó “an-tábhachtach”, agus níor chuir ach ceann amháin díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é. Níor bhain an riachtanas seo ach pointe amháin amach ar an scála carnach. Chomh maith leis sin, chuir fiche a ceathair díobh in iúl go raibh gá ann le caidreamh a bhunú le heagraíochtaí eile atá ag obair ar mhaithe leis na gcainteoirí Fraincise, agus gur riachtanas é seo gur chóir a chomhlíonadh go hiomlán, ach ní mheasann ach sé cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann; níor chuir ach trí cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain sé amach ach aon phointe déag ar an scála carnach. Ar deireadh, chuir fiche a ceathair díobh in iúl go bhfuil gá ann le teorann a shainaithint idir comhairlí na gcainteoirí Fraincise agus comhairlí na gcainteoirí Béarla agus gur riachtanas é atá le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ní mheasann ach ceithre cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann; chuir dhá ceann díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é, agus níor bhain an riachtanas seo amach ach dhá phointe déag ar an scála carnach. Ar an lámh eile, chuir ceann de na CSFanna an riachtanas seo a leanas ar liosta na riachtanas breise: ‘rialú an mhionlaigh a fhorbairt ag croílár na CSFanna’, agus chuaigh sé chomh fada le hé a chur ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas.

Os a choinne sin, cuireadh in iúl go soiléir i seisiúin na ngrúpaí fócais le stiúrthóirí na CSFanna ó Ontario, Alberta agus Nua Bhrunsuic, chomh maith leis na hagallaimh a cuireadh ar stiúrthóirí cuid mhaith de CSFanna na gcúigí eile agus na gcríoch, go bhfuil gá ann ‘aicme rialtais ar leith’ a dhéanamh de na CSFanna. Dar le roinnt mhaith de na freagróirí, ba chóir foirmiúleacht shiombalach an Reachta agus tábhacht na CSFanna don Chúirt Uachtarach a aistriú

isteach i mbearta nithiúla. Mar shampla, ba chóir go nglacfadh na CSFanna páirt san idirbheartaíocht maidir leis na gcomhaontuithe déthaobhacha a bhí mar thoradh ar an PLOE (Programme des langues officielles en enseignement). Agus, ar a laghad, ba chóir go mbeadh na CSFanna in ann riachtanais pobail na gcainteoirí Fraincise atá le comhlíonadh ag na comhaontaithe sin a dhearbhu agus téarmaí na gcomhaontuithe a phlé roimh síniú a chur leo. Chuir roinnt mhaith de na freagróirí leis an méid seo ag rá go bhféadfaí an caidreamh atá ann idir na hAireachtaí Oideachais agus na CSFanna a mhíniú, den chuid is mó, ar an mbealach a mbreathnaíonn an Chúige orthu mar eagraíochtaí simplí de chuid an chúige. Ach, ní hamhlaidh atá; is “institiúidí de chuid an mhionlaigh” iad na CSFanna agus cleachtann siad cumhachtaí eisiacha a idirdhealaíonn go soiléir iad ó chomhairlí scoile na gcainteoirí Béarla. Dar leis na freagróirí seo, ba chóir don Aireacht cur chuige comhpháirtíochta in ionad cur chuige ordlathach a chleachtadh agus é ag plé leis na CSFanna. An buntáiste a rachadh leis seo ná go n-athrófaí meoin an Chúige i bhfabhar na lánbhainistíochta scoile. Dar le roinnt mhaith de na freagróirí, is é an t-athrú meoin seo an riachtanas is mó atá ag na CSFanna, toisc go dtabharfadh sé an-mhisneach dóibh agus iad ag dul i ngleic leis na riachtanais eile. Tá an fhadhb fós gan réiteach.

Ina dhiaidh sin, mar a mhíniú roinnt mhaith de na freagróirí, is riachtanas bunúsach é gné “pholaitiúil” na lánbhainistíochta scoile nár spreag na CSFanna go fóill dul i ngleic le fadhbanna níos chruógacha. Déanta na fírinne, níl formhór na CSFanna ar an bhfód ach le sé bliana anuas nó níos lú. An phríomhghnó a bhí acu go dtí seo ná glacadh le polasaithe inmhéánacha, na polasaithe sin a chur i bhfeidhm agus foghlaim conas rialú i gcúinsí atá ag athrú ó lá go lá. Ar a bharr sin, ní chaitear ach le beagán ama anuas leis na hinstiúidí fo-stáit cosúil leis na comhairlí scoile mar “aicme rialtais faoi leith”. Agus chomh maith leis sin, is iad na taighdeoirí amháin a bhreathnaíonn orthu ar an gcaoi seo (Bourgeois, 2003). Tá sé deacair a shamhlú conas a bheadh sé de chumas ag na comhairleoirí scoile deonacha an ról seo a chleachtadh gan aon taithí a bheith acu roimh ré. Mar sin féin, bailíonn an coincheap “aicme rialtais” roinnt ábhar machnaimh ag cuid de na CSFanna i gcoitinne, agus, dá bhrí sin, is baolach go mbeidh sé mar riachtanas tábhachtach acu ar fad amach anseo. É sin ráite, níl mórán tábhachta ag baint leis ag an am seo.

Ar a bharr sin, d’iarramar ar na CSFanna feidhmiúchán a rialtais i dtaca le hathstruchtúrú

na n-institiúidí i bhfabhar teagasc na Fraincise a mheas. Níor shonraigh ach 45% de na CSFanna go raibh cur i ngníomh an rialtais “tábhachtach” nó “cuimsitheach”, agus shonraigh 39% díobh go raibh sé “suarach”. Taispeánann sé seo go bhfuil dul chun cinn déanta sa ghné seo, ach go bhfuil mórán fós le déanamh.

4. Tá dualgais dearfacha ag Rialtais na gCúigí

D’fhéadfaimis caoga riachtanas na CSFanna a chomhaireamh san iomláin mar chuid de na dualgais dhearfacha chúigeacha. Is amhlaidh a luann roinnt mhaith de na freagróirí easpa tiomána a Rialtas Cúigeach mar chúis nach bhfuil riachtanais áirithe comhlíonta. Dar leo, feictear an easpa seo go soiléir i gcás neamhchomhlíonadh an riachtanas is bunúsá (tógáil scoileanna). Is amhlaidh nach dteastaíonn ó rialtais áirithe cloí lena gcuid ndualgas bunúsach bunreachtúil. Is ionann a dhearbhaigh na freagróirí maidir le cuid mhaith de na riachtanais eile, cosúil le ‘athchóiriú agus cur leis na scoileanna atá ann’, ‘cláir a bhunú atá in oiriúint do riachtanais an mhionlaigh’, ‘costais bhreise’, ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart’ agus ‘rannóga pobail agus cultúrtha na scoileanna Fraincise’. Mar sin, bheadh sé níos simplí na riachtanais a lua nach bhfuil páirteach sa ghné seo, cosúil leis an ‘teagasc reiligiúnach’, ‘ríomhairí agus scileanna teicneolaíochta faisnéise’, ‘earcaíocht, coinneáil agus oiliúint na bpearsanra teagaisc agus riaracháin’ chomh maith le ‘caidreamh a bhunú idir na CSFanna agus eagraíochtaí eile sa phobal’. Toisc go bpléimid leis na dualgais seo in áit eile, ní dhéanfaimid mionscrúdú orthu i láthair na huaire. Teastaíonn uainn a thaispeáint, áfach, gur chuir roinnt mhaith de na CSFanna in iúl go raibh gá ann le meon níos dearfaí óna gcuid Rialtas Cúigeach i dtaca leis an oideachas, na scoileanna, na CSFanna féin agus pobail na gcainteoirí Fraincise agus go mbaineann an riachtanas seo le formhór na gcaoga riachtanas a ainmníodh.

5. Bunú scoileanna Fraincise ar leith

Is féidir údar a thabhairt do cheithre riachtanas áirithe i dtaobh cuspóir ar leith atá ag Airteagal 23, is é sin, ‘bunú scoileanna Fraincise’. Is éard atá i gceist ná tógáil scoileanna nua, athchóiriú na scoileanna atá ann cheana féin, cur leis na scoileanna atá ann agus an chianoideachas. Tá sé soiléir óna bheith ag léamh Airteagal 23 go bhfuil an chéad dá riachtanas an-tábhachtach.

Is é tógáil na scoileanna an bhunriachtanas atá ag an gcóras scoile Fraincise. In éagmais na n-ionad seo, is deacair a shamhlú conas a d'féadfaí cláir scolaíochta a chur ar fáil agus bainistíocht na seirbhísí teagaisc seo a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, fiú murar shonraigh ach CSF amháin an riachtanas seo, bheadh sé ina phríomhriachtanas. Bheadh sé deacair athchóiriú scoile nó cur in oiriúint cláir scolaíochta a éileamh nuair nach bhfuil fiú ionad teagaisc amháin ag pobail áirithe. Ar choinníoll, dar ndóigh, go bhfuil dóthain daltaí sa chúige chun údar a thabhairt leis an éileamh sin. Ach is amhlaidh go bhfuil an riachtanas seo comhlíonta den chuid is mó i gCeanada.

Is amhlaidh nár luaigh ach dhá CSF déag é mar riachtanas a bhí le comhlíonadh go hiomlán. É sin ráite, shonraigh cúig cinn déag eile mar riachtanas atá le comhlíonadh go páirteach é; is é sin le rá gur chuir fiche a seacht díobh in iúl go bhfuil gá ann scoileanna nua a bhunú. Ach chabhraigh na grúpaí fócais agus na hagallaimh a rinneamar chun na figiúirí seo a chur i gcomhthéacs. Déanta na fírinne, is cosúil gur chuir formhór na seacht freagróirí is fiche an riachtanas seo in iúl ag déanamh tagairte do thógáil scoileanna nua chun áit na seanscoileanna a ghlacadh, cuid díobh a bunaíodh na blianta fad ó shin. Mar sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir tógáil scoileanna nua chun áit na sean-scoileanna a ghlacadh agus tógáil scoileanna i bpobail nach bhfuil scoileanna acu d'ainneoin dóthain daltaí a bheith acu. Mar shampla, tá seomraí scoile réamhdhéanta tógtha ar cíos ag CSF Oileán Phrionsa Éadbhard i nDeblois le ceithre bliana anuas agus iad ag feitheamh le ciste ón gCúige chun scoil Fhraincise a thógáil i Prince-Ouest. Tá sé de rún ag an CSF cás dlí a thabhairt i gcoinne an Rialtais tar éis do Rialtas an Oileáin an chiste a dhiúltú ceithre bliana as a chéile. Is príomhthosaíocht é bunú na scoileanna nua sna pobail nach bhfuil scoil dá gcuid féin acu. Chuir beagnach an trian cuid de na CSFanna in iúl go bhfuil scoileanna dá leithéid ag teastáil uathu.

Chomh maith leis sin, is ceann de na riachtanais is tábhachtaí atá ag na CSFanna é an riachtanas seo. Is amhlaidh a shonraigh naoi gcinn déag de na CSFanna gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann agus chuir deich gcinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é. Chomh maith leis sin, ba é an riachtanas seo príomhriachtanas seacht gcinn de na CSFanna agus, mar sin, is é an riachtanas is mó luaite é. Ar deireadh, bhain an riachtanas ‘scoileanna nua a thógáil’ an líon is mó pointí amach

ar an scála carnach. De réir na bhfíricí a bhailíomar, is é an riachtanas seo an riachtanas is tábhachtaí. Agus, ós rud é gur léirmhíneadh roinnt mhaith de na CSFanna an riachtanas seo ar dhá bhealach dhifriúla – scoileanna nua a chur in áit na seanscoileanna agus bearna a líonadh i gcóras scoile pobail áirithe – tá sé tábhachtach go ndéanfaimís cur síos níos cruinne ar ár gconclúid. Is amhlaidh is gá plé leis an riachtanas seo i dteannta le riachtanais athchóirithe agus méaduithe scoileanna atá ann. Ag breathnú air mar seo, bíonn na trí riachtanas ar siúl in éineacht le chéile; agus leis an bhfírinne a dhéanamh, tacaíonn siad a chéile. Más rud é go gcuirimid na freagraí maidir leis an dá riachtanas deiridh seo in éineacht leo siúd atá bainteach leis an riachtanas ‘scoileanna nua a thógáil in áit na sean-scoileanna’, ba chóir dúinn a lua gurb é riachtanas atá le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán é ‘athchóiriú na scoileanna’ de réir fiche a hocht de na CSFanna agus gurb ionann freagra fiche a cúig CSF maidir leis an riachtanas ‘cur leis na scoileanna atá ann’. Ar a bharr sin, shonraigh ocht gcomhairle déag gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” é an chéad cheann agus gurb ionann freagra dhá chomhairle déag maidir leis an dara cheann; gur thug seacht gcinn díobh tús áite ar liosta na bpríomhriachtanas don chéad agus don dara cheann agus gur bhain siad amach 53 agus 25 pointe faoi seach ar liosta na bpointí carnach, rud a chuireann iad san 8ú agus sa 17ú háit ar thábla na gcaoga riachtanas. Meastar, mar sin, go meastar go bhfuil na riachtanais bonnagair i measc na riachtanas is tábhachtaí a bhfuil ann do na CSFanna.

Is féidir ceathrú riachtanas ar leith a chur leis an liosta seo: an cianoideachas. Dar leis na bhfreagróirí, tá an riachtanas seo an-tábhachtach do na pobail nach bhfuil scoil Fhraincise acu. Mar sin, is gá an riachtanas seo a roinnt ina dhá chuid: (1) cianoideachas chun easpa scoile áitiúil a chúiteamh agus (2) cianoideachas chun cur leis na gcláir scolaíochta atá curtha ar fáil ag na scoileanna áitiúla, ach go háirithe ag an dara leibhéal. Dá bhrí sin, chuireamar an riachtanas seo san áireamh sa rannóg agus sa phrionsabal dlíthiúil seo, toisc go bhfuil níos mó tábhacht ag baint leis an gcéad chuid ná leis an dara cuid. Is éard atá i gceist, mar sin, ná meicníocht teicneolaíochta atá in ann feidhmiú in áit na scoileanna, cloch choirnéil d’Airteagal 23 agus don fhorbairt phobail i saol an mhionlaigh a labhraíonn Fraincis. Níor chóir, dá thairbhe sin, áfach, an dara cuid den riachtanas seo a fhágáil as an áireamh.

Thuill an dá chuid tábhacht mheánach. Is amhlaidh

a cheap fiche a cúig de na CSFanna gur riachtanas é atá le comhlíonadh go hiomlán, cheap cúig cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann, agus chuir ceann amháin díobh ar liosta na riachtanas uimh. 1 é, ceithre cinn ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain sé amach naoi bpointe déag ar an scála carnach.

Ar a bharr sin, d'iarramar ar do na CSFanna feidhmiúchán a rialtais a mheas maidir leis an gcúigiú prionsabal dlíthiúil seo. Dar le 90% de na freagróirí, déanann na rialtais iarracht teagasc as Fraincis a chur ar fáil ar bhealach inrochtana atá “sásúil” nó “an-sásúil”. Is féidir an fhreagra seo a mhíniú, gan dabht, de réir tógáil nó athchóiriú na scoileanna Fraincise atá le feiceáil ar fud na tíre beag nó mór le timpeall is deich mbliana anuas. Níl ach cuid bheag CSFanna a mheasann nach gcloíonn a rialtas Cúigeach nó Críche lena ndualgais sa réimse seo, rud a thugann le fios go bhfuil roinnt réigiún den tír nach bhfuil scoil Fhraincise faighte acu go fóill.

6. Na scoileanna mar lárionaid chultúrtha do phobal na gcainteoirí Fraincise

Clúdaíonn an prionsabal seo ceithre riachtanas ar leith: forbairt an oideachais féin; na gníomhaíochtaí para-scolaíochta chultúrtha; saol cultúrtha para-scolaíochta agus caidreamh a bhunú le heagraíochtaí pobail nach bhfuil baint acu leis an scoil. Tá tábhacht mheánach choibhneasta ag na ceithre riachtanas seo.

De réir ocht CSF is fiche, is riachtanas é forbairt an oideachais atá le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ar a bharr sin, ceapann ocht gcinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Níor luaigh aon cheann díobh go speisialta é ach tá sé le fáil ar cheann amháin de liostaí na ndeich bpríomhriachtanas. Ar deireadh, níor bhain sé amach ach naoi bpointe ar an scála carnach. Is cuid suntasach é gur bhain an riachtanas seo an dara háit amach nuair a dhéantar tagairt do scála na riachtanas atá le comhlíonadh, ach go dtiteann sé go bun an scála nuair a iarrtar ar na CSFanna a gcuid tosaíochtaí a chur in iúl.

Is féidir an chonclúid chéanna a bhaint de na gníomhaíochtaí cultúrtha agus de shaol cultúrtha para-scolaíochta. Is amhlaidh a cheapann fiche a seacht agus fiche a hocht de CSF faoi seach go bhfuil riachtanais na gníomhaíochtaí agus

an saoil chultúrtha le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, rud a chuireann iad ag barr an liosta; mar sin féin, ní bhaineann siad amach ach deich agus aon phointe déag, faoi seach, ar an scála carnach. Agus ceapann seacht déag agus sé déag de CSFanna faoi seach gur riachtanais “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” iad. Ar deireadh, níor bhain aon cheann díobh amach vóta tosaíochta, ach cuireadh ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas iad sa tríú agus sa cheathrú háit faoi seach. Ar a bharr sin, chuir CSF amháin “fostú comhordaitheoir teagmhála scoile agus an phobail” ar a liosta tosaíochta agus chuir sé i measc na ndeich riachtanas is tábhachtaí chomh maith é.

Ar deireadh, is riachtanas cuíosach tábhachta é caidreamh a bhunú le eagraíochtaí eile sa phobal a labhraíonn Fraincis. Sa chéad áit, ceapann ceithre CSF is fiche gur riachtanas é atá le comhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Sa dara cás, ceapann sé cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” é. Sa tríú cás, níor thug aon cheann díobh tús áite don riachtanas seo, agus chuir trí cinn díobh ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é. Ar deireadh, níor bhain an riachtanas seo amach ach aon phointe déag ar an scála carnach.

Cé go bhfuil na torthaí seo suntasach ar an gcéad amharc, tagann laghdú ar an dtábhacht seo de réir mar a fheictear conas a eagraíonn na CSFanna a gcuid riachtanais, rud a chuireann in iúl go bhfuil súil ag na CSFanna caidreamh níos fearr a bhunú idir an scoil agus an pobal, chomh fada is nach ndéanann sé seo dochar do ghnóthaí scoile. Dheimhnigh stiúrthóirí roinnt mhaith de na CSFanna gurb amhlaidh atá an scéal. Is é an rud a tharlaíonn sa seomra ranga an tosaíocht is mó atá acu. Ar an lámh eile, tá cuid eile díobh a thug tús áite dá riachtanais “para-scolaíochta”. Taispeánann sé seo, b'fhéidir, leibhéal an dul chun cinn atá déanta ag na CSFanna agus na pobail lena mbaineann siad. Ar lámh amháin, cuireann na CSFanna a bhfuil a riachtanais “scoile” comhlíonta acu (mar shampla, ‘tógáil scoileanna nua’) níos mó béime ar a riachtanais “para-scolaíochta” ná a chuireann na CSFanna atá fós ag plé le deacrachtaí “scolaíochta”. Ar a bharr sin, is cosúil go gcomhlíonann na pobail a bhaineann tairbhe as líon mór gníomhaíochtaí cultúrtha cheana féin na riachtanais den sórt seo atá ag na CSFanna agus a gcuid scoileanna. Ar an lámh eile, chuir trí CSF ‘tógáil scoileanna’ agus ‘gníomhaíochtaí nó saol cultúrtha’ i dteannta le chéile ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas. Tá gá ann, mar sin, cur síos níos cruinne a dhéanamh ar ár gconclúid agus a rá go bhfuil an riachtanas

I dtreo an cheangail idir an scoil agus an pobal a shainmhíniú níos soiléire, chuamar...

seo fós le sainmhíniú. Ar an dóigh seo, is cosúil le dul ar thóir réiteach ar cheist an chomhionannais idir an dá phobal theangeolaíocha é.

I dtreo an cheangail idir an scoil agus an pobal a shainmhíniú níos soiléire, chuamar i gcomhairle le naoi eagraíocht is daichead a oibríonn ar mhaithe le forbairt na bpobal a labhraíonn Fraincis. Chuireamar ceistneoir os comhair ceithre cinn déag d'eagraíochtaí náisiúnta agus tríocha a cúig d'eagraíochtaí náisiúnta, cúigeacha agus críche a oibríonn ar son na dtuismitheoirí, na hóige agus na n-ealaíontóirí, chomh maith le trí déag d'eagraíochtaí urlabhra nó agóide atá ann ar bhonn náisiúnta, cúigeach agus chríche.

Bhí dhá aidhm ag an dul i gcomhairle seo. Ar lámh amháin, theastaigh ó na comhairlí scoile a fháil amach an raibh na heagraíochtaí eile a oibríonn ar mhaithe le forbairt an phobail a labhraíonn Fraincis sásta go mbeadh páirt níos mó á n-imirt ag na comhairlí scoile i bhforbairt ilréimseach an phobail. Ar an lámh eile, níor theastaigh uathu athrú iomlán a dhéanamh ar an bplean forbartha atá i bhfeidhm cheana féin don phobal a labhraíonn Fraincis. Mar sin, chuir siad ceist ar na heagraíochtaí sin chun a dheimhniú cé na tionscadail ionchasacha forbartha phobail ba chóir dóibh a chur i bhfeidhm, ina n-aonair nó i gcomhpháirtíocht, agus an bealach is fearr chun na tionscadail chomhpháirteacha sin a fhorbairt agus a chur i ngníomh a phlé.

Cuireann iarscríbhinn D (nach bhfuil sa leagan Gaeilge seo) torthaí ár gcomhairle le daichead a naoi d'eagraíochtaí pobail i láthair. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na torthaí seo i bhfoirm ceithre ráiteas:

1. Tá súil ag na heagraíochtaí pobail go mbeidh tuilleadh rannpháirtíochta ag na CSFanna i bhforbairt ilréimseach na bpobal a labhraíonn Fraincis lena mbaineann siad, ach go háirithe sna pobail ina bhfeidhmíonn an scoil mar an phríomhinstiúid do chainteoirí Fraincise
2. Ba chóir go mbeadh rannpháirtíocht phobail na CSFanna ar aon dul le rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí eile; níor chóir dó a bheith aontaobhach nó le haimhleas na n-iarrachtaí atá ann
3. Ba chóir do na CSFanna páirt a ghlacadh i bhforbairt an phobail trí:
 - an pobal a spreagadh

- na healaíona agus an cultúr a chomhtháthú sa chlár scolaíochta
- feidhmiú mar ghníomhaí eolais agus cumarsáide
- feidhmiú mar theagascóirí pobail
- a n-ionaid a roinnt leis an bpobal
- na naíonáin a imeascadh

4. Chun na CSFanna a imeascadh i bhforbairt an phobail, is gá:

- ról na CSFanna agus na n-eagraíochtaí a shainmhíniú
- comhoibriú i gcur i bhfeidhm na dtionscadal nithiúla agus comhpháirteacha
- imeascadh na bpleananna agus na ngníomhaithe faoi seach ar mhaithe leis an bpobal
- cur chuige dearfach comhlántach a ghlacadh
- cruinniú le chéile go rialta agus go foirmeálta
- cinntiú go dtugann stiúrthóirí na n-eagraíochtaí tús áite do mhodhanna cómháltartacha
- fóram díospóireachta don oideachas a chruthú i ngach ceantar scoile
- an méid is mó daoine a bhfuil cearta acu a earcú, ach go háirithe i measc tuismitheoirí eiseaghamacha
- gach gné den oideachas a imeascadh (naíonra, bunscoil agus meánscoil)
- fostaí a earcú chun iarrachtaí na bpobal a chomhordú i dtreo an phobail a imeascadh sa churaclam agus an curaclam a imeascadh sa phobal
- na healaíona agus an cultúr a imeascadh sa churaclam agus sna gníomhaíochtaí seach-churaclaim
- na háitribh scoile a thabhairt ar iasacht d'eagraíochtaí deonacha an phobail (nó lárionaid scoile agus pobail a bhunú i ngach scoil Fraincise)

7. Riachtanais scolaíochta pobail na gcainteoirí Fraincise a aimsiú

Má thaispeánann anailís an phrionsabail roimhe seo go bhfuil an ceangal idir an scoil agus an pobal fós le sainathint agus le dearbhú, ligean sé dúinn freisin amharc a fháil ar an easpa tábhachta a bronnadh ar riachtanais scolaíochta phobal na gcainteoirí Fraincise a dhearbhú go dtí seo. Is amhlaidh gur doiligh teacht ar riachtanais ar leith a bhaineann leis an ábhar seo ar an liosta tosaigh.

Léiríonn sé seo nach raibh na CSFanna sásta, ónar cuireadh na ceisteanna os a gcomhair den chéad uair, riachtanais a chur in iúl a cheadódh dóibh a gcláir scolaíochta a chur in oiriúint do riachtanais an phobail lena mbaineann siad. Tugann ráitis áirithe a rinne stiúrthóirí na CSFanna agus na n-eagraíochtaí atá ag obair ar mhaithe le forbairt phobail le tuiscint go bhfuil an timpeallacht scoile ródhúnta uirthi féin fós le go bhféadfaí ceangal buan a bhunú idir an scoil agus an pobal. Feictear dúinn go bhfuil baint aige seo leis an gceist maidir le sainaitheint riachtanais scolaíochta an phobail; is léir gur réimse eisiach an dualgas seo do na stiúrthóirí scoile. De réir ár bhfíricí, is tearc iad na CSFanna a théann i gcomhairle nó a dhéanann caidreamh forleathan chun riachtanais scolaíochta an phobail lena mbaineann siad a shainaithint.

D'fhéadfaimis 'measúnú leanúnach na gclár' agus 'caidreamh a bhunú le eagraíochtaí pobail nach bhfuil bainteach leis an scoil' a chur in éineacht leis an bprionsabal dlíthiúil seo. Ba chóir (éifeacht) na gclár a mheas de réir na cuspóirí tosaigh a leagadh amach, agus ba chóir go socródh baill de chuid an phobail na cuspóirí seo, ach go háirithe na daoine a bhfuil cearta acu. Chun é seo a bhaint amach, is léir go bhfuil sé riachtanach caidreamh a bhunú le heagraíochtaí pobail eile. Mar sin féin, léirmhíniú na CSFanna an measúnú seo ag cur i bhfad níos mó béime ar ghnéithe scolaíochta ná ar ghnéithe phobail. Ar a bharr sin, níor léirmhíniú siad bunú an chaidrimh sin leis na heagraíochtaí pobail mar mheicníocht chomhairliúcháin a chabhródh le riachtanais an phobail a shainaithint. Dá bhrí sin, tá se deacair na riachtanais áirithe sin a chur faoi réir an phrionsabail dhlíthiúil seo.

Agus, lena chois sin, d'iarramar orthu ar na CSFanna feidhmiúcháin a rialtais i dtaobh a ndualgais bunreachtúla maidir leis an bprionsabal dlíthiúil seo a mheas. Léiríonn na freagraí go gceapann 83% de na CSFanna go ligeann an rialtas do na tuismitheoirí a labhraíonn Fraincis a riachtanais féin a shainaithint. Ní ábhar conspóide atá ann, mar sin.

D'iarramar orthu chomh maith a shonrú cá mhéad smachta atá acu i dtaobh sainaitheint riachtanais scoile na bpobal lena mbaineann siad. Tá na torthaí an-dearfach. Is amhlaidh a cheapann 75% de na CSFanna go bhfuil "smacht an-láidir" nó "smacht iomláin" acu ar an ngné seo. É sin ráite, dearbhaíonn 25% nach bhfuil "smacht ar bith" nó go bhfuil "smacht an-lag" acu maidir leis an gcumhacht eisiach seo. Is léir nach dtugann cuid de Rialtais na gCúigí aon aird ar an dlí-eolaíocht.

8. Bunú cláir scolaíochta de réir riachtanais an mhionlaigh

Táimid díreach tar éis a rá go bhfuil an ceangal idir an scoil Fhraincise agus an pobal fós le deimhniú (prionsabal 6) agus gur léir nach bhfuil mórán suime ag na CSFanna i riachtanais an phobail sin (prionsabal 7). Mar sin, bheadh sé réasúnach teacht ar an tuairim nach bhfuil na CSFanna ag iarraidh a gcláir scolaíochta a bhunú de réir riachtanais an mhionlaigh. Ach braitheann an chonclúid seo ar an tuairim go bhfuil na CSFanna aonraithe taobh thiar de bhallaí na haicme, ach ní hamhlaidh atá. Fiú mura ndeachaigh mórán de na CSFanna i gcomhairle nó i gcaidreamh go forleathan chun riachtanais an phobail lena mbaineann siad a dheimhniú, ní chiallaíonn sé sin nach dtuigeann siad cad iad na riachtanais atá i gceist agus go bhfuil tuiscint níos fearr ag na tuismitheoirí agus na comhlachtaí pobail eile ar an scéal. Os a choinne sin, is eagraíochtaí pobail do chainteoirí Fraincise iad na CSFanna cosúil le aon eagraíocht phobail eile, agus bíonn tuiscint acu ar riachtanais an phobail i dtaobh na gclár scolaíochta. Agus cé go ndearna roinnt eagraíochtaí pobail gearán faoi "mhodhanna oibre maorlathach agus oideolaíoch" na CSFanna, mhol cuid eile na scileanna maorlathacha agus oideolaíochta a léirigh siad chun oideachas d'ardchaighdeán a fháil do pháistí a labhraíonn Fraincis agus an rannpháirtíocht atá á déanamh acu i bhforbairt phobal na gcainteoirí Fraincise sna blianta atá le teacht. Breathnaíonn an chuid is mó de na heagraíochtaí orthu mar cheannairí pobail i réimse an oideachais. Is é forbairt na gclár scolaíochta an speisialtacht atá acu, dar leo, ar an gcaoi céanna gurb é cur chun cinn an phobail réimse inniúlachta na ndaichead a naoi d'eagraíochtaí pobail a ceistíodh. Mar sin, ní féidir leis na heagraíochtaí pobail a bhfís de ról pobail na CSFanna agus a scoileanna a fhorchur gan fíis na CSFanna i dtaobh ról na n-eagraíochtaí pobail i bhforbairt na gclár scolaíochta a chur san áireamh. Is gá go mbeadh oscailteacht agus comhalartaíocht ar an dá thaobh.

De réir ár dtaighde, shainaithnigh an tríocha CSF ceithre riachtanas faoi leith is féidir a chur faoi réir an phrionsabail dlíthiúil seo: (1) oiriúnú na gclár le haghaidh ranganna a bhfuil inniúlachtaí éagsúla iontu, (2) cláir cúnaimh do pháistí, (3) cláir scagtha agus cúnaimh do pháistí le deacrachtaí agus atá i mbaol agus (4) sainseirbhísí as Fraincis, ach go háirithe: cúntóirí riachtanais speisialta agus síceolaithe. Is féidir linn 'caidreamh a bhunú leis na heagraíochtaí pobail' a chur leis an liosta seo, toisc gur modh riachtanach é chun go gcuirfidís aithne

ar na pobail lena mbaineann siad, ach is cosúil nár léirmhíneadh na freagróirí an riachtanas seo sa tslí sin.

Is iad na sainseirbhísí as Fraincis an riachtanas is tábhachtaí ar fad atá ar an liosta sin. Dar le hocht CSF is fiche, is gá na seirbhísí seo – cúntóirí riachtanais speisialta agus siceolaíochta – a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, ceapann fiche a haon díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir ocht gcinn díobh ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é agus bhain sé amach seacht bpointe is fiche ar an scála carnach. Ar thaobh na riachtanas eile, tá tábhacht meánach nó lag acu de réir na CSFanna, fiú amháin má tá cuid mhaith díobh le comhlíonadh fós i bhformhór na CSFanna. Is gá oiriúnú na gclár do ranganna a bhfuil inniúlachtaí éagsúla iontu a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán i fiche a ceathair de na CSF, ach níor shonraigh ach deich gcinn díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir ceithre cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain sé amach ach naoi bpointe ar an scála carnach. Is gá riachtanas na gclár cúnaimh do pháistí a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán i dtrí CSF is fiche. Ceapann seacht gcinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann agus níor chuir ach seacht gcinn déag díobh ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo amach ach trí phointe déag ar an scála carnach. Ar deireadh, is gá riachtanas na gclár scagthastáil agus cúnaimh do pháistí le deacrachtaí nó atá i mbaol a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán in ocht CSF is fiche. Ceapann ocht gcinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir CSF amháin ar liosta na ndeich bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo ach sé phointe amach ar an scála carnach.

Ar a bharr sin, d'iarramar ar na CSFanna táirgiúlacht a rialtais a mheas i dtaobh an phrionsabail dhlíthiúil seo. Tá na torthaí dearfach go leor. Is amhlaidh a cheap 74% díobh go ndearna a rialtas iarracht “thábhachtach” nó “chuímsitheach” cláir theagaisc as Fraincis a fhorbairt de réir riachtanais an mhionlaigh.

D'iarramar orthu dóibh freisin a dtuairimí a nochtadh maidir leis an leibhéal smachta atá acu ar an gcumhacht eisiach seo. Is cosúil nach bhfuil mórán smachta eisiach acu ar bhunú na gclár scolaíochta. Maíonn 37.5% go bhfuil “smacht láidir” nó “smacht iomlán” acu ar an ngné seo,

agus dearbhaíonn 50% nach bhfuil “smacht ar bith” nó go bhfuil “smacht an-lag” acu air.

9. Comhionannas na n-iarmhairtí scolaíochta

D'fhéadfadh an prionsabal dlíthiúil seo formhór na riachtanas áirithe ón tógáil, ón athchóiriú, ón athmhaisiú agus ón méadú scoile go dtí na costais bhreise taistil, aistriúcháin agus ábhair a chlúdach. Déanta na fírinne, clúdaíonn an prionsabal seo na riachtanais seo ar fad. Mar sin féin, toisc go bhfuil tagairt déanta don chuid is mó díobh in áiteanna eile, pléifidh ár n-anailís le cláir nua nach mbaineann ach le teanga amháin, is é sin le rá le teagasc feabhais i bhFraincis a sholáthar chomh luath is a fhreastalaíonn an páiste ar scoil. Ciallaíonn sé sin go mbeidh páistí na ndaoine a bhfuil cearta acu in ann tairbhe a bhaint as cláir den sórt seo i dtreo drochthorthaí scoile a sheachaint de bharr an moille foghlama teanga atá acu.

Tá an riachtanas seo an-tábhachtach. Tá sé fós le comhlíonadh i seacht CSF is fiche. Sonraigh fiche CSF gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann, rud a chuireann sa séú háit i measc na gcaoga riachtanas é. Cuireadh ar sheacht liosta príomhriachtanas é. Ar deireadh, bhain sé amach cúig pointe is daichead ar an scála carnach.

De réir na bhfreagróirí, tá deacracht ag cuid de na daltaí inniúlacht teanga a bhaint amach i bhFraincis. Ceapann siad gur féidir é seo a mhíniú ar bhealaí difriúla. Ar dtús, b'fhéidir go bhfuil tuismitheoirí eiseaghamacha ag an páiste agus nach labhraítear an Fhraincis ach go hannamh sa bhaile. Ina dhiaidh sin, fásann an páiste suas i dtimpeallacht cheannasach Bhéarla. Agus ar deireadh, tá formhór de na meáin chumarsáide a úsáideann an páiste as Béarla. Ach ní féidir na cúiseanna céanna a lua don tír ar fad. Mar shampla, d'éiligh dhá CSF i Nua Bhrunsuic atá lonnaithe i réigiúin le tromlach a labhraíonn Fraincis ann go gcuirfí ranganna Béarla ar fáil chun inniúlacht teanga sa Bhéarla atá mar phríomhtheanga sa chúige sin agus sa tír a chinntiú. Ach is cás eisceachtúil é sin. I bhformhór na gcásanna, dar leis na freagróirí, bíonn cláir scolaíochta ar leith ag teastáil ó dhaltaí *Acadien* agus Frainciseora chun cabhrú leo an teanga Fhraincise a shárú. Chun srian a chur leis an gcomhshamhlú agus chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart, ní mór cláir den sórt seo a chur ar fáil.

Agus ar deireadh, tá formhór de na meáin chumarsáide a úsáideann an páiste as Béarla.

Ar a bharr sin, d'iarraim ar na CSFanna feidhmiúcháin a rialtais i dtaobh a ndualgas bunreachtúil maidir le comhionannas na n-iarbhairtí scolaíochta a mheas. Ní chothódh na torthaí misneach. Is amhlaidh nach gceapann ach an trian cuid go bhfuil an t-oideachas a chuirtear ar fáil sna scoileanna Fraincise ar aon chaighdeán leis an oideachas sna scoileanna Béarla. Os a choinne sin, shonraigh 79% go gclóíonn a rialtais leis na noirm chaighdeánacha atá leagtha síos do na cláir teagaisc as Fraincis. Caithfimid glacadh leis go ndéanann Rialtais na gCúigí agus na gCríoch noirm chaighdeánacha na gclár teagaisc as Fraincis a chinntiú, ach nach gcinntíonn siad go bhfuil na cláir sin ar aon chaighdeán leo siúd a chuirtear ar fáil sna scoileanna Béarla.

10. Maoiniú cothromasach agus caiteachas an chiste de réir na riachtanas

Don chuid is mó, ceapann na CSFanna gur riachtanas réasúnta tábhachtach é an maoiniú. Tá tábhacht mhór ag baint leis na ceithre riachtanas ar leith a chlúdaíonn sé ar dhóigheanna áirithe. Chomh maith leis sin, tá ceann den cheithre riachtanas i maoiniú breise (na costais le haghaidh chianchomaitéireachta) difriúil ón gcuid eile.

De réir na CSFanna, tá costais bhreise riachtanach chun an chianchomaitéireacht a chúiteamh, toisc go bhfreastalaíonn CSF amháin ar chainteoirí Fraincise i gcás naoi gcinn den dá chúige agus chríoch déag, is é sin le rá go bhfreastalaíonn naoi CSF ar chúige nó ar chríoch amháin ina hiomláine. I ngach cás dá leithéid, is féidir leis na cainteoirí Béarla brath ar sheirbhísí comhairlí scoile éagsúla. Tá costais níos airde ag baint le taisteal go dtí cruinnithe comhairlí scoile, múinteoirí agus riaracháin, chomh maith le costais chianchomaitéireachta, do chainteoirí Fraincise ná mar atá do chainteoirí Béarla. Agus, socraítear costais feidhmiú na CSFanna don chuid is mó le fordheontais in aghaidh an dalta. Tugann rialtais Cúigeach agus Críche áirithe fordheontas breise chun an costais breise seo a íoc, ach ní hamhlaidh atá an scéal ar fud na tíre. Os a choinne sin, shonraigh idir dhá agus ocht CSF go raibh an riachtanas mhaoinithe bhreise seo comhlíonta ina gceantair féin. Míníonn na cúiseanna seo cén fáth nach mbronnann siad ach tábhacht choibhneasta ar na riachtanais seo.

Is riachtanas cuíosach tábhachtach é an costais breise le haghaidh chianchomaitéireachta a

chúiteamh. Dar le hocht CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Sonraíonn ocht gcinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir trí cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo dhá phointe déag amach. Is riachtanas cuíosach tábhachtach freisin é costais breise taistil i ndiaidh am scoile. Dar le seacht CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, ach ní shonraíonn ach dhá cheann déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá i gceist. Chuir ceithre ceann díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo ceithre phointe déag amach. Is cosúil nach riachtanas tábhachtach é ‘táillí breise aistriúcháin’ (mar shampla, le haghaidh dréachtú agus foilsíú litreacha a chuirtear go dtí tuismitheoirí eiseaghamacha nó tuismitheoirí nach bhfuil Fraincis ar a dtoil acu). Dar le dhá CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, ach ní shonraíonn ach ocht gcinn díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” é. Níor chuir ach ceann amháin ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo ach ceithre phointe amach. Is riachtanas cuíosach tábhachtach é ‘costais na n-ábhair agus na lámhleabhar atá níos costasaí ná mar atá as Béarla. Dar le sé CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Sonraíonn ceithre cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir cúig cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain sé amach ach deich phointe ar an scála carnach.

Is gá cuimhneamh, más rud é nach bhfuil tábhacht mhór ag baint leis na costais bhreise seo, go bhfuil cosúlacht ann go gceapann na CSFanna go gcomhlíonfar formhór na riachtanas eile, maidir le tógáil, athchóiriú, athmhaisiú agus méadú na scoileanna, ag baint úsáide as ciste breise eile. Mar a dúirt freagróir amháin “tá na costais taistil bhreise tábhachtach, ach níl siad chomh tábhachtach leis na costais bhreise a chuirfidh oideachas d’ardchaighdeán ar fáil”¹⁶³. I bhfocail eile, bíonn costais bhreise níos tábhachtaí ag teastáil le haghaidh na riachtanais eile, ach ní hé sin a rá go bhfuil na CSFanna sásta leis an maoiniú cothromasach nó leis an smacht atá acu ar chaiteachas an chiste de réir riachtanais an phobail.

Nuair a chuireamar ceist orthu táirgiúlacht a

¹⁶³ Agallamh le ceann roinne bord scoile na gcainteoirí Fraincise, 10 March 2004.

rialtas maidir le maoiniú cothromasach a mheas, d'fhreagair 44-5% díobh go gcaitheann an rialtas go fabhrach leis na gcainteoirí Fraincise nuair a thugann na cúinsí údar “tábhachtach” nó “treascrach” leis, cé go gceapann an trian cuid díobh nach gcaitheann an rialtas leo go fabhrach ach “nuair is gá dóibh”, agus ceapann 22% díobh go gcaitheann an rialtas leo ar bhealach nach féidir glacadh leis.

Chuireamar ceist orthu freisin chun leibhéal an smachta a bhíonn acu ar chaiteachas an chiste réamhfháisnéisithe le haghaidh an teagaisc agus na n-ionad scoile a mheas. Ní chothódh na torthaí misneach sa chás seo ach oiread. Dearbhaíonn 58% go mbíonn “smacht láidir” nó “smacht cuimsitheach” acu air, ach dearbhaíonn 42% nach mbíonn “smacht ar bith” nó go mbíonn “forbheagán smachta” acu ar an gcumhacht seo.

II. Cur i bhfeidhm iomlán na CSFanna de na seacht gcumhacht bhainistíochta eisiacha

Mar atá luaite thuas, baineann an t-aonú phrionsabal déag seo le hearcú agus leithdháileadh an phearsanra teagaisc, ainmniú agus bainistíocht an phearsanra riaracháin agus le cur i gcrích na gcomhaontuithe. Rinneamar tagairt do na cúig chumhacht eile cheana féin.

a) Earcú agus leithdháileadh an phearsanra teagaisc

Gan beag a dhéanamh de chuidiú na n-idirghabhálaithe eile i réimse an oideachais, is gá cuimhneamh go gcomhlíonann an pearsanra teagaisc formhór na hoibre seo sa seomra ranga. Feictear tábhacht an fhíorais seo freisin nuair a thugtar faoi deara go mbaineann 75% d'acmhainní airgeadais na CSFanna: le tuarastal, agus leis na sochair a chaitear ar an bpearsanra teagaisc. Ní hábhar iontais é d'aon duine mar sin go bhfuil an-tábhacht ag baint le sé riachtanas na CSFanna maidir lena bpearsanra teagaisc.

Is riachtanas an-tábhachtach é ‘earcú pearsanra teagaisc rialta’. Dar le ceithre CSF is fiche, is gá é a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Sonraíonn seacht gcinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir aon cheann déag díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é, ceann amháin díobh á chur ar bharr an liosta, agus bhain an riachtanas seo

amach dhá phointe is seasca, rud a fhágann sa chúigú háit é. Is riachtanas an-tábhachtach freisin é ‘earcú sainphearsanra teagaisc’ (mar shampla: ceol agus gairmthreoir). Dar le cúig CSF is fiche, is gá é a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ceapann fiche a trí díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann, rud a chuireann sa chéad áit é maidir leis seo. Chuir naoi gcinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo trí pointe is caoga amach, rud a chuireann sa naoú háit é. Is riachtanas cuíosach tábhachtach é earcú pearsanra teagaisc bhreise. Dar le hocht CSF is fiche, is gá é a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ceapann ceithre cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” é. Chuir cúig cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo ceithre phointe is fiche amach. Is riachtanas cuíosach tábhachtach freisin é ‘coinneáil an phearsanra teagaisc’. Dar le sé CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ceapann sé cinn déag díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann. Chuir sé cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain sé naoi bpointe is fiche amach, rud a chuireann sa tríú háit déag é. Is riachtanas ar bheagán tábhachta é ‘oilíúint an phearsanra teagaisc’. Dar le sé CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán agus ceapann fiche a haon díobh gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann; ach, mar sin féin, níor chuir ach dhá ceann díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo ach cúig phointe déag amach. Ar deireadh, is cosúil go bhfuil riachtanas na n-acmhainní daonna, na muinteoirí cúnaimh agus na meantóirí ar bheagán tábhachta freisin. De réir cúig CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán agus dar le hocht gcinn déag díobh, is riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach atá ann. É sin ráite, níor chuir ach trí cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo ach seacht bpointe amach ar an scála carnach.

Ar a bharr sin, d'iarramar ar na CSFanna táirgiúlacht a rialtais maidir leis an bprionsabal dlíthiúil seo a mheas ag déanamh tagairte do leibhéal an smachta a thiomnaíonn an rialtas orthu i dtaobh na cumhachta eisiacha seo. Tá na torthaí an-dearfach ar fad: dhearbhaigh 87% go mbíonn “smacht an-láidir” nó “smacht cuimsitheach” acu ar an ngné seo, cé gur mhaígh 13% go raibh an smacht seo “suarach”. Níor luaigh aon cheann díobh nach raibh “smacht ar bith” nó go raibh “fíor-bheagán smachta” acu air.

“tá na costais taistil bhreise tábhachtach, ach níl siad chomh tábhachtach leis na costais bhreise a chuirfidh oideachas d'ardchaighdeán ar fáil.”

b) Ainmniú agus bainistíocht an phearsanra riaracháin

D'aimsíomar trí riachtanas ar leith a cheadaíonn dúinn tábhacht an phrionsabail dhlíthiúil seo a mheas. Tá ceann de na trí riachtanas an-tábhachtach - earcú an phearsanra riaracháin – ach tá an dá cheann eile – oiliúint an phearsanra tacaíochta agus coinneáil an phearsanra riaracháin – ar bheagán tábhachta. Is féidir tatal a bhaint as seo go bhfuil sé i bhfad níos deacra pearsanra riaracháin a earcú ná iad a choinneáil. I bhfocail eile, is cosúil go bhfuil ganntanas bainisteoirí maithe ann.

Is riachtanas an-tábhachtach é 'earcú pearsanra riaracháin'. Dar le sé CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ceapann ocht gcinn déag díobh gur riachtanas "tábhachtach" nó "an-tábhachtach" atá ann. Chuir ocht gcinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo trí pointe is tríocha amach, rud a chuireann sa dara háit é. Is riachtanas ar bheagán tábhacht é 'coinneáil an phearsanra riaracháin'. Dar le ceithre CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ceapann trí cinn déag díobh gur riachtanas "tábhachtach" nó "an-tábhachtach" atá ann. Chuir trí cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus bhain an riachtanas seo cúig phointe déag amach, rud a chuireann sa naoú háit é. Ar deireadh, is cosúil gur riachtanas nach bhfuil mórán tábhachta ag baint leis é 'oiliúint an phearsanra tacaíochta'. Dar le hocht CSF is fiche, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán agus maíonn dhá cheann déag díobh gur riachtanas "tábhachtach" nó "an-tábhachtach" atá ann; mar sin féin, níor chuir ach ceann amháin díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é agus níor bhain an riachtanas seo ach trí phointe amach ar an scála carnach.

D'iarramar ar na CSFanna táirgiúlacht a rialtais maidir leis an bhfeidhmiú eisiach seo a mheas. Tá na torthaí an-dearfach. Maíonn 96% díobh go mbíonn "smacht láidir" nó "smacht iomlán" ar an ngné seo acu; ní mhaíonn ach 4% díobh go mbíonn smacht "suarach" orthu air agus ní mhaíonn aon cheann acu nach mbíonn "smacht ar bith" acu air.

c) Cur i gcrích na gcomhaontuithe

De réir na dlí-eolaíochta, tá sé de cheart ag na CSFanna comhaontuithe a dhéanamh le comhlachtaí nó fiontair eile chun tairbhe a seirbhísí a chinntiú. Mar sin, d'fhéadfadh an prionsabal seo formhór

an caoga riachtanas a chlúdach, go sonrach, cur i gcrích na gcomhaontuithe leis na hailtirí agus na hinnealtóirí maidir le tógáil, athchóiriú, athmhaisiú agus méadú na scoileanna, chomh maith le earcú, oiliúint agus coinneáil an phearsanra teagaisc agus riaracháin, gníomhaíochtaí chultúrtha parascolaíochta, cur chun cinn na scoile Fraincise, táirgeadh na lámhleabhar scoile le haghaidh na n-ionad acmhainní teagaisc, earcú na ndaoine a bhfuil cearta acu agus na sainseirbhísí as Fraincis. Is féidir linn na 'comhaontaithe leis na naíolanna príobháideacha chun áitreabh scoile a fháil ar cíós' agus leis na 'sóláthróirí cláir litearthachta teaghlaigh' a chur leis an liosta tosaigh seo. Chuireamar na riachtanais seo in iúl níos luaithe, toisc gur mó a bhaineann siad leis an dlí-eolaíocht. Mar sin féin, ba chóir a rá anseo gur féidir formhór na riachtanas a chomhlíonadh le cabhair idirghabhála na gcomhaontuithe a cuireadh i gcrích idir na CSFanna agus na comhpháirtithe phobail nó príobháideacha. Ní riachtanas ar leith atá ann, mar sin, b'fhéarr a rá gur próiseas a chomhlíonann riachtanais cónasctha.

Is é an rud a bheadh i gceist anseo mar sin ná leibhéal smachta na CSFanna maidir leis an bhfeidhmiú eisiach seo a mheas. Ní chothódh na torthaí, a fuarthas, misneach ach oiread. Is amhlaidh a cheapann níos lú ná 64% de na CSFanna go mbíonn "smacht an-láidir" nó "smacht iomlán" acu ar an ngné seo, agus go gceapann 23% go mbíonn "smacht lag" acu air agus 14% nach mbíonn "smacht ar bith" acu air.

Gnéithe eile

Is féidir a athrá go bhfuil riachtanas amháin nach gclúdaíonn an t-aon phrionsabal déag: an ghníomhaíocht thréadach agus an teagasc reiligiúnach. Dar le ceithre CSF déag, is gá an riachtanas seo a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán. Ar a bharr sin, is dóigh le cúig CSF déag gur riachtanas “tábhachtach” nó “an-tábhachtach” atá ann agus chuir ceithre cinn díobh ar liosta na bpríomhriachtanas é. Os a choinne sin, níor bhain an riachtanas seo ach ceithre phointe déag amach ar an scála carnach. Mar sin, is cosúil gur riachtanas cuíosach tábhachtach é. Feictear go bhfuil sé deacair an riachtanas seo a rangú i measc an aon ghné dhlíthiúil déag. Ar a mhéad, d’fhéadfaimis é a rangú faoi phrionsabal ‘fhorbairt na gclár scolaíochta de réir riachtanais an phobail’.

Chuir an Chúirt Uachtarach ceist dhúbailteacht na scoileanna Fraincise de réir bonn sainchreidmheach de lámh go dtí anois. I mbreithiúnas *Mahé* (1990, lch. 383-384), is fearr leis an gCúirt tagairt a dhéanamh do chás ar leith:

Áitimid, áfach, gur féidir le fadhbanna teacht chun cinn nuair a bhíonn daltaí áirithe de chuid an mhionlaigh theangeolaíoch “sainchreidmheach” agus daltaí eile a bhíonn “neamhshainchreidmheach”. Chomh fada is nach mbeadh sé de dhualgas ar na comhairlí scoile sainchreidmheacha glacadh le daltaí neamhshainchreidmheacha, rinneamar trácht ar indéantacht eagraíocht scoile “ceithrepháirteach” a bhunú. I gcóras den chineál seo, d’fheidhmeodh “scoileanna idirdhealaithe an mhionlaigh theangeolaíoch”, “scoileanna poiblí an mhionlaigh theangeolaíoch”, “scoileanna idirdhealaithe an tromlaigh theangeolaíoch” agus “scoileanna poiblí an tromlaigh teanga” taobh le taobh. Nílím in amhras go bhféadfadh cearta na gcomhairlí scoile sainchreidmheacha teorainn a fhorchur ar an gcineál atheagrúcháin a tharlódh dá gcuirfí téarmaí Airteagal 23 i bhfeidhm ina hiomláine. D’fhéadfadh na ráthaíochtaí a tugadh do na scoileanna sainchreidmheacha grúpa daltaí inghlactha de chuid an mhionlaigh a dheighilt óna chéile agus cosc a chur ar bhunú scoil mhionlaigh dá bharr, cé go raibh bunú na scoile sin riachtanach sular tharla an deighilt. Ach ní bheadh aon tionchar ar a leithéid de chás aiféala

ar bhailíocht an léirmhíneithe a thugaim ar Airteagal 23. Is gá a rá, áfach, nach cosúil go dtarlódh a leithéid de rud, ós rud é go bhfuil comhionannas geografach daingean idir na ngrúpaí sainchreidmheacha agus na mionlaigh theangeolaíocha i gCeanada. Ní fheictear dom go bhfuil fadhbanna dá leithéid ann i láthair na huaire, agus is dóigh liom gurbh fhearr déileáil leo nuair a tharlaíonn siad.

Tháinig ár dtaighde ar a leithéid d’fhadhb, go sonrach, i Waterloo, Ontario, áit a ndúirt beirt gur cuireadh cosc ar bhunú chun scoil Fraincise de bharr nach raibh dóthain daltaí ann, ó thaobh na scoile poiblí de agus ó thaobh na scoile Caitlicí de. Sa chás seo, is cosúil go mbeadh deacracht ann an ceart ‘scoil Fraincise a bhunú de réir Airteagal 23’ a chur i bhfeidhm toisc nach bhfuil dóthain daltaí ann de bharr scaradh na ndaltaí ar bhonn shainchreidmheach. In áit comhaontú, Cheil na tuismitheoirí ar a gcuid páistí oideachas dara leibhéal as Fraincis a fháil. Ní hé seo an áit le díospóireacht a chothú faoi dheighilt na scoile poiblí agus na scoile Caitlicí i gcroílár phobail na gcainteoirí Fraincise in Ontario¹⁶⁴, ach mar sin féin, is gá dúinn a lua go mb’fhéidir gurbh fhearr do phobal Ontario leas a bhaint as a leithéid de chomhaontú mar a bhaineann sé le pobail áirithe den chúige.

¹⁶⁴ Ní raibh aon fhadhbanna againn maidir leis an scoilt idir scoileanna poiblí agus scoileanna Caitliceacha sa dá chúige eile mar a raibh an scoilt seo ann, mar atá Alberta and Saskatchewan.

Conclúid

Déantar cur síos agus anailís sa tuarascáil seo ar phríomhriachtanais an tríocha comhairle scoile a fheidhmíonn ar son na gcainteoirí Fraincise sna cúigí agus sna críocha ina bhfuil tromlach cainteoirí Béarla. Aistríonn na riachtanais seo an dlí-eolaíocht bainteach le Airteagal 23 isteach i ngníomhaíochtaí nithiúla laethúla lánbhainistíocht scoileanna na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh i gCeanada, rud a cheadaíonn do na tuismitheoirí, do na pobail agus do chomhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise tionscadal sochaíoch a shamhlú agus a lorg a cheadóidh dóibh lánbhainistíocht a gcuid scoileanna – na hinstitiúidí poiblí is tábhachtaí chun an teanga agus an cultúr a chothú – a bhaint amach. Réitíonn sé seo an bealach le haghaidh comhairliúcháin thrípháirtigh idir an Rialtas feidearálach, na hAireachtaí Oideachais agus comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise, i dtreo lánbhainistíocht scoileanna na gcainteoirí Fraincise a bhunú i dtimpeallacht mhionlaigh i gCeanada. Ba chóir don tuarascáil seo, agus na trí aidhm atá aige, cabhrú le réiteach sásúil a fháil ar an gceist, agus líon na gcásanna dlí a chuirtear faoi bhráid chúirteanna Cheanada a íslíú.

Le himeacht aimsire, ba chóir do phlean straitéiseach agus comhtháthaithe gníomhaíochtaí nithiúla a mholadh chun na riachtanais seo a chomhlíonadh. Moltar, sna hailt seo a leanas, sé ghníomh chineálacha is féidir a chur le smaointe na dtuismitheoirí agus na CSFanna.

Ar an gcéad dul síos, ceadaíonn an tábhacht mhór a bhronnann na CSFanna ar ocht gcinn de na naoi riachtanas a bhaineann le ‘éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart’ agus le ‘srian a chur leis an gcomhshamhlú sa todhchaí’ straitéis dhá phointe a shamhlú chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Ar lámh amháin, **feachtas sainaitheantais, eolais agus feasachta i gcomhair na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu chun an t-oideachas as Fraincis a chur chun cinn agus iad a spreagadh chun a bpáistí a chlárú i scoileanna Fraincise. Ar an lámh eile, clár tacaíochta a chur ar bun do na tuismitheoirí sin, ach go háirithe do na tuismitheoirí eiseaghamacha, chun comhtháthú**

a gcuid páistí sa chóras scoile Fraincise a éascú; go sonrach, trí chláir nósanna Fraincise a spreagadh sula dtosaíonn siad ag dul ar scoil, litearthacht teaghlaiigh agus seirbhísí naíolanna, chomh maith le seirbhísí cúram leanaí agus naíonraí comhtháite lánaimseartha as Fraincis a chur ar fáil.

Ar an dara dul síos, cuireann an sainordú oideolaíoch ar leith agus an sainordú pobail sa bhreis, iallach ar na CSFanna agus ar a scoileanna, féidearthacht fhoirmle maoinithe i gceithre chéim a thairscint. Sa chéad áit, ba chóir do Rialtais na gCúigí **maoiniú speisialta láithreach a thairiscint chun éagóracha an ama atá thart a chur ina gceart agus srian a chur le comhshamhlú na gcainteoirí Fraincise.** Leanfadh sé de seo go ndéanfaí ionaid teagaisc a thógáil, chomh luath agus is féidir, sna pobail ina bhfuil dóthain daltaí a labhraíonn Fraincis, chomh maith le foirmle maoinithe chun an teagasc as Fraincis a chur chun cinn a chur os comhair na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu. Sa dara háit, **maoiniú cultúrtha a chur ar fáil a chabhróidh le comhionannas pobail na gcainteoirí Fraincise a bhaint amach i dtimpeallacht mhionlaigh agus ina bhfuil an Béarla i gceannas.** Leanfadh sé de seo go ndéanfaí deontais speisialta chun na cláir scolaíochta a chur in oiriúint do riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta phobail na gcainteoirí Fraincise a chur ar fáil, chomh maith le deontais le haghaidh cláir chultúrtha sna scoileanna Fraincise a fheidhmíonn mar “ionaid chultúrtha”¹⁶⁵ a sholáthar chun teanga agus cultúr na Fraincise a spreagadh. Sa tríú háit, **maoiniú oibríocháin in aghaidh an dalta a chur ar fáil a bheadh ar aon dul leis an maoiniú a chuirtear ar fáil don tromlach.** Chiallóidh sé seo, mar shampla, go mbeadh an tuarastal céanna ag múinteoir i scoil Fhraincise is a bheadh ag múinteoir i scoil Bhéarla. Ar deireadh, **maoiniú oibríocháin breise chun na costais fhorlíontacha a íoc** a bhíonn ag comhairlí scoile na gcainteoirí Fraincise de bharr na seirbhísí oideachais breise a shóláthraíonn siad do pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu. Mar shampla, bíonn leabhair agus lámhleabhair as Fraincis níos costasaí, go hiondúil, ná leabhair agus lámhleabhair as Béarla de bharr an chostais ard foilsithe a bhíonn

¹⁶⁵ Renvoi manitobain [1993], p. 855.

ann chun freastal ar lucht léitheoireachta níos lú. Dá bhrí sin, ba chóir foirme chomhionann i maoiniú – iomlán comhionann in aghaidh an dalta a labhraíonn Fraincis agus an dalta a labhraíonn Béarla – a sheachaint, rud a laghdódh líon na leabhair agus na lámhleabhair as Fraincis, agus ina háit, foimle chothromasach i maoiniú – an líon céanna leabhar agus lámhleabhar do na scoileanna Fraincise agus do na scoileanna Béarla – a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh maoiniú oibriúcháin breise do na costais a bhaineann le taisteal sna réigiúin iargúlta, agus don chaiteachas ar riarachán a thugtar de bharr an gá a bhíonn le líon mór bainisteoirí a bheith ann in aghaidh an dalta sna scoileanna beaga, na costais fhorlíontacha seo a chomhlíonadh.

Ar an trídú dul síos, **ba chóir do gach ceann de na CSFanna, chomh maith lena Rialtas Cúige agus Críche faoi seach teacht ar chomhréiteach maidir le roinnt cuí na gcumhachtaí bainistíochta i dtaca leis an teagasc as Fraincis.** Shonraíomar cheana féin gur bhronn an Chúirt Uachtarach seacht gcumhacht eisiacha ar na CSFanna, ach nach gcleachtaítear iad mar ba chóir. Feictear é seo go soiléir i gcás fhorbairt na gclár scolaíochta de réir riachtanas an mhionlaigh. Ceapann roinnt CSFanna go dtabharfaidh an Aireacht Oideachais aire don ghné seo, cé go dteastaíonn ó CSFanna eile monaplú iomlán a dhéanamh air. Is féidir tátal a bhaint as seo nach bhfuil foirme oibriúcháin amháin oiriúnach le haghaidh fhorbairt na tíre ar fad. Mar sin féin, is cur chuige inghlactha é prionsabal riaracháin na *coimhdeachta*: bheadh sé ciallmhar an lánbhainistíocht scoile a tharmligean chun na CSFanna, agus ligean do gach ceann acu siúd comhaontú a dhéanamh lena n-Aireachtaí Oideachais cuí, i dtreo freagracht maidir le forbairt cláir scolaíochta agus gach feidhmíúchán a fhágáil fúthu féin. Lena chois sin, d'fhéadfadh comhaontú den sórt sin bheith ar aon tráth le tréimhse an chomhaontaithe maidir leis an PLOE, sa chaoi is go ndéanfaí an dá chomhaontú a idirbheartú ag an am céanna. Is féidir an tagairt a dhéantar don choimhdeacht a mhíniú de bharr tráchttaireacht a foirmíodh den chéad uair i gcás *Mahé* (1987, lch. 537):
Aithním argóint na n-athchomharcóirí gurb é ionad faoi lánsmacht eisiach an ghrúpa atá i gceist an ráthaíocht is fearr in aghaidh an chomhshamhlaithe. Cuireann gach laghdú a thagann ar an gcumhacht eisiach sin saineúlacht na scoile i mbaol, agus ar a bharr sin, cuirtear i mbaol é de bharr dhrochtthionchar an tromlaigh neamhairdeallaigh, nó fiú, naimhdhig. Cinnte, ba

chóir gnéithe áirithe den smacht a ghéilleadh, mar a fheicimid níos déanaí, ach déanta na fírinne, d'fhéadfadh aon chaillteanas ó thaobh an smachta de an chumhacht chinnteoireachta a lagú agus ról deacair an fhorais a dhéanamh níos deacra fós.

Sa cheathrú dul síos, d'fhéadfadh comhaontú den sórt seo, bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta, feidhm a bheith aige i sainathint na riachtanas, i gcur i bhfeidhm an mhaoinithe cothroim agus i gcaiteachas an chiste de réir riachtanas an mhionlaigh agus na n-iarbhairtí scolaíochta. Go cruinn, **ba chóir do gach CSF a riachtanais scolaíochta agus para-scolaíochta a dhearbhu** (is féidir na fíorais a bailíodh le linn an taighde seo a úsáid ina chionn), **chomh maith leis na hiarmhairtí scolaíochta réamhfháisnéisithe agus an chiste riachtanach le hiad a chomhlíonadh, agus ina dhiaidh sin dul i gcomhairle lena hAireacht Oideachais chuí i dtreo teacht ar chomhréiteach faoi na riachtanais agus na hiarmhairtí scolaíochta chomh maith leis an gciste a bheidh ag teastáil le hiad a chomhlíonadh.** Níor chóir don CSF dearmad a dhéanamh “go bhfuil leas dlisteanach ag an gCúige in ábhar agus noirm cháilíochtúla na gclár scolaíochta le haghaidh phobail na dteangacha oifigiúla, agus is féidir leis cláir a fhorchur chomh fada is nach mbíonn drochtthionchar acu ar chúraimí teangeolaíochta cultúrtha dlisteanacha an mhionlaigh. Is féidir leis méid na scoileanna, na hionaid, cúrsaí taistil agus bailiú le chéile na ndaltaí a rialú, ach bíonn tionchar ag gach ceann de na gnéithe sin ar an teanga agus ar an gcultúr agus ba chóir iad a rialú ag tabhairt aird do chúinsí speisialta an mhionlaigh agus do chuspóir Airteagal 23”¹⁶⁶. Ó thaobh na nAireachtaí de, is gá dóibh cuimhneamh “gur chóir tús áite a thabhairt do thosaíochtaí an mhionlaigh toisc gurb iad siúd atá ag croílár an smachta bainistíochta atá bronnta in Airteagal 23 ar shealbhóirí na gcearta teanga mionlaigh agus ar a n-ionadaithe dlisteanacha.”¹⁶⁷ Mar sin, tá an lámh in uachtar ag na CSFanna, ach, é sin ráite, ní fhéadfadh siad aon dul chun cinn suntasach a dhéanamh gan comhoibriú na nAireachtaí Oideachais. Ba chóir na trí ghné seo den bhainistíocht scoile a rialú ar bhonn muinteartha chomh mór agus is féidir. An rogha eile atá ann ná leas a bhaint as modhanna breithiúnacha de réir Airteagal 24 den Charte. Ach cuirfeadh réiteach dá leithéid an t-am amú agus seans maith go ndéanfadh sé an scéal níos casta fós.

Dá bhrí sin, is féidir leis na CSFanna a neart a chur le chéile thart timpeall ar riachtanais choiteanna

¹⁶⁶ *Arsenault-Cameron* [2000], paragraf 53.

¹⁶⁷ *Ibid*, réamhrá.

éagsúla chun tús a chur leis an gcéad phróiseas pleanála straitéiseacha eile i gcomhar leis na hAireachtaí Oideachais, i gcompháirtíocht leis an Rialtas Feidearálach le cabhair idirghabhála a PLOE, chun an lánbhainistíocht scoile a bhaint amach faoi dheireadh thiar thall¹⁶⁸. Is cosúil go bhfuil uair na faille tagtha le haghaidh idirghabhála den sórt sin a dhéanamh, de bharr na gcinntí a rinne an Chúirt Uachtarach maidir le hAirteagal 23 agus mar gheall ar an bPlean gníomhachta atá leagtha amach do na teangacha oifigiúla. I bhfocail eile, ní tráth moille é.

Is léir, ag cuimhneamh ar na trí thuarascál eile a mhol réitigh ar aon dul lenar gcuid féin le déanaí, gur anois an t-am chun idirghabháil a dhéanamh. I dtús báire, tá Cónaidhm Chultúrtha Cheanada díreach tar éis torthaí a cuid taighde a fhoilsiú maidir leis an gcomhoibriú a d'fhéadfadh a bheith ann idir an scoil agus na healaíona chun pobal na gcainteoirí Fraincise i dtimpallacht mhionlaigh a chothú¹⁶⁹. Tugann sé le tuiscint gur féidir leis an scoil ról a imirt i gcur chun cinn na n-ealaíon agus na n-ealaíontóirí áitiúla trí iad a chomhtháthú sa churaclam agus trí chomhpháirtíocht a chothú idir an scoil agus eagraíochtaí ealaíne agus pobail. Ar a bharr sin, d'fhoilsigh Cónaidhm na Múinteoirí staidéar le déanaí a dhéanann cur síos ar na dúshláin agus na riachtanais atá ag pearsanra teagaisc na scoileanna Fraincise i dtimpallacht mhionlaigh¹⁷⁰. I measc rudaí eile, liostaíonn an staidéar cúig chineál dúshlán agus riachtanas suntasach atá an-chosúil leis na riachtanais ar leith a shonraigh na CSFanna agus atá luaite sa taighde s'againne: (1) timpeallacht cheannasach Bhéarla, (2) ganntanas acmhainní, (3) rath acadúil agus spreagthacht na ndaltaí, (4) caidreamh foirne agus coinníollacha fostaíochta, (5) cothromas idir cainteoirí Fraincise agus cainteoirí Béarla. Ar deireadh, d'fhoilsigh Coimisiún Náisiúnta na dTuismitheoirí a labhraíonn Fraincis, le roinnt míonna anuas, próifíl dhéimeatheangach do pháistí na ndaoine a bhfuil cearta acu a labhraíonn Fraincis de réir struchtúir an teaghlaigh¹⁷¹. Molann an taighde seo trí phlean gníomhaíochta atá ar aon dul leo siúd a mholtar sa tuarascáil s'againne: (1) feachtas feasachta a chur ar bun i gcomhair na ndaoine a bhfuil cearta acu, ach go háirithe, agus do phobal Cheanada go ginearálta, (2) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na tuismitheoirí eiseaghamacha agus (3) struchtúr fáilteach láidir dearfach a chur ar bun don pháiste. Tá na sonraí fós le forbairt, ach is cosúil go bhfuil an teagasc as Fraincis i dtimpallacht mhionlaigh i gcroílár scéimeanna roinnt mhaith eagraíochtaí eile, mar atá ag na

CSFanna. Is léir ón gcómhairliúchán a rinneamar leis na naoi n-eagraíocht phobail is daichead a bhfuil fonn orthu comhoibriú a dhéanamh.

Leanann ár gcúigiú conclúid ón gcomhlántacht agus ón tráthúlacht seo: **beidh leas le baint ag na CSFanna as dul i gcomhairle le heagraíochtaí eile atá ag obair ar mhaithe le forbairt phobail na gcainteoirí Fraincise i dtimpallacht mhionlaigh.** Tá sé soiléir go bhfuil tairbhe le baint as aontas comhlántach a bhunú idir na heagraíochtaí sin, agus an scoil mar phríomhinstitiúid chun an phobal a labhraíonn Fraincis a chothú. Is léir ó thorthaí ár gcómhairliúcháin go bhfuil súil ag na heagraíochtaí eile go mór leis go nglacfaidh na CSFanna páirt ghníomhach i bhforbairt ilréimseach na bpobal a labhraíonn Fraincis i dtimpallacht mhionlaigh. Thug formhór na n-eagraíochtaí cuireadh do na CSFanna páirt a ghlacadh i meicníochtaí dialóige an phobail a cheadódh plean gníomhaíochta ilréimseach a fhorbairt a bheadh maoinithe trí idirghabháil Chláir na dTeangacha Oifigiúla (PLO) nó boird fóraim dhíospóireachta faoin oideachas a thionól chun faisnéis agus pleananna gníomhaíochta a mhalartú le haidhm acmhainní agus smaointe cruthaitheacha a roinnt. Tá sé tráthúil go dtiocfadh na CSFanna agus na heagraíochtaí pobail eile le chéile chun ról na scoile a phlé mar ghléas forbartha pobail. D'fhéadfadh sé seo tarlú ar leibhéal náisiúnta, trí Chomhdháil Náisiúnta faoin oideachas i dtimpallacht mhionlaigh a eagrú, chomh maith le comhdháil a chur ar bun i ngach ceann de thríocha ceantar scoile na gcainteoirí Fraincise.

Mar sin, i dteannta na n-iarmhairtí scolaíochta atá bunaithe ag na hAireachtaí Oideachais agus na CSFanna, d'fhéadfaí iarmhairtí para-scolaíochta a bheadh bunaithe ag an bpobal agus ag a chuid CSFanna a ghnóthú freisin. Ba chóir do na CSFanna agus do na heagraíochtaí pobail eile torthaí “pobail” a leagan amach as lámha a chéile, go háirithe maidir leis an tsainiúlacht a bhaineann le labhairt na Fraincise agus an dinimeachas pobail, agus meáchan a thabhairt dóibh ag brath ar na hiarmhairtí “scolaíochta” bunaithe.

Ar deireadh, **ba chóir do na CSFanna costas cruinn a riachtanais tosaíochta a dhearbhu i dtreo iad a chur faoi bhráid na n-údarás Cúige agus Feidearálach atá freagrach as na Comhaontaithe PLOE.** Ní rabhamar in ann caipitliú den infheistíocht a bhfuil gá leis a mholadh, toisc nár shonraigh ach leath de na CSFanna na neaschostais a bheadh acu chun a

¹⁶⁸ Chuirge seo tugadh faoina lán réamhsaothar eile ó cuireadh la Fédération nationale des conseils scolaires francophones, mar atá l'Etude concernant une stratégie nationale en matière de ressources pédagogiques (Ottawa: FNCSF, Eanáir 2003).

¹⁶⁹ Etudes sur le lien langue-culturelle-education en milieu minoritaire francophone. Ottawa, Fédération culturelle canadienne-française, 15 Aibreán 2004.

¹⁷⁰ Le personnel enseignant face au défi de l'enseignement en milieu minoritaire. Ottawa, Cónaidhm Mhúinteoirí Cheanada, Bealtaine 2004.

¹⁷¹ Libérer le potentiel caché de l'exogamie. Ottawa, Coimisiún Náisiúnta de Thuismitheoirí ar Chainteoirí Fraincise iad agus Institiúid Cheanadach Taighde ar Mhionlaigh Theangeolaíochta, Deireadh Fómhair 2003.

riachtanais tosaíochta cuí a chomhlíonadh. Ar a bharr sin, shonraigh a lán CSFanna na riachtanais tosaíochta chéanna, cosúil le feachtais sainaitheantais agus earcú na dtuismitheoirí a bhfuil cearta acu, rud a d'fhéadfadh costais a laghdú dá gcuirfí i ngníomh iad i dteannta a chéile; mar shampla, feachtas feasachta a bhainfeadh úsáid as meáin chumarsáide cosúil leis an teilifís agus an raidió. Chabhródh an beart seo leis na CSFanna a aithint a bhfuil súil acu páirt a ghlacadh i dtionscadal Pan-Cheanadach agus iad siúd atá ag iarraidh a riachtanais a chomhlíonadh as a stuaim féin. Cheadódh sé freisin na suimeanna riachtanacha le haghaidh comhlíonadh na riachtanas sin a shocrú go daingean¹⁷².

I ndiaidh na bearta seo a chur i ngníomh, d'fhéadfaí lánbhainistíocht scoile na gcainteoirí Fraincise i dtimpeallacht mhionlaigh a shainmhíniú agus a chur ar bun. Déanta na fírinne, dhéanfaidh cur i ngníomh na mbeart seo an coincheap seo a shainmhíniú i bhfad níos fearr ná a dhéanfaidh aon sainmhíniú teoiriciúil¹⁷³. Mar sin féin, chun tús a chur leis an obair, molfaimid an sainmhíniú sealadach seo a leanas:

Cur i bhfeidhm comhairle scoile na gcainteoirí Fraincise, aontacht atá réasúnta neamhspleách ón Stát Cúige/Críche dá smacht eisiach ar: **1.** sainaithint na riachtanas atá ag na cainteoirí Fraincise, **2.** caiteachas réamhfháisnéisithe ar theagasc agus ar ionaid scoile **3.** earcú agus leithdháileadh na bpearsana teagaisc **4.** ainmniú agus teorú na bpearsana riaracháin **5.** bunú na gclár scolaíochta **6.** comhaontuithe a dhéanamh maidir le teagasc agus na seirbhísí eile atá curtha ar fáil **7.** suíomh scoileanna an mhionlaigh a shocrú chun (a) oideachas d'ardchaighdeán, (b) marthanacht an phobail, a theanga agus a chultúir, atá faoina gcúram agus, (c) aontas Cheanada a chinntiú.

Réitíonn an sainmhíniú seo an bealach i dtreo míniú a thabhairt ar an gcoincheap. Ar dtús, is aontachtaí riaracháin iad na CSFanna a chruthaigh an Stát cúige/críche, ach tá stádas ar leith acu bheith mar “rialtais scoile ag an mionlach agus ar son an mhionlaigh”. Ina dhiaidh sin, tá ceart láithreach ag na CSFanna i dtaca le lánbhainistíocht scoile, fiú más gá cuid de na seacht ngníomhaíocht eisiacha a tharmligeann chun na hAireachta Oideachais. Ar deireadh, tá sainordú oideolaíoch ag na CSFanna agus a scoileanna atá ag an am céanna díreach cosúil agus difriúil le sainordú comhairlí scoile agus scoileanna na gcainteoirí Béarla, chomh maith le sainordú cultúrtha agus pobail, agus sainordú polaitiúil bunúsach.

¹⁷² Is fiú a chur san áireamh gur threoraigh Grúpáil na mbord scoile an chéad iarracht chun na costais infreastructúir a shocrú in 2003 (*Les infrastructures scolaires de langue française en milieu minoritaire*. Ottawa: Grúpáil na mbord scoile, Eanáir).

¹⁷³ Cuireann Girard (1987) síos go han-soiléir ar nádúr agus ar ghnéithe éagsúla bainistíochta scoile.

Leabharliosta

Allhardt, E. (1984) "What constitutes a language minority?" *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, vol. 5, p. 193-205.

Bourgeois, D. (2003) *Le conseil scolaire: modèle et symbole de gouverne minoritaire*. Allocution présentée à l'Assemblée générale annuelle de la Fédération nationale des conseils scolaires francophones, Moncton, 7 novembre. (1995) "La décentralisation administrative de 1992 au Nouveau-Brunswick et le contrôle du territoire". *Égalité*, no. 38 (automne), p. 59-97.

Behiels, M. (2004) *Canada's Francophone Minority Communities: Constitutional Renewal and the Winning of School Governance*. Montreal and Kingston: McGill-Queen's University Press.

Breton, R. (1964) "Institutional completeness of ethnic communities and the personal relations of immigrants" *American Journal of Sociology*, vol. 70, p. 193-205.

Carey, S. (1987) *Le débat sur l'école française et l'école d'immersion dans l'Ouest*. Winnipeg: Centre de recherches du Collège de Saint-Boniface.

Commission nationale des parents francophones (1996) *Où sont passés les milliards?: Étude sur la répartition des subventions du Programme des langues officielles en enseignement, 1970-71 à 1995-96*. Ottawa, octobre.

Commission royale d'enquête sur le bilinguisme et le biculturalisme (1965) *Rapport préliminaire*. Ottawa: Imprimeur de la Reine. (1967) *Les langues officielles*. Ottawa: Imprimeur de la Reine. (1967) *L'éducation*. Ottawa: Imprimeur de la Reine.

Cummins, J. (1989) *Empowering Minority Students*. Sacramento: California Association for Bilingual Education. (1978) "Educational implications of mother tongue maintenance in minority language groups". *Canadian Modern Language Review*, vol. 34, p. 395-416.

deVries, J. (1984) "Factors affecting the survival of minorities: A preliminary comparative analysis of data for Western Europe" *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, vol. 5, p. 207-216.

Giles, H., R. Bourhis et D.M. Taylor (1977) "Toward a theory of language in ethnic group relations" "Language, ethnicity and intergroup relations (sous la direction de H. Giles). New York: Academic Press, p. 307-348.

Fishman, J. (1989) *Language and ethnicity in minority sociolinguistic perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.

Girard, H. (1987) "L'administration scolaire: champ d'étude ou science". *Administration scolaire – théorie et pratique* (sous la direction de C. Barnabé et H. Girard). Chicoutimi: gaëtan morin éditeur, pp. 3-12.

Hébert, R. (1976) *Rendement académique et langue d'enseignement chez les élèves franco-manitobains*. Saint-Boniface: Centre de recherches du Collège de Saint-Boniface.

Hoehn, F. (1997) *Municipalities and Canadian Law*. Saskatoon: Purich Publishing.

Landry, R. (2003) *Libérer le potentiel caché de l'exogamie: Profil démolinguistique des enfants des ayants droit francophones selon la structure familiale*. Ottawa: Commission nationale des parents francophones, octobre. (1995) "La présent et l'avenir des nouvelles générations d'apprenants dans nos écoles françaises". *Éducation et francophonie*, vol. 22., p. 13-22. (1993) "Déterminisme et détermination: vers une pédagogie et l'excellence en milieu minoritaire" *Revue canadienne des langues vivantes*, vol. 49, p. 887-927.

Landry R. et R. Allard (1996) "Vitalité ethnolinguistique: une perspective dans l'étude de la francophonie canadienne". De la polyphonie à la symphonie (sous la direction de J. Erfurt). Leipzig: Leipziger Universitätsverlag, p. 61-88. (1993) "Beyond socially naive bilingual education: The effects of schooling and ethnolinguistic vitality on additive and subtractive bilingualism". *Annual Conference Journal of the National Association for Bilingual Education*, p.1-30. (1988) "L'assimilation linguistique des francophones hors Québec, le défi de l'école française et le problème de l'unité nationale". *Revue de l'Association canadienne d'éducation de langue française*, vol. 16, p. 38-53.

Landry R. et S. Rousselle (2003) *Éducation et droits collectifs: Au-delà de l'article 23 de la Charte*. Moncton: Les éditions de la francophonie.

Magnet, J.E. (1995) *Official Languages of Canada*. Cowansville: Éditions Yvon Blais.

Ninyoles, R. (1969) *Conflicte lingüístic valencià*. Tres, Quatre.

Paillé, M. (1991) *Les écoliers du Canada admissibles à recevoir leur instruction en français ou en anglais*. Québec: Conseil de la langue française.

Proulx, J.-P. (1989) "Le choc des Chartes: histoire des régimes juridiques québécois et canadien en matière de langue d'enseignement", *R.J.T.*, v. 23, 65.

Pinker, S. (1994) *The Language Instinct*. New York: William Morrow and co.

Reid, S. (1993) *Lament for a Nation*. Vancouver: Arsenal Pulp Press.

Willig, A.C. (1985) "A meta-analysis of selected studies on the effectiveness of bilingual education". *Review of Educational Research*, vol. 55, 269-317.

Summary

This report sets out the main schooling and paraschooling needs of the school councils which operate on behalf of French speakers in areas in Canada in which English is the majority language. In all, there are thirty councils active in nine provinces and three territories.

There are three aims in addressing these needs. Firstly, to translate the provisions of Article 23 of the *Charte Canadienne des droits et libertés* (the *Canadian Charter of rights and freedoms*) into practical administrative activities which will provide school management for French speakers in a minority environment.

Secondly, to enable parents, the communities and the school councils for French speakers (known as 'SCFs') to progress to full management of their schools - the most important institutions in the dissemination of their language and their culture.

Finally, to establish a tripartite advisory process between the Federal Government, the Education ministries and the school councils of the French speakers.

This report is divided into two parts. The first part explains the historical and political context behind Article 23 and the jurisprudence that relates to it from 1982 onwards. The second part outlines the schooling and paraschooling needs which have to be fulfilled before full school management for French speakers can be achieved. The fifty most important needs of the councils are identified in the context of that jurisprudence.

There are eleven principles in this jurisprudence, which can be divided into four sections. First, the Political section is defined by four core principles:

- Rectifying the injustices of the past and curbing the decline of the minority;
- Ensuring equality between the two official language communities;
- Establishing the school councils as a specific class of 'government';

- Outlining the responsibilities of the Government of the Provinces.

The Community section has as its central aim the establishment of French schools as instruments for developing the community. There are two legal principles here:

- Establishing specific schools for French speakers;
- Ensuring that schools are a cultural centre for the French language community.

The Educational section seeks to establish school programmes which respond to the needs of the minority, guided by three legal principles:

- Defining the needs of the French-speaking community;
- Establishing schooling programmes according to the needs of the minority;
- Assessing the equality of the outcomes.

Finally, the Administrative section relates to the management of financial, material and human resources. Here, two principles apply:

- Equitable funding and expenditure according to needs;
- Defining the exclusive powers of the SCFs.

Forty-nine of the fifty specific needs defined by the thirty SCFs during the research can be defended according to one or some of the legal principles. Even so, the SCFs have emphasised the following key requirements:

- Building of new schools;
 - Restoration and repair of existing schools;
 - Familiarising pre-school children with French customs;
 - Developing the linguistic ability of pupils;
 - Providing information and support for non-French-speaking parents;
 - Nursery services and the care of children;
 - Second level programmes;
 - Recruitment of regular teaching personnel;
 - Recruitment of specialised teaching personnel;
 - Recruitment of administrative personnel;
 - Specialised services in French;
-

- The promotion of French-speaking schools; and
- Identifying relevant rights.

On top of that, emphasis was placed on the community's legal principle of "schools as cultural centres for French speakers", because the SCFs wanted to refine the community organisations' perception of their role and that of schools in a minority environment.

Consultations carried out with the community bodies revealed that:

1. These organisations hope that SCFs will have a more active role in the French-speaking communities to which they belong, where the school may be the central institution for French speakers.
2. This role should be fulfilled by cooperating with other community organisations and should not cut across existing initiatives.
3. SCFs should take part in community development:
 - To educate, to inspire and to share their centres with the community
 - To integrate young children in the education system
 - To incorporate culture and the arts in the schooling programme
 - To function as an information and communication agency
4. For the SCFs to be fully involved in community development, these steps are necessary:
 - An affirmation of the role of the SCFs and of the other organisations;
 - Mutual co-operation in concrete projects;
 - Integration of programmes which enhance community progress;
 - Regular meetings and a positive, complementary approach;
 - An emphasis on reciprocal relationships on the part of the organisations' managements;
 - The establishment of a consultation forum on education in every school district;
 - Attracting the widest possible constituency, particularly exogamous parents;
 - The integration of every aspect of education (pre-school, primary and secondary);
 - Deployment of a co-ordinator to integrate the community in the curriculum and the

school in the community;

- Integrating culture and the arts in the curriculum and in paraschool activities; and
- Making school sites available to the voluntary community organisations (or establishing school and community centres in every French-speaking school.)

To fulfil the SCFs own mandate, the following elements are key:

1. An information and awareness campaign aimed at entitled parents to promote education through French and to encourage them to register their children in French-speaking schools, and to support those parents, particularly exogamous couples, in integrating their children into the French speaking school system.
2. A funding package with four elements:
 - i. Immediate special funding to rectify past injustices and to curb the assimilation of the French speakers
 - ii. Cultural funding which will contribute to the equality of the minority French-speaking community where English is the dominant language
 - iii. Funding for French-speaking pupils on a par with the provision for pupils of the majority
 - iv. Funding to pay any additional running costs.
3. Agreement must be reached with all the SCFs and their Provincial and Territorial Government on the distribution of responsibility for the teaching of French.
4. Each SCF must outline its schooling and paraschooling needs, its targeted results and funding requirements, and consult the relevant Education Ministries in relation to those matters.
5. The SCFs should consult with other organisations working to assist French speakers in minority environments.
6. Finally, the SCFs must convey their priorities to the provincial and federal authorities who are responsible for the PLOE agreement.

This strategy will facilitate the proper management

of schools for the French-speaking community in a minority environment, which we can define provisionally in these terms:

The establishment of an independent school council for French speakers, which would have sole responsibility for:

1. Identifying the needs of French speakers;
 2. Budgeting expenditure for teaching and school centres;
 3. Recruiting and allocating of teaching personnel;
 4. Placing administrative personnel;
 5. Establishing the schooling programme;
 6. Concluding agreements on teaching and the other services which are provided; and
 7. Deciding on the location of the minority schools to ensure (a) an education of a high standard (b) the continued development of the community, its language and its culture, which is under their responsibility and (c) the unity of the people of Canada.
-

